



An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025  
(OR. en)

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0143(NLE)**

---

---

**9591/25  
ADD 1**

**ECOFIN 637  
UEM 186  
FIN 599  
ECB  
EIB**

## **NÓTA**

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an gCINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an iarscríbhinn thuasluaite a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme leasaitheach ón gComhairle.

## IARSCRÍBHINN

### **ROINN 1: ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOIN BPLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA**

#### **Tuairisc ar Athchóirithe agus Infheistíochtaí**

#### **A. COMHPHÁIRT 1: FUINNEAMH IN-ATHNUAITE AGUS ÉIFEACTÚLACHT FUINNIMH**

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tugtar aghaidh ar roinnt dúshlán atá roimh tháirgeoirí agus tomhaltóirí fuinnimh in-athnuaithe sa tSlóivéin, chomh maith le seanchórais téimh ceantair neamhéifeachtúla, cailteanais sa chóras dáileacháin leictreachais, agus úsáid theoranta córas bainistíochta fuinnimh.

Is iad cuspóirí na comhpháirte úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaithe a mhéadú, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Áirítear ar na hathchóirithe a thacaíonn leis na hinfeistíochtaí athruithe rialála chun acmhainneacht táirgthe fuinnimh in-athnuaithe a scaoileadh, an eangach leictreachais a neartú, agus éifeachtúlacht fuinnimh sa gheilleagar a fheabhsú. Baineann na hinfeistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na hathchóirithe sin le sciar an leictreachais ó fhoinsí in-athnuaithe fuinnimh a mhéadú, cailteanais ar an eangach leictreachais a laghdú, agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn sa tionsclaíocht.

Rannchuideoidh na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin leis na Moltaí Tír-Shonracha atá dírithe ar an tSlóivéin le dhá bhliain anuas chun ‘beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar [...] an aistriú ísealcharbóin agus fuinnimh (Moladh Sonrach Tír 3, 2019) agus chun ‘díriú ar infheistíochtaí don aistriú [...] glas, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, ar bhonneagar comhshaoil’ (Moladh Sonrach Tír 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

#### **A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

##### Athchóiriú A: Athchóiriú ar chur chun cinn foinsí in-athnuaithe fuinnimh sa tSlóivéin

Is é cuspóir an athchóirithe dlús a chur le leathadh amach na dteicneolaíochtaí in-athnuaithe in earnáil an leictreachais. Tacóidh an t-athchóiriú freisin leis an rannchuidiú náisiúnta le sprioc an Aontais maidir le foinsí in-athnuaithe fuinnimh.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme trí theacht i bhfeidhm an Dlí maidir le hÚsáid Fuinnimh ó Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaithe a Chur Chun Cinn. Tacóidh an Dlí le dlús a chur le tionscadail bhreise fuinnimh in-athnuaithe agus le teacht chun cinn na dtionscadal sin trí bhacainní dlíthiúla agus riaracháin áirithe a bhaint, i réimse na pleanála spásúlachta, agus trí phointe teagmhála aonair a bhunú

chun cabhrú le custaiméirí i ngach nós imeachta chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil agus a oibriú. Cuirfear san áireamh san athchóiriú freisin torthaí mapála bithéagsúlachta ar acmhainneacht foinsí in-athnuaite fuinnimh ar fud chríoch iomlán Phoblacht na Slóivéine.

Tabharfar na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

### Athchóiriú C: Éifeachtúlacht fuinnimh sa gheilleagar

Is é is cuspóir don athchóiriú acmhainneacht éifeachtúlachta fuinnimh na tionsclaíochta sa tSlóivéin a mhéadú.

Leis an athchóiriú, cuirfear digitiú an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn. Déanfar foráil i bPlean Gníomhaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhainistiú sa gheilleagar maidir le modh digitithe a thabhairt isteach chun sonraí maidir le hiniúchtaí fuinnimh arna ndéanamh ag fiontair a thuairisciú, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar choigilteas fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann agus a baineadh amach. Bainfidh fiontair atá faoi réir oibleagáid iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh faoin Acht um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus fiontair nach bhfuil faoi réir an Achta faoi láthair úsáid as an modh tuairiscithe digitithe. Déanfar foráil sa Phlean Gníomhaíochta freisin go n-áireofar sna hinstiúidí ábhartha ceanglas maidir le tuairisciú agus cur chun feidhme iniúchtaí fuinnimh d'fhiontair a thairbhíonn de thacaíocht d'fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh.

Is é is aidhm don athchóiriú tuairisciú sonraí ag fiontair trí dhigitiú a éascú, chomh maith le tuairisciú agus faireachán sonraí i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh a fheabhsú agus a chomhchuíbhíú, rud a fhágfaidh gur féidir meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar thionchar na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh.

Tabharfar na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

### Infheistíocht D: Athstruchtúrú fuinneamhéifeachtúil ar chórais téimh ceantair trí úsáid a bhaint as foinsí in-athnuaite

Is é cuspóir na hinfeistíochta sin éifeachtúlacht fuinnimh na gcóras téimh ceantair a mhéadú. Thángthas ar an gconclúid i measúnú a rinneadh in 2017 nár cháiligh ach thart ar dhá thrian de na córais téimh ceantair mar chórais atá tíosach ar fhuinneamh.

Leis an infheistíocht sin, méadófar éifeachtúlacht fuinnimh na gcóras téimh ceantair trí 6 MW breise d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite sna córais téimh ceantair. Cuirfear an infheistíocht chun feidhme trí ghlao ar thograí a seoladh in 2022 agus eisíofar léi úsáid bithmhaise de shárú ar cheanglais Threoir (AE) 2018/2001.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01). Go háirithe, ní úsáidfidh uasghrádú an chórais téimh ceantair éifeachtúil breoslaí iontaise mar fhoinsé teasa ach beidh sé ag brath go hiomlán ar fhoinsí in-athnuaite

Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht F: An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (stáisiúin thrasnacha agus gréasán ísealvoltais)

Is é cuspóir na hinfheistíochta an gréasán dáileacháin leictreachais a nuachóiriú i gcomhréir leis an méadú atá ag teacht ar an ídiú leictreachais in-athnuaite agus nascadh suiteálacha giniúna fuinnimh in-athnuaite, teaschaidéil agus pointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha a chumasú.

Is éard atá san infheistíocht teacht i bhfeidhm 838 stáisiún claochladáin nua agus teacht i bhfeidhm líonra nua dáileacháin ísealvoltais 260 ciliméadar ar a laghad.

Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

**A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cus póir	Ráithe	Bhliain	
1	A: Athchóiriú ar chur chun cinn foinsí in-athnuaite fuinnimh sa tSlóivéin	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta maidir le hÚsáid Fuinnimh ó Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite a Chur Chun Cinn	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Achta maidir le hÚsáid Fuinnimh ó Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite a Chur Chun Cinn				R2	2022	Leis an nGníomh, rialófar úsáid foinsí inathnuaite fuinnimh ag an stát agus ag na bardais agus leagfar síos sprioc cheangailteach maidir le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí inathnuaite san olltomhaltas deiridh i bPoblacht na Slóivéine. Sonrófar ann bearta chun an sprioc sin a bhaint amach agus na modhanna chun iad a mhaoiniú, lena n-áirítear nósanna imeachta ceada agus údaraithe a ghiorrú chun suiteálacha giniúna fuinnimh inathnuaite (grianfhuinneamh agus gaoth) de gach méid a shuiteáil, a nascadh agus a oibriú. Go háirithe, cuirfidh sé chun feidhme na moltaí a eascraíonn as cúnamh teicniúil leanúnach maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le pleanáil spásúil gléasraí cumhachta gaoithe, arna maoiniú faoin Ionstraim um Thacaíocht

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Theicniúil. Áireofar ann freisin ráthaíochtaí tionscnaimh d'fhuinneamh ó fhoinsí inathnuaite san earnáil téimh agus fuaraithe agus iompair, nósanna imeachta riaracháin agus faisnéis do shuiteálaithe agus oiliúint dóibh. Bunóidh sé pointe teagmhála aonair d'infheisteoirí i suiteálacha giniúna.
2	A: Athchóiriú ar chur chun cinn foinsí inathnuaite fuinnimh sa tSlóivéin	Garsprioc	Tá pointe aonair oibríochtúil chun tacú le hinfeisteoirí formheas a fháil chun suiteálacha giniúna a shuiteáil agus a nascadh le foinsí fuinnimh inathnuaite	Tá an pointe teagmhála aonair oibríochtúil				R4	2022	Treoraíonn an pointe teagmhála infheisteoirí trí iarratais ar cheadúnais agus trí ghníomhartha eile agus cuidíonn sé leis an bpróiseas riaracháin ar fad. Arna iarraidh sin don iarratasóir, treoróidh an pointe teagmhála iarratais ar údaruithe agus ar ghníomhartha eile agus tabharfaidh sé cúnaimh don iarratasóir le linn an nós imeachta riaracháin.
3	A: Athchóiriú ar chur chun cinn foinsí inathnuaite	Cuspóir sonrath	Nascadh saoráidí féinsoláthair a ghiorrú agus a		Líon (laethanta)	60	30	R4	2024	Déanfar foráil sa Ghníomh maidir le hÚsáid Fuinnimh ó Fhoinsí Fuinnimh Inathnuaite a Chur Chun Cinn maidir le huastréimhse ama 30 lá chun suiteálacha a nascadh.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	fuinnimh sa tSlóivéin		shimpliú suas le 20 kW							
4	D: Athstruchtúruí fuinneamhéifeachtúil ar chórais téimh ceantair trí úsáid a bhaint as foinsí in-athnuaite	Garsprioc	Glaobair ar thograí a sheoladh le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite i gcórais téimh ceantair	Foilsíodh an glao ar thograí				R4	2022	Glaobair ar thograí a seoladh le haghaidh infheistíochtaí lena méadaítear sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcórais téimh ceantair. Beidh an glao ar oscailt go dtí go mbeidh an clúdach buiséadach ídithe. Áiríteofar leis na critéir roghnúcháin/incháilitheachta go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus go háirithe go gcomhlíonfaidh na córais téimh ceantair athstruchtúraithe Treoir 2012/27/AE; agus, i gcás úsáid bhithmhaise, go mbeidh an bhithmhais i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001.
5	D: Athstruchtúruí fuinneamhéifeachtúil ar chórais téimh ceantair trí úsáid a bhaint	Cuspóir sonrach	Acmhainneacht bhreise foinsí fuinnimh in-athnuaite i gcórais téimh ceantair		Líon (MW)	0	6	R2	2026	Tionscadail a cuireadh i gcrích le haghaidh acmhainneacht bhreise foinsí fuinnimh in-athnuaite i gcórais téimh ceantair.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	as foinsí in-athnuaite									
6	F: An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (stáisiúin thrasnacha)	Garsprioc	Oscailt glao ar thograí le haghaidh stáisiúin claochladáin leictreachais	Foilsíú an ghlaio ar thograí				R4	2022	Oscailt glao ar thograí chun stáisiúin chlaochladáin a thógáil. Beidh an glao ar oscailt go dtí go mbeidh an clúdach buiséadach ídithe. Áiríteofar leis an nglao go háirithe critéir maidir le comhtháthú éifeachtach saoráidí táirgthe agus stórála fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha. Sa bhreis ar na rialacha éigeantacha náisiúnta agus Eorpacha uile lena leagtar síos ceanglais maidir le hidirghabhálacha tógála agus comhshaoil, áiríteofar leis na critéir roghnúcháin/incháilitheachta go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).
7	F: An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (stáisiúin thrasnacha)	Cuspóir sonrath	Líon na stáisiún claochladán leictreachais nua atá á n-oibriú		Líon	0	838	R2	2026	Beidh 838 stáisiún claochladán leictreachais nua oibríochtúil.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	agus gréasán ísealvoltais)									
7bis	F: An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (stáisiúin thrasnacha agus gréasán ísealvoltais)	Cuspóir sonrath	Fad an ghréasáin dáileacháin oibríochtúil (gréasán ísealvoltais)		Líon (km)	0	260	R2	2026	Beidh ar a laghad 260 km de ghréasán dáilte ísealvoltais nua oibríochtúil.
8	C: Éifeachtúlacht fuinnimh sa gheilleagar	Garsprioc	Plean Gníomhaíocht a chun éifeachtúlacht fuinnimh sa gheilleagar a bhainistiú	Plean Gníomhaíochta a ghlacadh chun éifeachtúlacht fuinnimh sa gheilleagar a bhainistiú				R4	2023	Déanfar foráil sa Phlean Gníomhaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhainistiú sa gheilleagar maidir le modh digitithe a thabhairt isteach chun sonraí maidir le hiniúchtaí fuinnimh arna ndéanamh ag frontair a thuairisciú, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar choigilteas fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann agus a baineadh amach. Déanfar foráil sa Phlean Gníomhaíochta freisin go n-áireofar sna hinstiúidí ábhartha ceanglas maidir le tuairisciú agus cur chun feidhme iniúchtaí fuinnimh d'fhiontair a thairbhíonn de thacaíocht d'fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh.

### **A.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta**

#### Athchóiriú B: Athchóiriú ar an soláthar leictreachais chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn

Is iad cuspóirí an athchóirithe feabhas a chur ar chomhtháthú líonra suiteálacha fuinnimh in-athnuaite agus ar an bhfreagairt don éileamh.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm an Achta um Sholáthar Leictreachais, lena ndéanfar foráil maidir le bearta chun oibriú slán na n-eangach a áirithiú, lena n-áirítear seirbhísí líonra cliste a chur in úsáid, chomh maith le bearta chun acmhainneacht nua a nascadh, lena n-áirítear freagairt don éileamh agus saoráidí stórála fuinnimh.

Tabharfar na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht E: Táirgeadh leictreachais ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh

Is é cuspóir na hinfheistíochta acmhainneacht táirgeachta nua cumhachta in-athnuaite a shuiteáil trí ghlaio iomaíoch atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ar thograí idir teicneolaíochtaí éagsúla (geiteirmeach agus hidreachumhacht), agus teicneolaíocht ghréine le haghaidh foirgnimh phoiblí. Áiritheofar leis an nglao ar thograí go gcomhlíonfar an treoir theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) do thionscadail roghnaithe trína cheangal go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta agus Caibidil 4.5 ‘Monarú leictreachais hidreachumhachta’ (Iarscríbhinn I Rialachán Tarmiligthe (AE) (C(2021) 2800 final) ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 maidir le Tacsanomaíocht).

Is éard a bheidh san infheistíocht deontais chun na suiteálacha roghnaithe a thógáil, agus é mar chuspóir 30 MW d’acmhainneacht táirgeachta cumhachta in-athnuaite a shuiteáil, nó an t-uasmhéid atá comhoiriúnach leis an nglao a choinneáil i ndálaí iomaíocha.

Tá coinne leis nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na garspriocanna agus na spriocanna atá le comhlíonadh ag an tSlóivéin á gcur san áireamh. Go háirithe, léireofar go bhfuil na forálacha dlíthiúla a bhfuil feidhm acu á gcomhlíonadh go hiomlán agus go substainteach. Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht F: An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (gréasán ísealvoltais)

Is é cuspóir na hinfheistíochta an gréasán dáileacháin leictreachais a nuachóiriú i gcomhréir leis an méadú atá ag teacht ar an ídiú leictreachais in-athnuaite, agus nascadh suiteálacha giniúna fuinnimh in-athnuaite, teaschaidéil agus pointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha a chumasú.

Is éard atá san infheistíocht teacht i bhfeidhm líonra nua ísealvoltais atá 193 chiliméadar ar a laghad ar fad.

Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

**A.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
13	B: Athchóiriú ar an soláthar leictreachais chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm Acht Soláthair an Leictreachais	Foráil sa dlí a léiríonn teacht i bhfeidhm an Achta um Sholáthar Leictreachais				R2	2022	Leagfar síos leis an Acht nua um Sholáthar Leictreachais na rialacha maidir le feidhmiú an mhargaidh leictreachais, maidir le táirgeadh, tarchur, dáileadh, stóráil agus soláthar leictreachais, mar aon le forálacha chun custaiméirí deiridh a chosaint, módúlachtaí agus foirmeacha soláthair fiontás i dtarchur agus i ndáileadh leictreachais agus margadh an leictreachais, prionsabail agus bearta chun slándáil an tsoláthair leictreachais a bhaint amach, bearta chun bochtaineacht fuinnimh a chosaint agus saincheisteanna eile a bhaineann le soláthar leictreachais.
14	B: Athchóiriú ar an soláthar leictreachais chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn	Cuspóir sonrath	Cumhacht bhreise gléasraí cumhachta féinsoláthair in-athnuaite nua nasctha agus ag oibriú		Líon (MW)	0	55	R4	2025	Is é sin an acmhainneacht bhreise atá ag gléasraí giniúna nua, nasctha agus oibríochtúla le haghaidh féinsoláthair. Táthar ag súil go gcuirfear a dtógáil, a gceangal agus a dteacht i ngníomh chun cinn trí theacht i bhfeidhm Acht Soláthair an Leictreachais.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
15	E: Táirgeadh leictreachais ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain do shuiteálacha nua a ghineann foinsí fuinnimh in-athnuaite	Dámhachtainí a chur in iúl				R4	2024	<p>Dámhachtainí a chur in iúl chun cómhaoiniú a dhéanamh ar thógáil suiteálacha nua lena ngintear foinsí fuinnimh in-athnuaite (hidreachumhacht, teicneolaíocht gheoiteirmeach nó gréine le haghaidh foirgnimh phoiblí).</p> <p>Áiritheofar leis an nglao ar thograí go gcomhlíonfar an treoir theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) do thionscadail roghnaithe trína cheangal go gcomhlíonfar reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta agus Caibidil 4.5 ‘Monarú leictreachais hidreachumhachta’ (Iarscríbhinn I Rialachán Tarmligthe (AE) (C(2021) 2800 final) ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 maidir le Tacsanomaíocht).</p>
16	E: Táirgeadh leictreachais ó fhoinsí	Cuspóir sonrath	Cumhacht bhreise ó shuiteálacha nua		Líon (MW)	0	30	R2	2026	30 MW d’acmhainneacht leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite atá i bhfeidhm, nó an

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	inathnuaite fuinnimh		giniúna leictreachais in-athnuaite							t-uasmhéid atá comhoiriúnach leis an nglao faoi gharsprioc 15.
17	F: An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú a thuilleadh	Garsprioc	Oscailt glao ar thograí le haghaidh líonra nua dáileacháin ísealvoltais	Foilsíú an ghlaio ar thograí				R4	2022	Osclaíodh glao ar thograí chun líonra dáileacháin ísealvoltais nua a thógáil. Beidh an glao ar oscailt go dtí go mbeidh an clúdach buiséadach ídithe. Beidh sé d'aidhm ag na tionscadail táirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus saoráidí stórála a chomhtháthú go héifeachtach leis an ngréasán dáileacháin leictreachais, lena n-áirítear pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha. Sa bhreis ar na rialacha éigeantacha náisiúnta agus Eorpacha uile lena leagtar síos ceanglais maidir le hidirghabhálacha tógála agus comhshaoil, áiríteofar leis na critéir roghnúcháin/incháilitheachta go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01). Leis na hinfeistíochtaí, neartófar an gréasán dáileacháin, feabhsófar a

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										acmhainneacht agus a inoiriúnaitheacht, chomh maith le comhtháthú bunachar sonraí agus faireachas fíor-ama.
18	F: An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú a thuilleadh	Cuspóir sonrath	Fad an ghréasáin nua dáileacháin oibríochtúil		Líon (km)	0	193	R2	2026	Beidh 193 km ar a laghad de ghréasán dáilte ísealvoltais nua oibríochtúil.

## **B: COMHPHÁIRT 2: ATHCHÓIRIÚ INBHUANAITHE FOIRGNEAMH**

Ina Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, measann an tSlóivéin go bhfuil thart ar EUR 9500000000 d'infheistíocht de dhíth chun foirgnimh a athchóiriú sa tréimhse 2021-2030 chun tomhaltas deiridh fuinnimh i bhfoirgnimh a laghdú 20 % agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh a laghdú 70 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 2005.

Is é is cuspóir don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine athchóiriú domhain foirgneamh a chur chun cinn, agus béim á leagan ar an stoc foirgneamh poiblí, chun laghdú 30 % ar a laghad ar thomhaltas fuinnimh a bhaint amach i gcomparáid le hastaíochtaí ex ante.

Rannchuideoidh na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin leis na Moltaí Tír-Shonracha atá dírithe ar an tSlóivéin le dhá bhliain anuas chun 'beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar [...] an aistriú ísealcharbóin agus fuinnimh' (Moladh Sonrach Tír 3, 2019) agus chun 'díriú ar infheistíochtaí don aistriú [...] glas, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, ar bhonneagar comhshaoil' (Moladh Sonrach Tír 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### Athchóiriú A: Athchóiriú ar phleanáil agus ar mhaoiniú athchóiriú fuinnimh foirgneamh san earnáil phoiblí

Saineofar leis an athchóiriú cuir chuige chostéifeachtacha athchóirithe, beartais agus bearta chun athchóiriú domhain foirgneamh a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta chun cinntí infheistíochta a dhéanann daoine aonair, tionscal na tógála agus institiúidí airgeadais a threorú agus measúnú ar an gcoigilteas fuinnimh a bhfuiltear ag súil leis agus ar na tairbhí níos leithne a bhfuiltear ag súil leo, dá bhforáiltear sa Straitéis Athchóirithe Fhadtéarmach nua.

Go háirithe, leis an athchóiriú, cuirfear toirmeasc dlíthiúil ar dhearadh agus ar shuiteáil ola téimh, coirí cnónna (ola bhreosla) agus coirí guail lena dtéamh i bhfoirgnimh nua. Cuirfear an chuid sin den athchóiriú chun feidhme trí theacht i bhfeidhm dlí faoin 30 Meitheamh 2023.

Áireofar san athchóiriú freisin Plean Gníomhaíochta maidir le hathchóiriú fuinnimh foirgneamh poiblí arna fhorbairt faoin 31 Nollaig 2025 a fhormheas agus a fhoilsiú, lena n-áireofar ar a laghad anailís ar an stoc foirgneamh, anailís ar riachtanais na hearnála poiblí, breithniú ar leanúnachas seirbhísí a áirithiú le linn athchóiriú foirgneamh, agus céimeanna nithiúla in athchóiriú foirgneamh, lena n-áirítear foinsí féideartha maoinithe a shainiú.

#### Infheistíocht B: Athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh

Tá cuspóir na hinfeistíochta dírithe ar athchóiriú fuinnimh foirgneamh poiblí agus cumhdaítear leis freisin athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe atá faoi úinéireacht phoiblí.

I gcás na n-infheistíochtaí uile, áiríteofar coigilteas fuinnimh 30 % ar a laghad ar an iomlán, i gcomparáid le hastaíochtaí ex ante, cé is moite d'infheistíochtaí i gcur chun feidhme uasghráduithe aonair ar chórais theicniúla foirgneamh amhail córais aerchóirithe agus aerála.

Cumhdófar leis na hinfeistíochtaí costais le haghaidh insliú teirmeach an fhoirgnimh, trealamh atá tíosach ar fhuinneamh (fuinneoga, gloiniú, doirse), córais fuaraithe agus aerála, soilsiú agus córais rialaithe atá tíosach ar fhuinneamh. Áiríteofar leis na hoibreacha freisin ardchaighdeán sláinte agus comhshaoil, trí aghaidh a thabhairt, inter alia, ar chosc tubaistí agus cosaint ar ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid, substaintí díobhálacha a bhaint agus cosaint ina gcoinne, agus dóiteáin agus sábháilteacht sheismeach. Meastar go n-áireofar le hathchóiriú foirgneamh poiblí feabhas a chur ar a n-inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas.

Ós rud é go bhfuil an tSlóivéin ar cheann de na tíortha Eorpacha is mó atá neamhchosanta ar riosca seismeach, déanfar athchóiriú fuinnimh i gcomhthráth leis an athchóiriú seismeach chun cur chuige costéifeachtach agus éifeacht fhadtéarmach na hinfeistíochta a áirithiú. Urramófar leis na hoibreacha freisin aeistéitic agus cáilíocht ailtireachta an fhoirgnimh, trí na ceanglais cosanta cultúrtha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hathchóiriú a chur san áireamh i gcás foirgnimh ar cuid den oidhreacht chultúrtha iad.

Beidh na catagóirí foirgneamh seo a leanas incháilithe:

- Foirgnimh a bhfuil tábhacht riaracháin eisceachtúil ag baint leo mar gheall ar eipidéim COVID-19;
- Foirgnimh a bhfuil ardtábhacht shóisialta ag baint leo mar gheall ar eipidéim COVID-19;
- Foirgnimh a éilíonn uasghrádú aonair ar chórais theicniúla foirgnimh;
- Foirgnimh chónaithe ilárasán atá faoi úinéireacht phoiblí.

Cuirfear athchóirithe i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

**B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
19	A: Athchóiriú ar phleanáil agus ar mhaoiniú athchóiriú fuinnimh foirgneamh san earnáil phoiblí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm toirmisc ar úsáid breoslaí iontaise le haghaidh téimh i bhfoirgnimh nua	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Ghnímh iomchuí				R2	2023	Bunófar le dlí toirmeasc ar dhearadh agus ar shuiteáil ola téimh, coirí múchta (ola bhreosla), agus coirí guail le haghaidh foirgnimh a théamh, mar a fhoráiltear sa Straitéis Fhadtéarmach um Athchóiriú Fuinnimh Foirgneamh 2050.
20	A: Athchóiriú ar phleanáil agus ar mhaoiniú athchóiriú fuinnimh foirgneamh san earnáil phoiblí	Garsprioc	Plean Gníomhaíocht a chun foirgnimh phoiblí a athchóiriú	Plean Gníomhaíochta glactha maidir le hathchóiriú foirgneamh poiblí arna fhorghrú agus arna fhoilsiú ag an Aireacht Comhshaoil, Aeráide agus Fuinnimh				R4	2025	Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sa Phlean Gníomhaíochta arna fhorghrú agus arna fhoilsiú ag an Aireacht Comhshaoil, Aeráide agus Fuinnimh: <ul style="list-style-type: none"> <li>- anailís ar an stoc foirgneamh;</li> <li>- anailís ar riachtanais na hearnála poiblí agus breithniú ar leanúnachas seirbhísí a áirithiú le linn athchóiriú foirgneamh; agus</li> </ul>

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										- céimeanna nithiúla in athchóiriú foirgneamh, lena n-áirítear foinsí maoinithe a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaitint.
21	B: Athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh	Garsprioc	Oscailt glao ar thograí chun uasghráduithe aonair ar chórais theicniúla foirgneamh a chur chun feidhme	Foilsíú an ghlaio ar thograí				R4	2022	Osclaíodh glao ar thograí chun uasghráduithe aonair ar chórais theicniúla foirgneamh a chur chun feidhme, amhail córais aerchóirithe agus aerála. Beidh an glao ar oscailt go dtí go mbeidh an clúdach buiséadach ídithe. Áiríteofar leis na critéir roghnúcháin/incháilitheachta go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).
22	B: Athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh	Garsprioc	Cuireadh poiblí a oscailt le haghaidh fuinnimh agus athchóiriú inbhuanaithe a dhéanamh	Cuireadh poiblí a fhoilsíú				R4	2022	Osclaíodh cuireadh poiblí le haghaidh fuinnimh agus athchóiriú inbhuanaithe ar fhoirgnimh atá faoi úinéireacht poiblí a bhfuil ardtábhacht riaracháin agus shóisialta ag baint leo. Beidh cuireadh poiblí ar oscailt go dtí go mbeidh an t-

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			ar fhoirgnimh atá faoi úinéireacht phoiblí a bhfuil ardtábhacht riaracháin agus shóisialta ag baint leo							imchlúdach buiséadach ídithe. Áiríteofar an méid seo a leanas leis na critéir roghnúcháin/incháilitheachta: (a) comhlíonadh na Treorach Teicniúla ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01); agus b) laghdú 30 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indéreacha i gcomparáid leis na hastaíochtaí ex ante.
23	B: Athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh	Garsprioc	Oscailt glao ar thograí le haghaidh fuinnimh agus athchóiriú inbhuanaithe ar fhoirgnimh chónaithe atá faoi úinéireacht phoiblí.	Foilsíú an ghlaio ar thograí				R4	2022	Oscailt glao ar thograí chun fuinneamh agus athchóiriú inbhuanaithe a dhéanamh ar fhoirgnimh chónaithe atá faoi úinéireacht phoiblí. Beidh an glao ar oscailt go dtí go mbeidh an clúdach buiséadach ídithe. Áiríteofar an méid seo a leanas leis na critéir roghnúcháin/incháilitheachta: (a) comhlíonadh na Treorach Teicniúla ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01); agus

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										(b) laghdú 30 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha i gcomparáid leis na hastaíochtaí ex ante.
25	B: Athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh	Cuspóir sonrach	Fuinneamh críochnaithe agus athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh		Líon (m <sup>2</sup> )	0	59 574	R2	2026	Cuirtear fuinneamh agus athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh poiblí i gcrích, i gcomhréir leis na critéir chuiridh poiblí i gcloch mhíle 22 agus le critéir an ghlaio ar thograí i gcloch mhíle 23.
26	B: Athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh	Cuspóir sonrach	Fuinneamh críochnaithe agus athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh trí uasghráduithe aonair ar chórais theicniúla foirgneamh		Líon (m <sup>2</sup> )	0	29 392	R4	2025	Cuirtear fuinneamh agus athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh i gcrích trí uasghráduithe aonair ar chórais theicniúla foirgneamh, i gcomhréir le critéir an ghlaio ar thograí i gcloch mhíle 21.

### **B.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta**

#### **Infheistíocht B: Leanúint d'athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh**

Tá cuspóir na hinfheistíochta dírithe ar athchóiriú fuinnimh foirgneamh poiblí.

I gcás na dtionscadal uile, áiríteofar coigilteas fuinnimh 30 % ar a laghad ar an iomlán, i gcomparáid le hastaíochtaí ex ante, cé is moite d'infheistíochtaí i gcur chun feidhme uasghráduithe aonair ar chórais theicniúla foirgneamh amhail córais aerchóirithe agus aerála.

Cumhdófar leis na hinfheistíochtaí costais le haghaidh insliú teirmeach an fhoirgnimh, trealamh atá tíosach ar fhuinneamh (fuinneoga, gloiniú, doirse), córais fuaraithe agus aerála, soilsiú agus córais rialaithe atá tíosach ar fhuinneamh. Áiríteofar leis na hoibreacha freisin ardchaighdeáin sláinte agus chomhshaoil, trí aghaidh a thabhairt, inter alia, ar chosc tubaistí agus cosaint ar ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid, substaintí díobhálacha a bhaint agus cosaint ina gcoinne, agus dóiteáin agus sábháilteacht sheismeach. Meastar go n-áireofar le hathchóiriú foirgneamh poiblí feabhas a chur ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas.

Ós rud é go bhfuil an tSlóivéin ar cheann de na tíortha Eorpacha is mó atá neamhchosanta ar riosca seismeach, déanfar athchóirithe fuinnimh i gcomhthráth leis an athchóiriú seismeach chun cur chuige costéifeachtach agus éifeacht fhadtéarmach na hinfheistíochta a áirithiú. Urramófar leis na hoibreacha freisin aeistéitic agus cáilíocht ailtireachta an fhoirgnimh, trí na ceanglais cosanta cultúrtha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hathchóiriú a chur san áireamh i gcás foirgnimh ar cuid den oidhreacht chultúrtha iad

Beidh na catagóirí foirgneamh seo a leanas incháilithe:

- Foirgnimh a bhfuil tábhacht riaracháin eisceachtúil ag baint leo mar gheall ar eipidéim COVID-19;
- Foirgnimh a bhfuil ardtábhacht shóisialta ag baint leo mar gheall ar eipidéim COVID-19;
- Foirgnimh a éilíonn uasghrádú aonair ar chórais theicniúla foirgnimh

Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

**B.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
27bis	B: Leanúint d'athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh	Cuspóir sonrath	Fuinneamh críochnaithe agus athchóiriú inbhuanaithe ar fhoirgnimh a bhfuil ardtábhacht riaracháin agus shóisialta ag baint leo		Uimhir (m <sup>2</sup> )	0	21 398	R2	2026	Cuirtear fuinneamh agus athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh poiblí a bhfuil ardtábhacht riaracháin agus shóisialta ag baint leo i gcrích, i gcomhréir leis na critéir chuiridh poiblí i gclach mhíle 22.
27ter	B: Leanúint d'athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh	Cuspóir sonrath	Fuinneamh críochnaithe agus athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh trí uasghráduith e aonair ar chórais theicniúla foirgneamh		Líon (m <sup>2</sup> )	0	8 965	R2	2026	Cuirtear fuinneamh agus athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh i gcrích trí uasghráduithe aonair ar chórais theicniúla foirgneamh, i gcomhréir le critéir an ghlaio ar thograí i gclach mhíle 21.

## C. COMHPHÁIRT 3: TIMPEALLAUGHT GHLAN SHÁBHÁILTE

Tá riachtanais shuntasacha infheistíochta le sárú ag an tSlóivéin i dtéarmaí cosaint ar thubaistí de bharr an athraithe aeráide mar gheall ar an treocht mhéadaitheach maidir le teagmhais adhaimsire agus go háirithe tuilte. Cuireann tubaistí den sórt sin arb é an t-athrú aeráide is cúis leo an sciar ard de dhaonra na Slóivéine atá ina gcónaí i limistéir ina bhfuil rioscaí móra tuilte i mbaol mór i mbaol agus déanann siad damáiste suntasach eacnamaíoch.

Ina theannta sin, tá cailteanais uisce fós os cionn mheán an Aontais. Is dramhaíl uisce dromchla agus screamhuisce é sceitheadh den sórt sin, agus bíonn úsáid fuinnimh níos airde mar thoradh air chun uisce a chóireáil agus a dháileadh. Cruthaíonn siad rioscaí méadaithe maidir le héilliú uisce freisin.

Is é is cuspóir don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine cur chuige comhordaithe a chur chun feidhme maidir le cosc, ullmhacht, freagairt agus téarnamh i gcás tubaistí nádúrtha a bhaineann leis an aeráid, go háirithe trí fheabhas a chur ar an mbonneagar agus ar an eagrú, taighde, múscailt feasachta agus oiliúint ghaolmhar. Tá sé d'aidhm ag an gcomhpháirt freisin feabhas a chur ar bhainistiú uisce.

Rannchuideoidh na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin leis na Moltaí Tír-Shonracha atá dírithe ar an tSlóivéin le dhá bhliain anuas chun ‘beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar [...] an aistriú ísealcharbóin agus fuinnimh (Moladh Sonrach Tír 3, 2019) agus chun ‘díriú ar infheistíochtaí don aistriú [...] glas, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, ar bhonneagar comhshaoil’ (Moladh Sonrach Tír 3, 2020).

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin le caomhnú an chomhshaoil agus le hoiriúnú don athrú aeráide, agus dá bhrí sin neartaítear athléimneacht éiceolaíoch, shóisialta agus eacnamaíoch.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú A. Ullmhacht agus freagairt a neartú i gcás tubaistí arb í an aeráid is cúis leo**

Saineofar leis an athchóiriú an t-eagrúchán agus an fhreagairt ar thubaistí aeráide trí aonaid freagartha modúlacha a chruthú a bheidh speisialaithe agus oílte chun freagairt do thubaistí a bhaineann leis an aeráid ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus ról na n-aonad atá ann cheana á athshainiú ag an am céanna. Tabharfaidh an struchtúr aghaidh ar na tubaistí a bhaineann leis an aeráid lena mbaineann an riosca is airde don tSlóivéin, amhail tuilte agus falscailte móra.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme trí theacht i bhfeidhm rúin nua maidir leis an gclár náisiúnta cosanta ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí eile faoin 31 Nollaig 2023. Faoin 30 Meitheamh 2026, meastar go gcumhdófar críoch iomlán na Slóivéine agus an daonra uile, agus béim ar leith á leagan ar ghrúpaí leochaileacha, leis an struchtúr eagraíochta nua.

#### **Athchóiriú C. Éifeachtaí an athraithe aeráide agus tubaistí a bhaineann leis an aeráid ar bhithéagsúlacht foraoise athléimneach a athbhunú agus a mhaolú**

Leis an athchóiriú ar chosaint agus athchóiriú foraoisí, tugtar aghaidh ar na moltaí ón gCoimisiún maidir le plean straitéiseach an Chomhbheartais Talmhaíochta (SWD (2020) 394) tríd an riosca a bhaineann le tabhairt isteach agus leathadh lotnaidí foraoise le linn athchóiriú foraoise a laghdú agus trí mhaoirseacht shaineolach a áirithiú trí rianú trédhearcach a dhéanamh ar thionscnamh agus ar éagsúlacht ghéiniteach ábhair atáirgthe foraoise, rud a chuireann ar chumas foraoisí amach anseo oiriúnú don timpeallacht athraitheach, go háirithe trí shláinte agus inoiriúnaitheacht foraoisí d'athruithe aeráide a chothabháil.

Rannchuideoidh an t-athchóiriú le dea-bhail gnáthóg agus speiceas atá nasctha leis na foraoisí a bhaint amach chun seirbhísí éiceolaíocha agus bithéagsúlacht a fheabhsú, agus chun athléimneacht a chothú i leith bagairtí amhail tionchair an athraithe aeráide ar fhoraoisí.

Déanfar na Rialacha maidir leis na Coinníollacha Iontrála i gClár na Soláthróirí agus oibleagáidí ábhartha eile na soláthróirí agus na ceanglais maidir le hábhar atáirgthe foraoise a mhargú a leasú chun cáilíocht iomchuí ábhair atáirgthe foraoise a áirithiú. Leasófar rialacha maidir le Deimhnithe d'Ábhar Atáirgthe Foraoise chun rianú agus maoirseacht saineolaithe a fheabhsú.

Cuirfidh an Aireacht Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Bia an t-athchóiriú chun feidhme, trí bhíthin leasuithe ar na Rialacha maidir leis na coinníollacha maidir le hiontráil i gclár na soláthróirí agus oibleagáidí eile soláthróirí agus ceanglais maidir le hábhar atáirgthe foraoise a mhargú faoin 31 Nollaig 2022.

#### Infheistíocht E. Athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch i gcoinne tubaistí a bhaineann leis an aeráid i bPoblacht na Slóivéine

Leis an infheistíocht, bunófar fo-ionad tiomnaithe le haghaidh bearta coisc, ullmhachta agus freagartha i gcoinne tubaistí arb í an aeráid is cúis leo, eadhon le haghaidh falscailte móra. Áireofar ann oiliúint do na fórsaí cosanta sibhialta chun gníomhaíochtaí comhtháite a áirithiú, chomh maith le bearta múscailte feasachta don phobal i gcoitinne.

Agus an bonneagar fuinneamhéifeachtúil is gá á thógáil, cuirfear san áireamh an gá atá leis an áitreabh a lonnú i limistéar leordhóthanach atá neamhchosanta ar na rioscaí ábhartha a bhaineann leis an aeráid. Áireofar sa tairiscint phoiblí comhlíonadh na foraithe náisiúnta maidir le soláthar poiblí glas i measc na gcritéar roghnúcháin.

Cumhdófar leis an infheistíocht freisin cúrsaí oiliúna chun déileáil le rioscaí sonracha, eadhon falscailte móra, sa tréimhse 2025-2026, chomh maith le gníomhaíochtaí múscailte feasachta i measc na spriocghrúpaí éagsúla sa daonra sa tréimhse 2021-2026.

Críochnófar na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht F. Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca do thubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú

Áireofar ar na hinfeistíochtaí chun rioscaí tuilte a chosc bearta cosanta ar thuilte, mar shampla, córais coinneála uisce agus leathnú na limistéar doirte atá ann cheana, i gcás inarb indéanta sin, agus córas a bhunú don fhaireachán fíor-ama láraithe agus don fhreagairt ar dhálaí uisce. Le hinfeistíochtaí cosanta ar thuilte, tabharfar tosaíocht, a mhéid is féidir, do réitigh dhúlra bhunaithe agus do bhonneagair ghlasa. Ina theannta sin, díreoidh infheistíochtaí sonracha ar an riosca a bhaineann le sciorthaí talún.

Áireofar réitigh dhúlra bhunaithe i measc na gcritéar roghnúcháin tionscadail agus tabharfar tosaíocht dóibh i gcás inarb indéanta. — Comhlíonfaidh na tionscadail iarscríbhinní ábhartha na Rialachán Tarmlichte is infheidhme ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 maidir le Tacsanomaíocht.

Tá coinne leis nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na garspriocanna agus na spriocanna atá le comhlíonadh ag an tSlóivéin á gcur san áireamh. Go háirithe, léireofar go bhfuil na forálacha dlíthiúla a bhfuil feidhm acu á gcomhlíonadh go hiomlán agus go substainteach.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht G. Lárionad um shíolta, plandlanna agus cosaint foraoisí

Is é cuspóir na hinfheistíochta cainníocht, cáilíocht agus athléimneacht fhadtéarmach fhoraoisí an Aontais a mhéadú, go háirithe i gcoinne dóiteán, lotnaidí agus bagairtí eile ar dócha go dtiocfaidh méadú orthu mar gheall ar an athrú aeráide. Déanfar cleachtais foraoise atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht a fhorbairt tuilleadh agus béim á leagan ar chaomhnú géiniteach agus ar éagsúlacht ghéiniteach.

Agus na bonneagair thaighde fuinneamhéifeachtúla is gá á dtógáil, lena n-áirítear roinn síolta foraoise, roinn plandlainne crann, agus roinn cosanta foraoisí, cuirfear san áireamh an gá atá leis an mbonneagar agus an bonn eolais a chomhchruinniú le haghaidh tuilleadh nuálaíochta, forbartha agus taighde sa réimse sin.

Cuirfidh Institiúid Foraoiseachta na Slóivéine chun feidhme é trí ghlaonna poiblí ar thairiscintí agus ceanglais maidir le soláthar poiblí glas á gcur san áireamh.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 31 Nollaig 2025.

### Infheistíocht H. Tionscadail sceite agus cóireála fuíolluisce uirbigh

Maoiníofar leis an infheistíocht tógáil córais fuíolluisce nua ó cheann go ceann a bhfuil glanúsáid fuinnimh nialasach acu nó atógáil an chórais fuíolluisce ó cheann go ceann atá ann cheana chun meánúsáid fuinnimh laghdaithe 10 % ar a laghad a bheith mar thoradh air (trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh amháin agus ní mar gheall ar athruithe ábhartha nó athruithe ar an ualach). Díreofar na hinfheistíochtaí ar thionscadail a bhaineann le córais fuíolluisce a rannchuidíonn le láithreáin Natura 2000 agus le limistéir cosanta uisce.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme trí dheontais do bhordais le haghaidh tionscadail arna roghnú ag an Aireacht Comhshaoil agus Pleanála Spásúlachta trí ghlaon tiomnaithe ar thionscadail.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht I. Tionscadail soláthair agus coigiltis uisce óil

Is é cuspóir na hinfheistíochta aghaidh a thabhairt ar chaillteanais uisce sa tSlóivéin, cailteanais atá fós suntasach mar gheall ar aois an bhonneagair uisce.

Is éard atá san infheistíocht córais soláthair uisce óil a thógáil ag a bhfuil meántomhaltas fuinnimh  $\leq 0.5$  kWh nó Innéacs Sceite Bonneagair (ILI)  $\leq 1,5$ , agus córais soláthair uisce óil atá ann cheana a athchóiriú chun an meántomhaltas fuinnimh a laghdú níos mó ná 20 % nó sceitheadh a laghdú níos mó ná 20 %.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme trí dheontais do bhordais le haghaidh tionscadail arna roghnú ag an Aireacht Comhshaoil agus Pleanála Spásúlachta trí ghlaon tiomnaithe ar thionscadail.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

**C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
29	A: Ullmhacht agus freagairt a neartú i gcás tubaistí arb í an aeráid is cúis leo	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm rúin maidir leis an gclár náisiúnta cosanta ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí eile	Foráil sa rún lena sonraítear teacht i bhfeidhm cláir náisiúnta cosanta ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí eile				R4	2023	Glacfaidh Tionól Náisiúnta Phoblacht na Slóivéine an Rún. Saineofar ann an t-eagrúchán agus an fhreagairt ar thubaistí aeráide, oibriú aonad freagartha modúlach nuabhunaithe ar thubaistí de dheasca na haeráide, a n-oiliúint, agus feidhmiú agus ról na n-aonad atá ann cheana mar fhreagairt ar thubaistí de dheasca na haeráide. Beidh sé d'aidhm aige freagairt níos tapúla, níos comhordaithe agus níos éifeachtaí a thabhairt ar thubaistí a bhaineann leis an aeráid (tuilte, falscáithe ar mhórsála agus tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid).

Uimhir sheicemhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
30	E: Athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch i gcoinne tubaistí a bhaineann leis an aeráid i bPoblacht na Slóivéine	Cuspóir sonrath	Saoráid oiliúna agus freagartha nuabhunaithe le haghaidh tubaistí oibríochtúla a bhaineann leis an aeráid		Líon	0	1	R4	2025	Teacht i bhfeidhm fo-íonaid d'aonaid freagartha le haghaidh na mbeart coisc, ullmhachta agus freagartha i gcoinne fálscaithe mórsála.  Beidh éileamh fuinnimh phríomhúil 20 % níos ísle ar a laghad ag an bhfo-íonad ná mar is gá le haghaidh foirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de faoi na rialacha náisiúnta maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh a thógáil.
31	E: Athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch i gcoinne tubaistí a bhaineann leis an aeráid i bPoblacht na Slóivéine	Cuspóir sonrath	Rannpháirtithe a bhfuil oiliúint curtha i gcrích acu chun freagairt d'fhálscaithe ar mhórsála		Líon	0	1 000	R4	2025	Cláir oiriúnaithe a fhorbairt agus oiliúint a chur i gcrích le haghaidh 1000 duine san iomlán chun freagairt d'fhálscaithe ar mhórsála.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
32	F: Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca do thubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú	Garsprioc	Dámhachtain conarthaí le haghaidh infheistíochtaí sábháilteachta tuilte	Dámhachtainí a chur in iúl				R4	2024	Conarthaí a dhámhachtain le haghaidh 3 thionscadal sábháilteachta tuile. Tabharfar tosaíocht sna critéir roghnúcháin do bhearta réitigh dhúlra bhunaithe agus don bhonneagar glas a mhéid is féidir. Áiritheofar leis na conarthaí go gcuirfear tionscadail chun feidhme i gcomhréir le acquis an Aontais agus le rialacháin chomhshaoil agus leis na harscríbhinní a ghabhann leis na Rialacháin Tharmlichte is infheidhme ón gCoimisiún lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht (2020/852).
33	F: Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca do thubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú	Cuspóir sonrathach	Láithreáin athshlánaithe atá faoi bhagairt ag sciorthaí talún		Líon	0	6	R4	2025	Tionscadail atá curtha i gcrích chun tionchar sciorthaí talún a laghdú. Beidh na tionscadail i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
34	F: Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca do thubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú	Cuspóir sonrath	An daonra a bhaineann tairbhe as tionscadail cosanta ar thuilte		Líon	0	4 062	R2	2026	Léiríonn an sprioc méid an daonra sa limistéar inar cuireadh tionscadail cosanta tuilte i gcrích.
35	F: Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca do thubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú	Cuspóir sonrath	Líon na dtionscadal cosanta ar thuilte a cuireadh i gcrích lena dtacaítear, a mhéid is féidir, le ‘réiteach dúlrbhunaithe’ agus le bearta glasa		Líon	0	3	R2	2026	Is é an sprioc líon nithiúil na dtionscadal a cuireadh i gcrích i réimse na cosanta ar thuilte, i gcomhréir leis na comhaontuithe faoi gharsprioc 32. Rannchuideoidh tionscadail le rioscaí tuilte a laghdú i limistéir shainaitheanta, a dtugtar aghaidh orthu leis an bPlean Bainistithe Riosca Tuilte a glacadh le haghaidh 2023-2027 (FRMP) sa tSlóivéin i gcomhréir leis an Treoir maidir le Tuilte, agus i limistéir a ndearna na tuilte a tharla le déanaí difear dóibh. Áireofar iontu, a mhéid is féidir, bearta réitigh dhúlrbhunaithe.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
35bis	F: Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca do thubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú	Cuspóir sonrath	Ionad náisiúnta rialaithe uisce a bhunú		Líon	0	1	R2	2026	Ionad náisiúnta rialaithe uisce a bhunú mar chóras don fhaireachán fíor-ama láraithe agus don fhreagairt ar dhálaí uisce.
36	C: Eifeachtaí an athraithe aeráide agus tubaistí a bhaineann leis an aeráid ar bhithéagsúlacht foraoise athléimneach a athbhunú agus a mhaolú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar rialacha maidir le coinníollacha iontrála i gclár na soláthróirí agus oibleagáidí eile ar sholáthróirí agus maidir leis na ceanglais a bhaineann le hábhar atáirgthe foraoise a mhargú	Foráil sna leasuithe lena sonraítear teacht i bhfeidhm rialacha maidir le coinníollacha iontrála i gclár na soláthróirí agus oibleagáidí eile na soláthróirí agus maidir leis na ceanglais a bhaineann le hábhar atáirgthe foraoise a mhargú				R4	2022	Glacfaidh an Aireacht Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Bia na leasuithe seo a leanas: — Áiríteofar cáilíocht an ábhair atáirgthe foraoise leis na coinníollacha maidir le hiontráil i gclár na soláthróirí agus le hoibleagáidí eile na soláthróirí agus leis na ceanglais maidir le hábhar atáirgthe foraoise a mhargú. — Leis na Deimhnithe le haghaidh Ábhar Atáirgthe Foraoise beifear in ann ábhar atáirgthe foraoise a rianú.

Uimhir sheicheimhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
37	G: Lárionad do shíolta, do phlandlanna agus d'ionad cosanta foraoise	Garsprioc	Tá an t-ionad le haghaidh síolta, plandlanna agus cosaint foraoisí oibríochtúil	Oibreacha foirgníochta agus ceadúnas oibríochtúil a fuarthas a thabhairt chun críche				R4	2025	Áireofar sa Lárionad 2510 méadar cearnach ar a laghad de limistéir thaighde. Déanfar gníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse na cosanta síolta foraoise, plandlainne agus foraoise sa Lárionad. Léireoidh an foirgneamh nua éileamh fuinnimh príomhúil 20 % níos ísle ar a laghad ná an t-éileamh is gá le haghaidh foirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de faoi na rialacha náisiúnta maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh a thógáil.
38	H: Tionscadail sceite agus cóireála fuíolluisce uirbigh	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain do thionscadail sceite agus cóireála fuíolluisce uirbigh	Dámhachtainí a chur in iúl				R4	2022	Deontais a dhámhachtain do 15 thionscadal do sceitheadh agus cóireáil fuíolluisce uirbigh. Tabharfaidh tionscadail aghaidh ar atógáil na gcóras atá ann cheana chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas leictreachais a laghdú 10 % ar a laghad. Beidh

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										glanídiú fuinnimh nialasach ag córais nuathógtha. Dírteofar tionscadail ar réimsí cosanta dúlra.
39	H: Tionscadail sceite agus cóireála fuíolluisce uirbigh	Cuspóir sonrath	Líon na dtionscadal um sceitheadh agus cóireáil fuíolluisce uirbigh atá curtha i gcrích		Líon	0	5	R4	2024	Tionscadail a chur i gcrích chun córais nua a thógáil nó córais atá ann cheana a atógáil chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas leictreachais a laghdú, i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 38.
40	H: Tionscadail sceite agus cóireála fuíolluisce uirbigh	Cuspóir sonrath	Líon na dtionscadal um sceitheadh agus cóireáil fuíolluisce uirbigh atá curtha i gcrích		Líon	5	12	R4	2025	Tionscadail a chur i gcrích chun córais nua a thógáil nó córais atá ann cheana a atógáil chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas leictreachais a laghdú, i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 38.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
41	H: Tionscadail sceite agus cóireála fuíolluisce uirbigh	Cuspóir sonrath	Líon na dtionscadal um sceitheadh agus cóireáil fuíolluisce uirbigh atá curtha i gcrích		Líon	12	15	R2	2026	Tionscadail a chur i gcrích chun córais nua a thógáil nó córais atá ann cheana a atógáil chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas leictreachais a laghdú, i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 38.
42	I: Tionscadail soláthair agus coigiltis uisce óil	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain do thionscadail soláthair uisce óil	Dámhachtainí a chur in iúl				R4	2022	Deontais a dhámhachtain do thionscadail soláthair uisce óil. Tabharfaidh tionscadail aghaidh ar atógáil na gcóras atá ann cheana chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas an leictreachais a laghdú 10 % ar a laghad, agus é mar aidhm leo a áirithiú go mbeidh meántomhaltas fuinnimh ag córas nuathógtha atá níos lú ná nó cothrom le 0.5 kWh nó ILI de 1.5 nó níos lú.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
43	I: Tionscadail soláthair agus coigiltis uisce óil	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal soláthair uisce óil a cuireadh i gcrích		Líon	0	5	R4	2024	Tionscadail a chur i gcrích chun córais nua a thógáil nó córais atá ann cheana a atógáil chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas an leictreachais a laghdú, i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 42.
44	I: Tionscadail soláthair agus coigiltis uisce óil	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal soláthair uisce óil a cuireadh i gcrích		Líon	5	12	R4	2025	Tionscadail a chur i gcrích chun córais nua a thógáil nó córais atá ann cheana a atógáil chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas an leictreachais a laghdú, i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 42.
45	I: Tionscadail soláthair agus coigiltis uisce óil	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal soláthair uisce óil a cuireadh i gcrích		Líon	12	15	R2	2026	Tionscadail a chur i gcrích chun córais nua a thógáil nó córais atá ann cheana a atógáil chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas an leictreachais a laghdú, i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 42.

### **C.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta**

#### Athchóiriú B. An cosc a neartú chun sábháilteacht ó thuilte a mhéadú

Tugann an t-athchóiriú aghaidh go sonrach ar riosca na dtuilte, atá ar cheann de na rioscaí is ábhartha don tSlóivéin a bhaineann leis an athrú aeráide.

Le teacht i bhfeidhm Plean nua Bainistithe Riosca Tuilte, cuirfear dlús le pleanáil agus cur chun feidhme beart agus tionscadal a rannchuidíonn le hiarmhairtí tuilte a chosc. Is iad príomhghnéithe an athchóirithe seirbhís rialaithe abhann a bhunú agus réitigh uathoibríthe le haghaidh córais rialaithe a thabhairt isteach. Déanfar Stiúrtóireacht Uisce Phoblacht na Slóivéine a atheagrú chun dílárú agus barrfheabhsú na bpróiseas a bhaint amach.

Tiocfaidh Plean Bainistíochta Riosca Tuilte don tréimhse 2022-2026 i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2022 agus áiríteoidh sé go mbeidh bainistiú riosca tuilte ina chúram buan le hacmhainn thiomnaithe ón mbuiséad náisiúnta. Leis an athchóiriú, cuirfear infheistíochtaí amach anseo chun cinn trí réitigh dhúlra bhunaithe agus bonneagair ghlasa.

#### Athchóiriú D. Éifeachtúlacht oibríú na seirbhísí poiblí i leith chosaint an chomhshaoil a mhéadú

Tugann an t-athchóiriú aghaidh ar phríomhdhúshlán na gcaillteanas i mbainistiú uisce sa tSlóivéin, trí eagrú agus rialú na seirbhíse poiblí a fheabhsú agus trí inbhuanaitheacht mhaoiniú na n-uasghráduithe bonneagair a áirithiú. Leis an athchóiriú, déanfar uasghrádú ar an gcaighdeán maidir le soláthar na seirbhíse poiblí chun éifeachtúlachtaí i mbainistiú uisce a mhéadú agus chun córais athúsáide a chumasú.

Áiríteofar leis an athchóiriú inbhuanaitheacht fhadtéarmach mhaoiniú na n-infheistíochtaí bonneagair trí athbhreithniú a dhéanamh ar chost-éifeachtúlacht na muirear agus na dtobhach ar úsáid uisce. Príomhaidhm eile de chuid an athchóirithe is ea uasghrádú an chórais faisnéise chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíocht soláthraithe seirbhíse poiblí.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme le teacht i bhfeidhm an ghnímh reachtaigh/na ngníomhartha reachtacha agus an rialacháin/na rialachán maidir le cur chun feidhme seirbhísí poiblí i leith chosaint an chomhshaoil.

#### Infheistíocht F. Rioscaí tuilte a laghdú a thuilleadh agus an riosca do thubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú

I bhfianaise na bearna mó infheistíochta, áirítear sa chomhpháirt infheistíochtaí breise chun rioscaí tuilte a chosc.

Áireofar ar na hinfheistíochtaí chun rioscaí tuilte a chosc bearta cosanta ar thuilte amhail córais coinneála uisce agus leathnú na limistéar doirte atá ann cheana i gcás inarb indéanta sin, agus tabharfaidh siad tosaíocht do réitigh dhúlra bhunaithe agus do bhonneagair ghlasa a mhéid is féidir. Chun na críche sin, áireofar réitigh dhúlra bhunaithe i measc na gcrítear roghnúcháin tionscadail agus tabharfar tosaíocht dóibh i gcás inarb indéanta. Áireofar san infheistíocht freisin ullmhú anailísí ar staid na n-abhantrach agus na doiciméadachta (mar shampla, staidéir hidreolaíocha-hiodrálacha agus an doiciméadacht infheistíochta) is gá chun bearta cosanta a phleanáil agus a chur chun feidhme chun rioscaí tuilte a laghdú.

Comhlíonfaidh na tionscadail iarscríbhinní ábhartha na Rialachán Tarmhligthe is infheidhme ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 maidir le Tacsanomaíocht.

Tá coinne leis nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na garspriocanna agus na spriocanna atá le comhlíonadh ag an tSlóivéin á gcur san áireamh. Go háirithe, léireofar go bhfuil na forálacha dlíthiúla a bhfuil feidhm acu á gcomhlíonadh go hiomlán agus go substainteach.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht H. Tionscadail bhreise chun fuíolluisce uirbeach a sceitheadh, a chóireáil agus a athúsáid

Maoineofar leis an infheistíocht tógáil córais fuíolluisce nua ó cheann go ceann a bhfuil glanúsáid fuinnimh nialasach acu nó atógáil córais fuíolluisce bhreise ó cheann go ceann atá ann cheana chun meánúsáid fuinnimh laghdaithe 10 % ar a laghad a bheith mar thoradh air (trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh amháin agus ní mar gheall ar athruithe ábhartha nó athruithe ar an ualach). Díreofar na hinfeistíochtaí ar thionscadail a bhaineann le córais fuíolluisce a rannchuidíonn le láithreáin Natura 2000 agus le limistéir cosanta uisce.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme trí iasachtaí fadtéarmacha ar rátaí úis fabhracha do bardais le haghaidh tionscadail arna roghnú ag an Aireacht Comhshaoil agus Pleanála Spásúlachta trí ghlaos tiomnaithe ar thionscadail.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht I. Tionscadail bhreise soláthair agus coigiltis uisce óil

Leis an infheistíocht, tógfar córais bhreise soláthair uisce óil ag a bhfuil meántomhaltas fuinnimh  $\leq 0.5$  kWh nó Innéacs Sceite Bonneagair (ILI)  $\leq 1,5$ , agus athchóireofar córais soláthair uisce óil atá ann cheana chun an meántomhaltas fuinnimh a laghdú níos mó ná 20 % nó sceitheadh a laghdú níos mó ná 20 %.

Cuirfidh bardais an infheistíocht chun feidhme le haghaidh tionscadail arna roghnú ag an Aireacht Comhshaoil agus Pleanála Spásúlachta trí ghlaos tiomnaithe ar thionscadail.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

**C.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht**

Num- bear seichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna )	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gerích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlín e	Cuspó ir	Ráithe	Bhli ain	
46	B: Cosc a neartú chun sábháilteacht ó thuilte a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm Plean Bainistíochta Riosca Tuilte nua	Foráil sa phlean lena léirítear teacht i bhfeidhm an Phlean				R4	2022	Beidh sé d'aidhm ag an bplean nua dlús a chur le pleanáil agus cur chun feidhme beart lena rannchuidítear le hiarmhairtí tuilte a chosc ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, agus réitigh dhúlrahunaithe á gcur chun cinn go háirithe.
47bis	F: Rioscaí tuilte a laghdú a thuilleadh agus an riosca do thubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú	Garsprioc	Dámhachtain conarthaí le haghaidh infheistíochtaí sábháilteachta tuilte	Dámhachtainí a chur in iúl				R4	2024	Conarthaí a dhámhachtain le haghaidh 7 dtionscadal sábháilteachta tuilte. Tabharfar tosaíocht sna critéir roghnúcháin do bhearta réitigh dhúlrahunaithe agus don bhonneagar glas a mhéid is féidir. Áiritheofar leis na conarthaí go gcuirfear tionscadail chun feidhme i gcomhréir le acquis an Aontais agus le rialacháin chomhshaoil agus leis na hiarscríbhinní a ghabhann leis na Rialacháin Tharmligthe is infheidhme ón gCoimisiún lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht (2020/852).

Num- bear seichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna )	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
47	F: Rioscaí tuilte a laghdú a thuilleadh agus an riosca do thubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú	Cuspóir sonrach	An daonra a bhaineann tairbhe as tionscadail cosanta ar thuilte		Líon	0	16 726	R2	2026	Léiríonn an sprioc méid an daonra sa limistéar inar cuireadh tionscadail cosanta tuilte i gcrích.
48	F: Rioscaí tuilte a laghdú a thuilleadh agus an riosca do thubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadail cosanta ar thuilte a cuireadh i gcrích lena dtugtar tús áite, a mhéid is féidir, do 'réitigh dhúlra bhunaithe' agus do bhonneagair ghlasa		Líon	0	7	R2	2026	Is é an sprioc líon nithiúil na n-infheistíochtaí a rinneadh agus a cuireadh i gcrích i réimse na cosanta ar thuilte, i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 47bis. Rannchuideoidh tionscadail le rioscaí tuilte a laghdú i limistéir shainaitheanta, a dtugtar aghaidh orthu leis an bPlean Bainistithe Riosca Tuilte a glacadh le haghaidh 2023-2027 (FRMP) sa tSlóivéin i gcomhréir leis an Treoir maidir le Tuilte, agus i limistéir a ndearna na tuilte a tharla le déanaí difear dóibh. Áireofar iontu, a mhéid is féidir, bearta réitigh dhúlra bhunaithe.
48bis	F: Rioscaí tuilte a laghdú a thuilleadh agus	Cuspóir sonrach	Staidéar cuimsitheach ar an measúnú		Líon	0	1	R2	2026	Anailísí a ullmhú ar staid na n-abhantrach i bPoblacht na Slóivéine agus an doiciméadacht (mar shampla,

Num- bear seichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna )	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlín e	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	an riosca do thubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú		riosca tuilte in abhantracha Phoblacht na Slóivéine							staidéir hidreolaíocha-hiodrálacha agus an doiciméadacht infheistíochta) is gá chun bearta cosanta a phleanáil agus a chur chun feidhme chun rioscaí tuilte a laghdú.
49	D: Éifeachtúlacht oibriú na seirbhísí poiblí i leith chosaint an chomhshaoil a mhéadú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gníomh reachtach/gníomh hartha reachtacha agus rialacháin maidir le cur chun feidhme seirbhísí poiblí i leith chosaint an chomhshaoil	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na bhforálacha dlíthiúla ábhartha				R4	2023	Áiríteofar an méid seo a leanas leis na forálacha dlíthiúla: — inbhuanaitheacht fhadtéarmach mhaoiniú na n-infheistíochtaí bonneagair trí athbhreithniú a dhéanamh ar chost-éifeachtúlacht na muirear agus na dtobhach ar úsáid uisce. — uasghrádú ar an gcóras faisnéise chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhaíocht soláthraithe seirbhíse poiblí.
50	H: Tionscadail bhreise chun fuíolluisce uirbeach a sceitheadh, a chóireáil agus a athúsáid	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain do thionscadail sceite agus cóireála fuíolluisce uirbigh	Dámhachtainí a chur in iúl				R4	2022	Deontais a dhámhachtain do 10 dtionscadal um sceitheadh agus cóireáil fuíolluisce uirbigh. Tabharfaidh tionscadail aghaidh ar atógáil na gcóras atá ann cheana chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus ídiú leictreachais a laghdú 10 % ar a laghad agus áiríteofar leo

Num- bear seichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna )	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlin e	Cuspó ir	Ráithe	Bhli ain	
										glantomhaltas fuinnimh nialasach le haghaidh córas nuathógtha. Díreofar tionscadail ar réimsí cosanta dúlra.
51	H: Tionscadail bhreise chun fuíolluisce uirbeach a sceitheadh, a chóireáil agus a athúsáid	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal um sceitheadh agus cóireáil fuíolluisce uirbigh atá curtha i gcrích		Líon	0	10	R2	2026	Tionscadail a chur i gcrích chun córais nua a thógáil nó córais atá ann cheana a atógáil chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas leictreachais a laghdú i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 50.
52	I: Tuilleadh tionscadal soláthair agus coigiltis uisce óil	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain do thionscadail chun uisce óil a sholáthar	Dámhachtainí a chur in iúl				R4	2022	Deontais a dhámhachtain do thionscadail chun uisce óil a sholáthar. Tabharfaidh tionscadail aghaidh ar atógáil na gcóras atá ann cheana chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas leictreachais a laghdú 10 % ar a laghad, agus áiritheofar leo go mbeidh meántomhaltas fuinnimh ag córas nuathógtha atá níos lú ná nó cothrom le 0.5 kWh nó ILI de 1.5 nó níos lú.

Num- bear seichea mhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spr ioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna )	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
53	I: Tuilleadh tionscadal soláthair agus coigiltis uisce óil	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal soláthair uisce óil a cuireadh i gcrích		Líon	0	10	R2	2026	Tionscadail a chur i gcrích chun córais nua a thógáil nó córais atá ann cheana a atógáil chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus tomhaltas leictreachais a laghdú i gcomhréir leis na ceanglais faoi garsprioc 52.

## **D. COMHCHUID 4: IOMPAR INBHUANAITHE**

Cuireann an spleáchas ard ar iompar de bhóthar agus ar ghluaisteáin agus an úsáid íseal a bhaintear as iompar poiblí go mór le hastaíochtaí carbóin na Slóivéine. Is iad astaíochtaí iompair is cúis le 42.7 % d'astaíochtaí iomlána CO<sub>2</sub> na Slóivéine in 2018, atá i bhfad os cionn mheán an Aontais (32.6 %), agus leanann siad de bheith ag ardú i ndearbhthéarmaí.

Is é is cuspóir don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine úsáid iompair phoiblí, iompair paisinéirí agus lasta d'iarnród, úsáid breoslaí malartacha san iompar a chur chun cinn, chomh maith le claoclú digiteach an iompair d'iarnród agus de bhóthar.

Rannchuideoidh na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin leis na Moltaí Tír-Shonracha atá dírithe ar an tSlóivéin le dhá bhliain anuas chun 'beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar [...] an aistriú ísealcharbóin agus fuinnimh, ar iompar inbhuanaithe, go háirithe ar an iarnród' (Moladh Sonrach Tíre 3, 2019) agus chun 'infheistíocht a dhíriú ar [...] iompar inbhuanaithe' (Moladh Sonrach Tír 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú A. Athchóiriú ar eagrú an iompair phoiblí do phaisinéirí**

Cuireadh isteach go mór ar an iompar poiblí sa tSlóivéin le linn phaindéim COVID-19, agus tháinig laghdú 75 % ar líon na bpaisinéirí in 2020.

Is é is aidhm don athchóiriú sin inrochtaineacht agus iomaíochas an iompair phoiblí a chur chun cinn agus a fheabhsú chun téarnamh tar éis na paindéime. Bunófar leis an athchóiriú oibreoir comhtháite poiblí paisinéirí ar an leibhéal náisiúnta, a thacóidh le comhtháthú an iompair phoiblí d'iarnród agus de bhus le hiompar idirchathrach, uirbeach, scoile agus saothair. Is é is aidhm don athchóiriú feabhas suntasach a chur ar an gcaighdeán inrochtaineachta don iompar poiblí.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme le teacht i bhfeidhm dlí nua maidir le hiompar poiblí do phaisinéirí agus le bunú agus teacht i bhfeidhm oibreora iompair phoiblí chomhtháite nua ag an Aireacht Comhshaoil, Aeráide agus Fuinnimh. Is é is aidhm dó sin a léiriú i méadú ar an tseirbhís phoiblí do phaisinéirí faoin 30 Meitheamh 2025.

#### **Athchóiriú B. Athchóiriú ar imscaradh bonneagair breoslaí ionadúla**

Is é is aidhm don athchóiriú úsáid breoslaí malartacha in iompar intíre agus trasteorann a mhéadú agus sciar na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailleán ón iompar a laghdú. Go háirithe, ainmneofar leis an athchóiriú eintiteas chun riachtanais na n-earnálacha iompair agus fuinnimh a chomhordú, a áiríteoidh agus a chomhordóidh imscaradh bonneagair breoslaí ionadúla agus, dá bhrí sin, an t-aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus ísle a dhéanamh níos athléimní.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme le teacht i bhfeidhm Gníomh um bhreoslaí ionadúla san iompar agus i mbonneagar breoslaí malartacha faoin 30 Meitheamh 2022, lena mbunófar freisin creat rialála náisiúnta i réimse na mbreoslaí malartacha in earnáil an iompair.

Meastar go spreagfaidh an creat rialála nua tógáil 400 pointe athluchtaithe nó athbhreoslaithe nua cláraithe ar a laghad le haghaidh feithiclí cumhachta malartacha sa tSlóivéin faoin 31 Nollaig 2025, chomh maith leis na pointí sin a mhaoinítear faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine.

### Infheistíocht C. Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú

Cuirfidh na hinfeistíochtaí iompar d'iarnród agus nascacht le lárionaid uirbeacha chun cinn. Cuirfidh siad feabhas freisin ar inrochtaineacht stáisiún iarnróid do dhaonra níos leithne, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

Cuirfidh na tionscaddail roghnaithe feabhas ar an tseirbhís iompair, d'iompar paisinéirí agus lasta araon:

- Trí stáisiúin mhóra iarnróid ar an ngréasán réigiúnach a uasghrádú, Grosuplje agus Domžale.
- Trí chuid de líne iarnróid Liúibleána — Divača a uasghrádú, arb ionann í agus príomhnasc iompair Primorska leis an tSlóivéin Láir agus atá mar chuid den dá chonair TEN-T a théann tríd an tSlóivéin, eadhon Conair na Meánmhara agus Conair Mhuir Bhailt-Muir Aidriad, agus uasghrádú líne iarnróid Liúibleána — Jesenice. Faoi láthair, ní chomhlíonann an dá bhealach méideanna tráchta atá ann cheana agus tá siad tábhachtach d'iompar lasta trasteorann.

Maoinítear an infheistíocht sin leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistiú náisiúnta araon. Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2025.

### Infheistíocht D. Bonneagar bóithre a dhigitiú

Is é is aidhm don infheistíocht seo faisnéis iontaofa a chur ar fáil maidir leis an gcóras iompair chun fáil agus malartú sonraí tráchta maidir le staid an bhonneagair iompair agus gluaiseacht fíor-ama feithicilí a fheabhsú. Áiríteofar leis an infheistíocht idir-inoibritheacht níos fearr na gcóras bainistíochta, rud a fhágfaidh go mbeidh bainistiú tráchta níos éifeachtúla agus a chuirfidh feabhas ar an tsábháilteacht trí iompar de bhóthar a dhigitiú. Cuirfear córas rialaithe tráchta láraithe ibhfeidhm ina mbeidh ardbhonneagar teicneolaíochta le haghaidh léirshamhlú sonraí agus treochlár digiteach de chuid na Slóivéine. Cuirfear an fhaisnéis ón gcóras sin ar fáil do gach ionad rialaithe tráchta bóthair. Is é is aidhm don chóras an sreabhadh tráchta a chomhordú agus a fheabhsú agus dálaí tráchta sa tSlóivéin a fheabhsú.

Digitiú 70 ciliméadar de bhóthar: is éard a bheidh san infheistíocht uasghrádú an ghréasáin snáithín agus ceannach brathadóirí bóthair chun sonraí tráchta a bhailiú i bhfíor-ama, lena n-áirítear uirlis ionsamhlúcháin um shábháilteacht ar bhóithre, agus uirlisí feidhmchláir d'úsáideoirí. Trí choigeartuithe fíor-ama ar theorainneacha luais taistil a cheadú, tá sé d'aidhm ag an mbainisteoir tráchta a bheith in ann timpistí agus plódú a chosc, chomh maith le hastaíochtaí a laghdú. Is í an Chuideachta Mhótarbhealaigh sa tSlóivéin a chuirfidh an infheistíocht chun feidhme, cuideachta a bhfuil an mhonaplacht dhlíthiúil chun mótarbhealaí a thógáil agus a oibriú curtha de chúram uirthi, agus is í an Stiúirthóireacht Bonneagair atá freagrach as bainistiú agus rialú tráchta ar bhóithre náisiúnta a chuirfidh an infheistíocht chun feidhme.

Críochnófar gníomhaíochtaí faoin infheistíocht sin faoin 30 Márta 2026.

### Infheistíocht E. Úsáid bonneagair breoslaí ionadúla san iompar a chur chun cinn

Leis an infheistíocht, cómhaoineofar imscaradh bonneagar athluchtaithe nó athbhreoslaithe le haghaidh breoslaí ionadúla. Áireofar orthu sin 368 bpointe athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha le haghaidh úsáid ghinearálta. Beidh 80 pointe athluchtaithe breise faoi úinéireacht an riaracháin stáit agus tiomnaithe chun cúraimí riaracháin a dhéanamh.

Cuirfear an infheistíocht chun feidhme trí thairiscint iomaíoch lena n-áiríteofar dáileadh geografach leordhóthanach, lena n-áirítear anailís ar riachtanais an bhonneagair sin amach anseo agus mapáil na limistéar criticiúil ina bhfuil easnamh suntasach sa bhonneagar sin.

Críochnófar na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

**D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
54	A: Athchóiriú ar eagrú an iompair phoiblí do phaisinéirí	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh lena mbunaítear oibreoir comhtháite poiblí iompair do phaisinéirí	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Ghnímh				R2	2022	Tabharfaidh an dlí cúraimí atá á n-oibriú faoi láthair ag an Aireacht Bonneagair, bardas agus Iarnróid na Slóivéine do chuideachta chomhtháite bainistíochta iompair phoiblí do phaisinéirí. Déanfaidh an chuideachta, inter alia, forbairt iompair phoiblí do phaisinéirí a chur chun cinn, leasuithe ar reachtaíocht agus ar ghníomhartha eile a mholadh, pleanáil riachtanas a áirithiú, nósanna imeachta soláthair phoiblí a sheoladh, an córas ticéadaithe a bhainistiú, maoirseacht iomchuí a áirithiú, agus faisnéis a sholáthar do phaisinéirí.
55	A: Athchóiriú ar eagrú an iompair phoiblí do phaisinéirí	Garsprioc	Tá cuideachta bainistíochta iompair do phaisinéirí poiblí oibríochtúil	An gníomh dlí lena mbunaítear an chuideachta phoiblí bainistíochta iompair do phaisinéirí				R4	2023	Teacht i bhfeidhm na Cuideachta um Bainistiú Iompair do Phaisinéirí Poiblí ag a bhfuil acmhainní daonna agus airgeadais.
56	A: Athchóiriú ar eagrú an	Cuspóir sonrath	Méadú ar an tseirbhís		Líon	50	60	R2	2025	Méadú ó 50 000 000 km d'aistir bhliantúla ar an gcóras poiblí

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	iompair phoiblí do phaisinéirí		iompair phoiblí		(ml de km)					paisinéirí in 2020 go 60 000 000 km ar a laghad de thurais bhliantúla.
57	C: Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú	Garspíoc	Conarthaí a dhámhachtain chun codanna iarnróid a uasghrádú	Gradaim a chur in iúl chun rianta iarnróid ar chodanna a uasghrádú: Kranj — Jesenice Ljubljana — Brezovica agus Preserje agus Preserje — Borovnica				R4	2022	Dámhachtain conarthaí chun rianta iarnróid ar chodanna a uasghrádú: Kranj — Jesenice Ljubljana — Brezovica agus Preserje agus Preserje — Borovnica. Airitheofar leis an tsonraíocht tairisceana go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus na ceanglais seo a leanas: — Sreabhánacht iarnróid a mhéadú trí scrogaill ar líne Uimh. 50 Liúibleána — Sežana — d.m. agus líne Uimh. 20 Liúibleána — Jesenice — d.m. a bhaint; — Línte agus stáisiúin uasghrádaithe i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht; — Treoraíocht maidir le toilleadh ualaigh de chatagóir chomhfhreagrach D4 de 22.5 t/acastóir 8 t/m; — Luas na dtraenacha a mhéadú go luasanna deartha nua.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
58	C: Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú	Garspríoc	Dámhachtain conarthaí chun stáisiúin iarnróid Grosuplje agus Domžale a uasghrádú	Gradaim a chur in iúl chun stáisiúin Grosuplje agus Domžale a uasghrádú				R4	2022	Dámhachtain conarthaí chun stáisiúin iarnróid Grosuplje agus Domžale a uasghrádú. Airitheofar leis na sonraíochtaí tairisceana go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus áireofar iontu feabhsuithe ar inrochtaineacht reatha do phaisinéirí agus ar acmhainn riain na línte.
59	C: Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú	Cuspóir sonrathach	Stáisiúin iarnróid uasghrádaithe		Líon (stáisiúin)	0	2	R2	2024	Oibreacha athchóirithe curtha i gcrích ag Grosuplje agus Domžale i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharspríoc 58.
60	C: Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú	Cuspóir sonrathach	Fad na línte iarnróid uasghrádaithe		Líon (km)	0	49	R2	2025	Ciliméadar atógtha de líne iarnróid (in Kranj-Jesenice agus Liúibleána-Brezovica-Borovnica) i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharspríoc 57.
62	D: Bonneagar bóithre a dhigitiú	Cuspóir sonrathach	Bóithre a chumhdaítear le córas rialaithe agus bainistíochta tráchta		Líon (km)	0	70	R2	2026	Áireofar sa chóras rialaithe agus bainistíochta tráchta líonra optúil cnámh droma uasghrádaithe, lárionad rialaithe uasghrádaithe, ag a mbeidh físchóras bunaithe chun bóithre náisiúnta agus mótarbhealaí a rialú, lena gceadófar rialú tráchta láraithe ar an ngréasán bóithre náisiúnta agus

Uimhir sheicheadh	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										ar mhótarbhealaí. Aireofar ann córas comharthaíochta teachtaireachtaí athraitheacha chun bainistiú luais a chumasú, gréasán optúil chun sreafaí sonraí mórscaála níos tapúla agus níos iontaofa a sholáthar, brathadóirí bóthair le haghaidh bailiú éighníomhach fíor-ama sonraí tráchta, uirlis ionsamhlúcháin um shábháilteacht ar bhóithre agus faisnéis d'úsáideoirí deiridh trí uirlisí feidhmchláir.
63	B: Athchóiriú ar imscaradh bonneagair breoslaí ionadúla	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm Gníomh um Breoslaí Malartacha san Iompar	Teacht i bhfeidhm dlí lena mbunaítear creat rialála náisiúnta i réimse na mbreoslaí malartacha iompair.				R2	2022	Bunófar leis an dlí creat dlíthiúil cuimsitheach maidir le breoslaí malartacha a úsáid san iompar, lena leagfar amach rialacha atá ceangailteach ó thaobh dlí do na geallsealbhóirí uile in ionad ilfhreastail chun éagsúlú an iompair phearsanta go príomha a éascú go hiompar astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha. Cumhdófar leis an dlí cruthú, clárú agus oibriú bonneagair athluchtaithe/soláthair.
64	B: Athchóiriú ar imscaradh bonneagair	Cuspóir sonrath	Pointí athluchtaithe nó		Líon	1 300	1 714	R4	2025	Meastar go dtiocfaidh méadú ar líon na bpointí athluchtaithe sa tír atá inrochtana don phobal ó 1300

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	breoslaí ionadúla		athbhreoslaith e oibríochtúla le haghaidh feithiclí faoi thiomáint mhalartach							go 1714, cé is moite díobh siúd dá bhforáiltear i spíocanna 65 agus 66.
65	E: Imscaradh bonneagair breoslaí ionadúla san iompar a chur chun cinn	Cuspóir sonrath	Pointí athluchtaithe oibríochtúla atá inrochtana don phobal le haghaidh feithiclí leictreacha		Líon	0	368	R4	2025	Gnáthphointí athluchtaithe agus pointí athluchtaithe ardchumhachta atá tógtha agus oibríochtúil d'fheithiclí leictreacha. Beidh na stáisiúin luchtaithe i gcomhréir leis na sainmhínte a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais agus sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir le bonneagar breoslaí ionadúla agus i gcomhréir leis na leasuithe atá i bhfeidhm.
66	E: Imscaradh bonneagair breoslaí ionadúla san iompar a chur chun cinn	Cuspóir sonrath	Pointí athluchtaithe oibríochtúla d'fheithiclí leictreacha atá faoi úinéireacht an riaracháin poiblí		Líon	0	80	R4	2025	Gabhtar leis an spíoc bonneagar athluchtaithe na bhfeithiclí leictreacha a bheidh faoi úinéireacht an riaracháin poiblí agus ar fáil don riarachán poiblí chun cúraimí riaracháin a dhéanamh. Beidh na stáisiúin luchtaithe i gcomhréir leis na

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										sainmhínithe a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais agus sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir le bonneagar breoslaí ionadúla agus i gcomhréir leis na leasuithe atá i bhfeidhm.

### **D.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta**

#### Athchóiriú F: Bonneagar breoslaí malartacha a imscaradh a thuilleadh

Is é is cuspóir don athchóiriú seo imscaradh bonneagair breoslaí ionadúla in earnáil an iompair a éascú. Is é is aidhm don athchóiriú córas a bhunú chun bonneagar breoslaí ionadúla a phleanáil agus a chur in úsáid go straitéiseach, chun comhtháthú sa chóras leictreachais agus chun iompar astaíochtaí nialasacha a mhaoiniú.

Leis an athchóiriú, bunófar sásra dreasachta náisiúnta chun bonneagar breoslaí ionadúla a imscaradh san iompar trí (i) creat beartais nua a thabhairt isteach ina mbeidh pleanáil agus bainistiú straitéiseach ar bhonneagar breoslaí ionadúla (fóntas poiblí a bhunú agus a oibriú), (ii) pleananna bonneagair luchtaithe náisiúnta agus áitiúla a fhorbairt agus ardán digiteach náisiúnta a bhunú chun infheistíocht a spreagadh, agus (iii) foinse shistéamach chistiúcháin a imscaradh chun bonneagar breoslaí malartacha atá beartaithe go straitéiseach a imscaradh agus chun aistriú chuig feithiclí glana.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme le teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir le bonneagar le haghaidh breoslaí malartacha agus le cur chun cinn an aistrithe chuig breoslaí malartacha in earnáil an iompair.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2023.

#### Infheistíocht C: Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh

Is é is aidhm don infheistíocht iompar d'iarnród agus nascacht le lárionaid uirbeacha a chur chun cinn trí thoilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú. Tá sé d'aidhm ag an infheistíocht freisin feabhas a chur ar inrochtaineacht stáisiún iarnróid do dhaonra níos leithne, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

Is é is aidhm do na tionscadail roghnaithe feabhas a chur ar an tseirbhís iompair, le haghaidh iompar paisinéirí agus lasta araon:

- Trí stáisiún traenach Liúibleána a uasghrádú (trasbhóthar chéim A, Dunajska)
- Trí stáisiún iarnróid Nova Gorica a uasghrádú
- Trí chuid de na nithe seo a leanas a uasghrádú: líne iarnróid réigiúnach Jesenice — Sežana agus líne iarnróid réigiúnach teorainn Maribor-Prevalje-stát

Is é is aidhm don infheistíocht feabhas a chur ar éifeachtúlacht an iompair iarnróid d'úsáideoirí deiridh. Leis an uasghrádú ar an stáisiún iarnróid i gcéim A Liúibleána, beifear in ann an toilleadh le haghaidh iompar lasta agus paisinéirí a mhéadú i mol Liúibleána, áit a dtrasnaíonn na trí chonair iompair TEN-T le línea réigiúnacha.

Le huasghrádú stáisiún iarnróid Nova Gorica, tabharfar inrochtaineacht bhreise do na húsáideoirí.

Tá líne iarnróid réigiúnach Jesenice-Sežana ar stráice Bled Jezero-Bohinjska Bela agus ar stráice Bohinjska Bela-Nomenj agus líne iarnróid réigiúnach teorann Maribor-Prevalje-stát ar an gcuid den teorainn idir Prevalje agus an stát suite i limistéir a ndearna tubaistí nádúrtha difear dóibh in 2023. Méadóidh an t-uasghrádú athléimneacht an bhonneagair sna codanna sin trí chóras draenála a chur chun feidhme don fhorstruchtúr.

Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

**D.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
67bis	C: Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh	Garsprioc	Conarthaí a dhámhachtain chun codanna iarnróid a uasghrádú	Gradaim a chur in iúl chun rianta iarnróid ar chodanna a uasghrádú: Bled Jezero-Bohinjska Bela, Bohinjska Bela-Nomenj agus teorainn Prevalje-stát				R3	2025	Dámhachtain conarthaí chun rianta iarnróid ar chodanna a uasghrádú: Bled Jezero-Bohinjska Bela, Bohinjska Bela-Nomenj agus teorainn Prevalje-Stát. Aireofar na ceanglais seo a leanas sna sonraíochtaí tairisceana: a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus na ceanglais seo a leanas: — Sreabhánacht iarnróid a mhéadú trí scrogaill ar chodanna Bled Jezero-Bohinjska Bela, Bohinjska Bela-Nomenj agus ar theorainn Prevalje-Stát a bhaint; — Línite uasghrádaithe i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht; —Treoir maidir le toilleadh ualaign de chatagóir chomhfhreagrach D4 de 22.5 t/acastóir 8 t/m; — Paraiméadair theicniúla chun luas

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										na dtraenacha a mhéadú go luasanna deartha nua.
67ter	F: Athchóiriú ar bhonneagar breoslaí malartacha a chur in úsáid a thuilleadh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir le bonneagar le haghaidh breoslaí malartacha agus an t-aistriú chuig breoslaí malartacha in earnáil an iompair a chur chun cinn	Forálacha sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Achta				R2	2023	Déanfar foráil san Acht maidir le (i) creat beartais nua a thabhairt isteach arb é atá ann pleanáil straitéiseach agus bainistiú straitéiseach ar bhonneagar breoslaí ionadúla (áirgiúlacht phoiblí a bhunú agus a oibriú); (II) pleananna bonneagair luchtaithe náisiúnta agus áitiúla a fhorbairt agus ardán digiteach náisiúnta a bhunú chun infheistiúocht a spreagadh; (III) foinse chórasach chistiúcháin a imscaradh chun bonneagar breoslaí malartacha atá beartaithe go straitéiseach a imscaradh agus chun aistriú chuig feithiclí glana.
67	C: Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh	Garsprioc	Dámhachtain conarthaí chun stáisiún traenach Liúibleána (pas A Dunajska) agus stáisiún traenach Nova	Dámhachtainí a chur in iúl				R2	2024	Conarthaí a dhámhachtain chun uasghrádú a dhéanamh ar ró-bhealach Liúibleána agus ar stáisiún iarnróid Nova Gorica. Áiríteofar leis na sonraíochtaí tairisceana go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus áireofar iontu

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			Gorica a uasghrádú							feabhsuithe ar an inrochtaineacht reatha d'úsáideoirí ag stáisiún iarnróid Nova Gorica agus ar thoilleadh rianta na línte. Áiritheofar le tionscadal an uasghrádaithe ar chéim stáisiún iarnróid Liúibleána céim A Dunajska toilleadh na líne iarnróid go dtí ualach acastóra chatagóir D4 (22.5 t/acastóir) le haghaidh iompar lasta, luasanna níos airde, an fhéidearthacht traenacha atá 740 m ar fad le haghaidh seirbhísí lasta a iompar agus an caighdeán a cheanglaítear leis an Rialachán maidir le Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht.
68	C: Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh	Cuspóir sonrach	Stáisiún Iarnróid uasghrádaithe Liúibleána (pas A Dunajska) agus Nova Gorica	Oibreacha foirgníochta críochnaithe agus tuarascáil ar chigireacht theicniúil a eisíodh.	Líon	0	2	R2	2026	Oibreacha foirgníochta curtha i gcrích ag Stáisiún Iarnróid Liúibleána (pas A Dunajska) agus Stáisiún Iarnróid Nova Gorica i gcomhréir leis na ceanglais faoi garsprioc 67 agus tuarascáil ar chigireacht theicniúil a eisíodh.
68bis	C: Toilleadh bonneagair iarnróid a	Cuspóir sonrach	Fad na línte iarnróid uasghrádaithe		Líon (km)	0	19,2	R2	2026	Ciliméadar atógtha de líne iarnróid (Bled Jezero-Bohinjska Bela, Bohinjska Bela-Nomenj agus Prevalje — teorainn Stáit i

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúcht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	mhéadú a thuilleadh									gcomhréir leis na ceanglais faoi garspríoc 67bis.

## **E. COMHPHÁIRT 5: AN GEILLEAGAR CIORCLACH — ÉIFEACHTÚLACHT ACMHAINNÍ**

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tugtar aghaidh ar dhúshlám a bhaineann le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, táirgiúlacht ábhair a mhéadú, éifeachtúlacht fuinnimh agus éiceanuálaíocht a chur chun cinn, feabhas a chur ar an gcóras bainistithe dramhaíola agus an slabhra próiseála adhmaid a neartú. Tugtar isteach pleanáil bhuiséadach ghlas leis an gcomhpháirt freisin.

Is é cuspóir na comhpháirte tacú le haistriú gheilleagar líneach na Slóivéine chuig geilleagar ciorclach ísealcharbóin, i gcomhréir le Straitéis Forbartha na Slóivéine 2030 agus le Plean Gníomhaíochta nua an Aontais don Gheilleagar Ciorclach: ‘I dtreo Eoraip níos glaine agus níos iomaíche’.

Rannchuideoidh na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin leis na Moltaí Tír-Shonracha atá dírithe ar an tSlóivéin le dhá bhliain anuas chun ‘beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar [...] an aistriú ísealcharbóin agus fuinnimh (Moladh Sonrach Tír 3, 2019) agus chun ‘díriú ar infheistíochtaí don aistriú [...] glas, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, ar bhonneagar comhshaoil’ (Moladh Sonrach Tír 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### Athchóiriú A: Creat a bhunú le haghaidh Claochlú Inbhuanaithe agus Glas

Is é is cuspóir don athchóiriú dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach le haghaidh éifeachtúlacht acmhainní.

Bunófar creat straitéiseach agus dlíthiúil le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar ciorclach chun feabhas a chur ar fhreagracht leathnaithe táirgeora agus chun comhtháthú ábhar athchúrsáilte i dtáirgí nua a chur chun cinn. Bunófar leis an athchóiriú pleanáil bhuiséadach ghlas trí mhodheolaíocht a thabhairt isteach arb é is aidhm di gnéithe den bhuiséad poiblí a dhéanann difear do bheartais chomhshaoil a shainnithint agus a mheasúnú. Leis an athchóiriú, éascófar stiúradh an bhuiséid agus tacófar le comhleanúnachas na mbeartas buiséadach agus fioscach le cuspóirí aeráide. Leis an athchóiriú, neartófar freisin an córas soláthair phoiblí ghlais atá ann cheana trí phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chomhtháthú. Bunóidh sé ionad ilfhreastail chun tacú le gnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus iad ag aistriú chuig geilleagar ciorclach.

Tabharfar na garspriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

#### Infheistíocht B: Tionscadal Straitéiseach Comhtháite le haghaidh Dhícharbónú na Slóivéine tríd an Aistriú chuig Geilleagar Ciorclach

Is é cuspóir na hinfheistíochta éifeachtúlacht acmhainní cuideachtaí a mhéadú agus tacú lena n-aistriú chuig geilleagar ciorclach.

Cumhdófar le tionscadail faoin infheistíocht sin tacú le gnólachtaí nuathionscanta i réimse an gheilleagair chiorclaigh ísealcharbóin, oiliúint a chur ar mheantóirí chun cabhrú le cuideachtaí réitigh chlaohlaitheacha a shainaithint agus a fhorbairt agus tacú leis na slabhraí luacha ciorclacha trí thimpeallacht ghnó atá neamhdhíobhálach don chomhshaol d'infheisteoirí.

Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht C: Próiseáil Adhmaid Mhéadaithe chun dlús a chur leis an aistriú chuig sochaí aeráidneodrach

Meastar go rannchuideoidh an infheistíocht sin le méadú ar phróiseáil adhmaid intíre bunaithe ar phróiseas táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus ar éifeachtúlacht acmhainní.

Leis an infheistíocht sin, maoiníofar acmhainneacht nua agus leathnófar an acmhainneacht atá ann cheana maidir le próiseáil adhmaid. Sa dá chás, leanfaidh gníomhaíochtaí prionsabail na tógála inbhuanaithe. Beidh siad faoi réir critéir dhochta gan dochar suntasach a dhéanamh, go háirithe maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

**E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
69	A: Creat a bhunú le haghaidh claochlú inbhuanaithe agus glas	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe maidir le freagracht leathnaithe táirgeora agus aisghabháil dramhaíola	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe ar an bhForaithne maidir le Bainistiú Pacáistíochta agus Dramhaíola ó Phacáistíocht agus ar an Rialachán Dramhaíola				R4	2022	Leis na leasuithe ar an bhForaithne maidir le Bainistiú Pacáistíochta agus Dramhaíola ó Phacáistíocht agus ar an Rialachán Dramhaíola, méadófar freagracht eagraíochtúil agus airgeadais na monaróirí agus cuirfear chun cinn comhtháthú ábhar athchúrsáilte i dtáirgí nua.
70	A: Creat a bhunú le haghaidh claochlú inbhuanaithe agus glas	Garsprioc	Modheolaíocht pleanála buiséadaí glasa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm	Modheolaíocht pleanála buiséadaí glaise a fhorbairt agus tús a chur lena cur i bhfeidhm				R4	2023	Déanfaidh an Aireacht Airgeadais modheolaíocht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar thionchar línte buiséid aonair ar chuspóirí comhshaoil (clibeáil aeráide) i gcomhréir leis an tacsanomaíocht agus leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ sa Treoir Theicniúil (2021/C58/01). Déanfar an mhodheolaíocht a ghlacadh, a fhoilsiú

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										agus a chur i bhfeidhm agus ceadófar léi faireachán a dhéanamh ar chaiteachas an bhuiséid ghlais agus ar an measúnú ar thionchar an bheartais fhioscaigh ar an gcomhshaol agus ar an aeráid.
71	A: Creat a bhunú le haghaidh claoclú inbhuanaithe agus glas	Garspríoc	Tá an t-ionad ilfhreastail don gheilleagar ciorclach ag feidhmiú	Tá an t-ionad ilfhreastail don gheilleagar ciorclach ag feidhmiú				R2	2022	Tacóidh an t-ionad ilfhreastail le gnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus iad ag aistriú chuig geilleagar ciorclach. Déanfaidh sé cur chun feidhme na sé chlár de Thionscadal Straitéiseach Comhtháite na Slóivéine a chomhtháthú agus a chomhordú go córasach tríd an aistriú chuig geilleagar ciorclach.
72	B: Tionscadal straitéiseach comhtháite chun an tSlóivéin a dhíchárbónú tríd an aistriú chuig geilleagar ciorclach	Garspríoc	Deontais a dhámhachtain chun tacú le cuideachtaí san aistriú chuig geilleagar ciorclach	Dámhachtainí a chur in iúl				R2	2024	Méadóidh na tionscadail éifeachtúlacht acmhainní na cuideachtaí roghnaithe. Áiríteofar leis na critéir roghnúcháin go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01). Maidir le gach tionscadal a bhaineann le suiteálacha a chumhdaítear le córas trádála astaíochtaí an Aontais, áiríteofar go mbainfidh na suiteálacha a dtacaítear leo a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa réamh-mheasta amach go mór faoi bhun na

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										teorann a leagtar síos don leithdháileadh saor in aisce mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún <sup>1</sup> .
73	B: Tionscadal straitéiseach comhtháite chun an tSlóivéin a dhícharbónú tríd an aistriú chuig geilleagar ciorclach	Cuspóir sonrath	Tionscadail atá curtha i gcrích chun tacú le cuideachtaí san aistriú chuig geilleagar ciorclach		Líon	0	150	R4	2025	Tá tionscadail curtha i gcrích chun an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a fheabhsú.
74	C: Próiseáil adhmaid a mhéadú chun dlús a chur leis an aistriú chuig sochaí aeráidneodrach	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain chun tacú le próiseáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil	Dámhachtainí a chur in iúl				R4	2024	Cuirfidh tionscadail próiseáil adhmaid chun cinn ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de agus tíosach ar acmhainní agus i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus na tógála inbhuanaithe. Áiríteofar le critéir roghnúcháin an tionscadail go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’

<sup>1</sup> I gcás ina mbaineann an ghníomhaíocht a dtacaítear léi amach astáíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										(2021/C58/01), go háirithe maidir le cosaint na bithéagsúlachta.
75	C: Próiseáil adhmaid a mhéadú chun dlús a chur leis an aistriú chuig sochaí aeráidneodrach	Cuspóir sonrath	Tionscadail atá curtha i gcrích chun tacú le próiseáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol		Líon	0	8	R2	2025	Tionscadail chun tacú le próiseáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol curtha i gcrích.
76	C: Próiseáil adhmaid a mhéadú chun dlús a chur leis an aistriú chuig sochaí aeráidneodrach	Cuspóir sonrath	Tionscadail atá curtha i gcrích chun tacú le próiseáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol		Líon	8	28	R2	2026	Tionscadail chun tacú le próiseáil adhmaid atá neamhdhíobhálach don chomhshaol curtha i gcrích.

## F. COMHPHÁIRT 6: CLAOCHLÚ DIGITEACH AN GHEILLEAGAIR

Tá cuideachtaí Slóivéanacha ag titim chun deiridh maidir le luas an oiriúnaithe d'athruithe a eascraíonn as an digitiú mar gheall ar easpa inniúlachtaí agus scileanna fostaithe agus acmhainní teoranta chun infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh agus in ardteicneolaíochtaí digiteacha.

I bhfianaise an mhéid sin, is iad cuspóirí na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine éifeachtúlacht agus fás gnólachtaí a mhéadú, tacú lena gclaochlú trí theicneolaíochtaí digiteacha, dlús a chur le húsáid níos mó a bhaint as ardteicneolaíochtaí, agus an creat rialála a oiriúnú, feabhas a chur ar rochtain ar an margadh, trédhearcacht agus slándáil, rud a mheastar a mhéadóidh iomaíochas na tíre san fhadtéarma. Tacófar le comhtháthú breise i slabhraí luacha domhanda chuideachtaí na Slóivéine trí pháirt a ghlacadh i dtionscadail ilnáisiúnta.

Rannchuideoidh na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin leis na Moltaí Tírshonracha atá dírithe ar an tSlóivéin in 2019 chun ‘an timpeallacht ghnó a fheabhsú trí shrianta rialála agus an t-ualach riaracháin a laghdú’ (Moladh Sonrach Tíre 2, 2019) agus in 2020 chun ‘infheistíocht a dhíriú ar an [...] aistriú digiteach [...] agus ar leathadh amach an líonra 5G. Acmhainneachtaí digiteacha gnólachtaí a chur chun cinn, agus scileanna digiteacha, ríomhthráchtáil a neartú [...]’ (Moladh Tírshonrach 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### Athchóiriú A: Claochlú digiteach an gheilleagair (gnó agus tionscal)

Tacófar le claochlú digiteach an gheilleagair trí theacht i bhfeidhm Straitéise um Chlaochlú Digiteach Fiontar agus na dtreoirlínte maidir le soláthar nuálach. Déanfar foráil sa Straitéis maidir le clár a aistriú chuig clár gnó aonair.

Áireofar sa Straitéis freisin treochlár chun Bosca Uirlisí Coiteann an Aontais le haghaidh Nascachta a chur chun feidhme,<sup>2</sup> lena ndéanfar ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le pointe faisnéise aonair.

Tabharfar na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

#### Infheistíocht B: An Clár um Chlaochlú Digiteach Tionsclaíoch/Gnólachtaí

Meastar go méadóidh an infheistíocht táirgiúlacht agus fás trí phróisis a bharrfheabhsú agus trí ardteicneolaíochtaí digiteacha a chur chun feidhme, scileanna digiteacha fostaithe a fhorbairt, agus iomaíochas agus nuálaíocht a spreagadh trí iontráil rannpháirtithe nua sa mhargadh a éascú.

---

<sup>2</sup> De bhun Mholadh (AE) 2020/1307 ón gCoimisiún maidir le bosca coiteann uirlisí de chuid an Aontais chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí fíor-ardacmhainne a imscaradh agus chun rochtain thráthúil agus neamhdhíobhálach don infheistíocht ar speictream raidió 5G a áirithiú, chun nascacht a chothú chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch ó ghéarchéim COVID-19 san Aontas.

Le glao iomaíoch ar thograí, sainaitheofar tionscadail shonracha chun úsáid ardteicneolaíochtaí a leathnú chun éifeachtúlacht, táirgiúlacht agus iomaíochas a mhéadú, agus chun dlús a chur le glacadh na nuálaíochta digití agus le haistriú inniúlachtaí digiteacha.

Is éard a bheidh sna tairbhíthe cuibhreannais ina mbeidh cuideachtaí móra agus FBManna. Déanfaidh cuideachtaí straitéis chuimsitheach um an gclaochlú digiteach a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun na cuspóirí sa ghlaó ar thograí a bhaint amach.

Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta tugtha chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

#### Infheistíocht D: Tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta — Bonneagar agus seirbhísí coiteanna sonraí Eorpacha

Is iad cuspóirí na dtionscadail ilnáisiúnta maidir le bonneagar agus seirbhísí coiteanna sonraí Eorpacha glúin nua bonneagair agus seirbhísí ísealchumhachta ó Edge go Néalríomhaireacht a fhorbairt agus a chur in úsáid ag an gcéad imscaradh tionsclaíoch, chun cumais phróiseála sonraí tionsclaíoch a atá domhanda, réamhbhreathnaitheach, sárshlán agus glas a thabhairt don Aontas ar deireadh.

D'fhéadfadh an tionscadal seo a bheith i gcruth Tionscadail Thábhachtaigh ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) atá beartaithe maidir le Bonneagar agus Seirbhísí Néalríomhaireachta na Chéad Ghlúine Eile.

Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an tionscadail críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht E: Tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta — Próiseálaithe Ísealchumhachta agus Sliseanna Leathsheoltóra

Is iad cuspóirí an tionscadail iltíre maidir le Próiseálaithe Ísealchumhachta agus Sliseanna Leathsheoltóra na cumais maidir le dearadh agus méadú athléimneacht shlabhraí luacha leathsheoltóirí an Aontais agus na Slóivéine a neartú, próisis náisiúnta agus próisis an Aontais a nascadh chun forluí a dhéanamh ar chiorcail oibre, agus slabhra luacha na micrileictreonaice a neartú trí (1) chur chuige modúlach (uirlisí agus trealamh, ábhair, dearadh, monarú, pacáistiú agus tástáil), arna spreagadh ag riachtanais na tionsclaíochta, (2) forbairt nua a shainiú trí éiceachóras micrileictreonaice a shainiú, (3) éiceachóras iomlán na micrileictreonaice san Eoraip a chomhtháthú.

D'fhéadfadh an tionscadal seo a bheith i gcruth Tionscadail Thábhachtaigh ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) atá beartaithe.

Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an tionscadail tugtha chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

**F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
77	A: Claochlú digiteach an gheilleagair (gnó agus tionscal)	Garsprioc	Straitéis a ghlacadh maidir le claochlú digiteach fiontar	Glacadh na straitéise maidir le claochlú digiteach fiontar ag an rialtas				R4	2021	<p>Déanfaidh an rialtas straitéis um chlaochlú digiteach gnó a fhorbairt agus a ghlacadh ina leagfar amach céimeanna bunúsacha an chlaochlaithe dhigitigh. Áiríteofar leis an straitéis go mbeidh gach oibreoir gnó sa tSlóivéin cláraithe in aon chlár amháin, i gcomhréir le prionsabal na haonuaire atá leabaithe sa Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach (AE) 2018/1724.</p> <p>Áireofar sa Straitéis treochlár chun Bosca Uirlisí Coiteann an Aontais le haghaidh Nascachta a chur chun feidhme,<sup>3</sup> lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le pointe faisnéise</p>

<sup>3</sup> De bhun Mholadh (AE) 2020/1307 ón gCoimisiún maidir le bosca coiteann uirlisí de chuid an Aontais chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí fíor-ardacmhainne a imscaradh agus chun rochtain thráthúil agus neamhdhíobhálach don infheistíocht ar speictream raidió 5G a áirithiú, chun nascacht a chothú chun tacú le téarnamh eacnamaíoch ó ghéarchéim COVID-19 san Aontas.

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										aonair agus amlíne shonrach chun gach gníomhaíocht a chur i gcrích.
78	A: Claoclú digiteach an gheilleagair (gnó agus tionscal)	Garsprioc	Treoirlínte maidir le soláthar poiblí nuálach	Treoirlínte maidir le soláthar poiblí nuálach arna nglacadh ag Rialtas Phoblacht na Slóivéine				R2	2022	Saineofar sna treoirlínte maidir le soláthar nuálach na nósanna imeachta roghnúcháin agus na critéir maidir le rannpháirtíocht iarratasóirí i nósanna imeachta soláthair poiblí nuálacha.
80	B: Clár um chlaoclú digiteach tionsclaíoch/gnó	Garsprioc	Dámhachtain conarthaí le haghaidh tionscadail le haghaidh claoclú digiteach fiontar	Dámhachtainí a chur in iúl				R2	2022	Is éard a bheidh sna hiarratasóirí cuibhreannais nó cineálacha eile comhtháthaithe cuideachtaí, ina mbeidh cuideachta mhór amháin ar a laghad agus fiontair bheaga agus mheánmhéide iomadúla.  Áireofar ar na critéir roghnúcháin, inter alia, inniúlachtaí digiteacha fostaithe a neartú, agus ríomhchéannacht agus cárta gnó digiteach a thabhairt isteach.
81	B: Clár oibre um chlaoclú digiteach tionsclaíoch/gnó	Cuspóir sonrach	Cuibhreannais cuideachtaí a bhfuil straitéis		Líon	0	20	R2	2022	Déanfaidh cuibhreannais ar bronadh conarthaí orthu faoi gharsprioc 80 straitéisí

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			dhigiteach tháirgthe acu							digiteacha saincheaptha a fhorbairt chun gnó, teicneolaíocht, eagrú agus cultúr a chlaohlú. Áireofar orthu sin, inter alia, measúnú ullmhachta digití, sainathint réimsí ábhartha le haghaidh digití, sonraí agus foinsí ábhartha, comhtháthú sonraí, agus riachtanais foghlama.
82	B: Clár oibre um chlaohlú digiteach tionsclaíoch/gnó	Cuspóir sonrach	Cuibhreannais a fhaigheann tacaíocht ó chlaohlú digiteach cuimsitheach atá curtha i gcrích		Líon	0	20	R2	2024	Tionscadail atá curtha i gcrích i gcomhréir leis na straitéisí digiteacha a táirgeadh faoi garsprioc 81.  EUR 43808855 ar a laghad a bheidh i méid iomlán an chistithe, agus beidh EUR 10000000 de sin tiomnaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.
83	D: Tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta — Bonneagar agus Seirbhísí Coiteanna Sonraí Eorpacha	Garsprioc	Seoladh an ghlaio ar léiriú spéise i dtionscadal nua maidir le	Foilsíú glao ar léiriú spéise				R2	2021	Glao ar leas corparáideach maidir le páirt a ghlacadh i dtionscadal trasteorann ilnáisiúnta de bhonneagair agus seirbhísí coiteanna sonraí Eorpacha, atá beartaithe a chur

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			néal den chéad ghlúin eile.							chun feidhme mar Thionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) maidir le Bonneagar agus Seirbhísí Néalríomhaireachta na Chéad Ghlúine Eile.
84	D: Tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta — Bonneagar agus Seirbhísí Coiteanna Sonraí Eorpacha	Cuspóir sonrath	Réitigh próiseála sonraí arna bhforbairt agus arna gcomhtháthú ag an gcéim phiolótach		Líon	0	7	R2	2026	Rannchuideoidh tionscadail chomhtháite faoi garsprioc 83 le forbairt agus le rolladh amach tosaigh na chéad ghlúine eile de réitigh néalríomhaireachta agus imill nuálacha chun rannchuidiú ar deireadh le Bonneagar Coiteann Sonraí Eorpach agus na Seirbhísí Próiseála Cliste nuálacha gaolmhara a thógáil.
85	E: Tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta — Próiseálaithe Ísealchumhachta agus Sliseanna Leathsheoltóra	Garsprioc	Bailchríoch a chur ar liosta na rannpháirtithe féideartha sa chomhthionscadal.	Bailchríoch a chur ar an liosta				R2	2021	Tabhairt chun críche liosta na rannpháirtithe i dtionscadal ilnáisiúnta i réimse na micrileictreonaice, atá beartaithe a chur chun feidhme mar Thionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI).
86	E: Tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta —	Cuspóir sonrath	Líon na dtionscadal ar		Líon	0	2	R2	2024	Cuireadh tús le tionscadail i réimsí sonracha (amhail dearadh sliseanna cumarsáide,

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	Próiseálaithe Ísealchumhachta agus Sliseanna Leathsheoltóra		cuireadh tús leo							ardphróisis leathsheoltóra a fhorbairt, comhtháthú córas agus croíthe lena n-úsáid i bhfeidhmeanna soghluaisteachta cliste éagsúla, cathracha agus pobail chliste, monarchana cliste) i slabhra luacha an chomhthionscadail faoi gharspríoc 85.

## **G. COMHPHÁIRT 7: CLAOCHLÚ DIGITEACH NA HEARNÁLA POIBLÍ AGUS AN RIARACHÁIN PHOIBLÍ**

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tugtar aghaidh ar dhúshlán digitithe a bhaineann leis an riarachán poiblí amhail cumhdach leathanbhanda a áirithiú ar fud chríoch na Slóivéine, glacadh ríomhsheirbhísí na hearnála poiblí, idir-inoibritheacht idir córais bainistithe sonraí, scileanna digiteacha agus trealamh státseirbhíseach, cibearshlándaíl, agus comhordú a áirithiú maidir le hinfheistíochtaí TFC a bhainistiú.

Is é cuspóir na comhpháirte freagairt d'easnamh chriticiúla a sainaitníodh i ndigitiú na hearnála poiblí le linn phaindéim COVID-19. Go háirithe, is é is aidhm don chomhpháirt timpeallacht a chruthú le haghaidh claochlú digiteach rathúil, ríomhrialtas a neartú, scileanna digiteacha a mhéadú, agus an chibearshlándaíl a fheabhsú.

Tabharfaidh an chomhpháirt aghaidh a thuilleadh ar an aistriú chuig sochaí ghigighiotáin trí fheabhas a chur ar an timpeallacht rialála agus tríd an nascacht dhigiteach a neartú trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar leathanbhanda i limistéir ar deacair teacht orthu.

Rannchuideoidh na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin leis na Moltaí Tírshonracha atá dírithe ar an tSlóivéin in 2020 chun 'infheistíocht a dhíriú ar an [...] aistriú digiteach [...] agus ar chur i bhfeidhm an líonra 5G. Acmhainneachtaí digiteacha gnólachtaí a chur chun cinn, agus scileanna digiteacha, ríomhthráchtáil a neartú [...]' (Moladh Tírshonrach 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú A: Rialachas chlaochlú digiteach an riaracháin poiblí a neartú**

Is iad cuspóirí an athchóirithe feabhas a chur ar rialachas an chlaochlaithe dhigitigh sa riarachán poiblí. Meastar go mbainfeadh é sin amach trí Straitéis um Sheirbhísí Poiblí Digiteacha 2021-2030 a ghlacadh agus trí Chomhairle Forbartha Faisnéisíochta a bhunú mar chomhlacht comhordaithe réiteach digiteach.

Glacfaidh an rialtas an Straitéis Seirbhísí Poiblí Digiteacha 2021-2030 agus beidh sí dírithe ar sheirbhísí digiteacha simplí soláimhsithe, lena n-áiríteofar sonraí le haghaidh seirbhísí agus cinnteoireacht níos fearr, agus lena gcuirfeadh timpeallacht dhigiteach shlán, iontaofa agus chuimsitheach ar fáil.

Feidhmeoidh an Chomhairle Forbartha Faisnéisíochta mar chomhlacht bainistíochta chun oibríochtaí san earnáil poiblí a bhaineann le hinfheistíocht TF, caighdeáin, córais chúloifige agus forbairtí teicneolaíochta eile a chomhordú i gcás ina bhfuil comhoiriúnacht na gcóras riachtanach chun iad a oibriú agus a chothabháil.

Tabharfar an gharsprioc a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2021.

### Athchóiriú B: Timpeallacht a chruthú le haghaidh úsáid ríomhsheirbhísí ag an riarachán poiblí

Is iad cuspóirí an athchóirithe an bunús dlí leordhóthanach a sholáthar do ríomhsheirbhísí arna soláthar ag an riarachán poiblí, go háirithe seirbhísí ríomh-shainaitheantais a thabhairt isteach.

Le teacht i bhfeidhm an Achta um Chéannacht Leictreonach agus na Seirbhísí Iontaoibhe agus an Ghnímh um an gCárta Aitheantais leasaithe, déanfar úsáid na ríomhchéannachtaí náisiúnta a oibríochtú chun seirbhísí poiblí a úsáid agus soláthrófar coinníollacha bunúsacha le haghaidh na ríomhthráchtála. Aithneofar an ríomh-shainaitheantas ar bhonn trasteorann agus tabharfar fógra ina leith faoi eIDAS.

Tabharfar an gharsprioc a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche agus cuirfear tús le heisiúint doiciméad ríomh-shainaitheantais faoin 30 Meitheamh 2022.

### Athchóiriú C: Próisis riaracháin a nuachóiriú le haghaidh claochlú digiteach rathúil

Is iad cuspóirí an athchóirithe an bunús dlí a sholáthar chun seirbhísí poiblí a dhigitiú tuilleadh.

Leasófar an tAcht um Nós Imeachta Riaracháin Ginearálta agus an Fhoraithe um Thráchtáil Riaracháin chun raon feidhme na nósanna imeachta leictreonacha i bpróisis riaracháin a mhéadú.

Tabharfar an gharsprioc a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

### Athchóiriú D: Lárionad Inniúlachta a bhunú — Lárionad Acmhainní Daonna agus scileanna na foirne sa riarachán poiblí a mhéadú

Is é is cuspóir don athchóiriú feabhas a chur ar bhainistiú acmhainní daonna i riarachán an stáit.

Bunófar Lárionad Inniúlachta — Lárionad Acmhainní Daonna trí Acht na Státseirbhíse a leasú agus beidh sé oibríochtúil. Tá sé mar aidhm ag an Lárionad cur chuige straitéiseach maidir le bainistiú inniúlachtaí a chur chun cinn. Déanfaidh an Lárionad measúnú ar inniúlachtaí agus scileanna i nósanna imeachta earcaíochta, rannchuideoidh sé le forbairt inniúlachtaí agus scileanna (lena n-áirítear scileanna digiteacha) státseirbhíseach agus forbróidh sé uirlisí eile chun acmhainní daonna a bhainistiú i gcomhlachtaí riaracháin stáit. Ina theannta sin, glacfar Straitéis Bainistíochta na Státseirbhíse maidir le bainistiú tallainne, forbairt gairme, foghlaim ar feadh an tsaoil, agus na réaltachtaí nua a d'eascair as paindéim COVID-19.

Tabharfar an gharsprioc a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

### Athchóiriú E. An chibearshlándáil a áirithiú

Is iad cuspóirí an athchóirithe seo leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil na n-eintiteas atá mar chuid den chóras náisiúnta cibearshlándála a neartú, trí fheabhas a chur ar a n-idirnasacht agus ar a gcomhar.

Neartófar acmhainneacht na Foirne Práinnfhreagartha Cibearshlándála (Sigov-CERT) agus Riarachán Phoblacht na Slóivéine maidir le Slándáil Faisnéise (URSIV) trí údarás um dheimhniú cibearshlándála, ardán Lárionad um Chomhroinnt agus Anailísiú Faisnéise, agus ardán fógartha teagmhas slándála a bhunú in URSIV.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

## Athchóiriú F. Aistriú chuig Sochaí Ghigighiotáin

Is é is cuspóir don athchóiriú seo rannchuidiú le cumhdach leathanbhanda a sholáthar ar fud chríoch iomlán Phoblacht na Slóivéine.

Leasófar an Gníomh um Chumarsáid Leictreonach chun barrfheabhas a chur ar na nósanna imeachta maidir le líonraí cumarsáide leictreonaí a thógáil, chun éifeachtúlacht na tógála comhpháirtí a mhéadú, agus chun intuarthacht na timpeallachta gnó a mhéadú. Glacfaidh Rialtas na Slóivéine Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus leagfar amach ann na riachtanais chun cumhdach leathanbhanda a fhorbairt ar fud na Slóivéine faoi 2025 agus na bearta chun an sprioc sin a bhaint amach.

Tabharfar an gharsprioc a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

## Infheistíocht G. Timpeallacht dhigiteach an riaracháin poiblí a nuachóiriú

Is iad cuspóirí na hinfeistíochta ríomhsheirbhísí atá dírithe ar an úsáideoir a fhorbairt, an bonneagar TF sa riarachán poiblí a uasghrádú, treoirhionscadal a chur chun feidhme le haghaidh bainistiú inbhuanaithe uathoibríthe foirgneamh poiblí, agus seirbhísí digiteacha a sholáthar agus forbairt scileanna a fheabhsú do státseirbhísigh.

Tá roinnt fo-infheistíochtaí san infheistíocht, go háirithe:

- Rannpháirtíocht 40000 státseirbhíseach ar a laghad in oiliúint i scileanna digiteacha atá le cur i gcrích;
- Ardán digiteach ríomhdhlí chun reachtaíocht agus rialacháin náisiúnta a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú;
- Tionscadal ilnáisiúnta a bhaineann le bunú agus oibríochtú QCI náisiúnta (bonneagar cumarsáide candamaí).

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

## Infheistíocht H. Bonneagar gigighiotáin

Is é cuspóir na hinfeistíochta cur in úsáid bonneagair le haghaidh rochtain leathanbhanda ar líonraí fíor-ardacmhainne in-uasghrádaithe a chumasú.

Tacóidh an infheistíocht le tógáil líonraí leathanbhanda fíor-ardacmhainne chuig 6838 dteaghlach ar a laghad i ‘limistéir bhána’, go príomha i limistéir inar tearc an daonra agus sa tír-raon deacair. Déanfaidh tionscadail an tionchar ar an spás agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú trí thosaíocht a thabhairt d’úsáid chomhroinnte an bhonneagair atá ann cheana agus do thógáil agus comhtháthú comhpháirteach le hinfeistíochtaí bonneagair eile.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

## Infheistíocht I. An tslándáil inmheánach a dhigitiú

Is é is cuspóir don infheistíocht feabhas a chur ar an teicneolaíocht atá ar fáil ar leibhéal phóilíní na Slóivéine agus í a uasghrádú chun na próisis oibre a bharrfheabhsú agus chun tacú leo.

Bunófar néal príobháideach a bheidh idir-inoibritheach leis na córais atá ann cheana ar leibhéal stát na Slóivéine agus beidh sé oibríochtúil do riachtanais na bpóilíní náisiúnta. Táthar ag súil go n-áiritheofar leis an néal sin dea-fheidhmiú na bhfeidhmchlár póilíneachta.

Bunófar bonneagar líonra raidió dhigitigh TETRA ar fud an stáit agus beidh sé oibríochtúil do riachtanais na bpóilíní náisiúnta. Beidh an gréasán comhoiriúnach le córais raidió náisiúnta eile de chuid tíortha comharsanachta.

Beidh na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht J. An t-oideachas agus an eolaíocht a dhigitiú

Is é cuspóir na hinfheistíochta an próiseas oideolaíoch agus an bhainistíocht institiúideach a dhigitiú ar gach leibhéal oideachais, bonneagar leordhóthanach faisnéise agus cumarsáide a sholáthar, agus ríomhsheirbhísí ábhartha a sholáthar chun inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt. Áiritheofar nascacht ardluais, stóráil sonraí agus feabhsú inniúlachtaí le haghaidh sonraí oscailte agus eolaíocht oscailte laistigh de na heagraíochtaí taighde. Meastar go rannchuideoidh sé sin le scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt agus leis an deighilt dhigiteach a laghdú.

Áiritheofar an méid seo a leanas go háirithe leis an infheistíocht:

- nascacht le haghaidh institiúidí bunscoile agus meánscoile, coláistí ardghairme, chomh maith le heagraíochtaí oideachais aosaigh;
- réitigh nua TF a fhorbairt agus a oibríochtú chun tacú le digitiú an phróisis oideolaíochta do gach leibhéal oideachais;
- líonra cnámh droma snáthoptaice ardluais idir PoPanna (Pointe na Réigiúin) de Líonra Acadúil agus Taighde na Slóivéine (Arnes) agus stórtha sonraí chun torthaí taighde oscailte a chaomhnú;.

Críochnófar na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht K. Creat glas na Slóivéine maidir le suíomh

Is é cuspóir na hinfheistíochta bainistiú cliste an spáis a chothú mar acmhainn nádúrtha atá gann agus an tógáil ar thalamh nua a theorannú, rud a mhéadóidh an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide. Ina theannta sin, tá coinne leis go soláthróidh sé sonraí agus seirbhísí spásúla fíor-ama bunaithe ar úsáid chomhcheangailte réadmhaoine, comhshaoil, taifead uisce, bonneagair phoiblí eacnamaíoch, agus taifead talún tógála.

Áiritheofar leis an infheistíocht go mbeidh na príomhshonraí digiteacha spásúla agus comhshaoil idirnasctha. Meastar go dtacóidh sé sin le forbairt agus oibríochtú seirbhísí digiteacha a bhaineann go háirithe leis an gcomhshaoil, limistéir tuilte, beartas talún ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, agus rannpháirtíocht an phobail sa phleanáil spásúlachta.

Críochnófar na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht L. An t-aistriú digiteach sa talmhaíocht, sa bhia agus san fhoraoiseacht

Is é cuspóir na hinfheistíochta an t-ualach riaracháin a shimpliú do thairbhíthe an Chomhbheartais Talmhaíochta a bheidh ann amach anseo agus d'earnáil na foraoiseachta, chomh maith le sonraí feabhsaithe a sholáthar do chinnteoirí.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht, go háirithe, stóras sonraí a fhorbairt a bhfuil coinne leis go mbeifear in ann sonraí a nascadh agus a dháileadh leis, tacú le hobair an Údaráis um Shábháilteacht Bia, Trídliachta agus Cosaint Plandaí agus bunachair sonraí san fheirmeoireacht bheostoic a dhigitiú. Forbrófar ríomhsheirbhísí i réimsí na talmhaíochta, an bhia, na foraoiseachta, na seirbhísí comhairleacha talmhaíochta poiblí, agus an fhaireacháin agus na cigireachta ar an mbonn sin.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht M. An digiteáil i réimse an chultúir

Is é cuspóir na hinfheistíochta inrochtaineacht na hoidhreachta cultúrtha a mhéadú, barrfheabhas a chur ar na próisis a bhaineann le séadchomharthaí cultúrtha a dhearbhu agus toilithe cosanta cultúrtha a fháil le haghaidh idirghabhálacha oidhreachta, agus tacú leis an ríomhchartlannú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht ardán faisnéise ríomhchultúir a fhorbairt chun feabhas a chur ar bhonneagar agus, ag an am céanna, inniúlachtaí cruthaitheoirí cultúrtha a fhorbairt chun ábhar digiteach a ghiniúint sa turasóireacht. Beidh ríomhsheirbhísí oibríochtúil agus inrochtana d'institiúidí cultúrtha.

Táthar ag súil go gcuirfidh córas ríomhoidhreachta chun ríomhsheirbhísí dinimiciúla a nuachóiriú agus a bhunú chun an oidhrecht chultúrtha a chosaint agus uasghrádú ar chóras e-ARH.si na Slóivéine don phróiseas ríomhchartála le claochlú na hearnála sin.

Tabharfar na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht N. An digitiú i réimse an cheartais

Is é cuspóir na hinfheistíochta feabhas a chur ar inrochtaineacht an cheartais do ghnólachtaí agus do shaoránaigh araon.

Leis an infheistíocht, déanfar digitiú breise seirbhísí agus forbairt réiteach nua TF a bhrostú chun malartú cuimsitheach faisnéise agus doiciméadachta dlíthiúla a áirithiú agus chun rannchuidiú le réiteach níos tapúla ar dhlíthíocht na cúirte. Le trealamh fuaimne slán ardcháilíochta, cuirfeadh feabhas ar rochtain do shaoránaigh agus do chuideachtaí. Forbrófar córas chun cianoiliúint agus scrúduithe a dhigitiú don Lárionad Oiliúna Breithiúnaí.

Cuirfeadh an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

**G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheimhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
90	A: Rialachas chlaohlú digiteach an riaracháin phoiblí a neartú	Garsprioc	Comhairle Forbartha Faisnéisíochta an Riaracháin Stáit bunaithe agus oibríochtúil	Cinneadh a ghlacadh maidir le bunú na Comhairle ag an rialtas agus maidir le ceapadh a chomhaltáí ag an Aireacht Riaracháin Phoiblí				R4	2021	Cuirfidh an Chomhairle pointe lárnach ar fáil don riarachán poiblí chun oibríochtaí a chomhordú ar an leibhéal oibríochtúil a bhaineann le hinfeistíocht TF, caighdeán, córais chúloifige agus forbairtí teicneolaíochta eile i gcás ina bhfuil comhoiriúnacht na gcóras riachtanach chun iad a oibriú agus a chothabháil go héifeachtúil.
91	B: Timpeallacht a chruthú le haghaidh úsáid ríomhsheirbhí sí ag an riarachán poiblí	Garsprioc	Doiciméid ríomhaitheanta is náisiúnta shlána	Tús a chur le cártaí ríomhaitheantais náisiúnta nua a eisiúint				R2	2022	Eiseofar na chéad chártaí ríomhshainaitheantais nua. Úsáidfear é sin ar bhonn náisiúnta agus trasteorann sa ríomhthráchtáil. Cuirfidh an cárta aitheantais nua ar chumas an tsaoránaigh sainaitheantais agus fíordheimhniú a dhéanamh go leictreonach chun rochtain a fháil ar sheirbhísí leictreonacha agus chun síniú leictreonach a dhéanamh. Is é

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										an Gníomh um Chéannacht Leictreonach agus an tAcht um Chárta Aitheantais leasaithe (Gníomh lena leasaítear an Gníomh um an gCárta Aitheantais) an bunús dlí chun ríomhaitheantas a eisiúint. Tabharfar fógra faoin gcóras faoi eIDAS le go mbeidh sé comhlíontach ó thaobh teorainneacha de.
92	D: Lárionad Inniúlachta a bhunú — Lárionad Acmhainní Daonna agus scileanna na foirne sa riarachán poiblí a mhéadú	Garsprioc	Lárionad inniúlachta — lárionad acmhainní daonna bunaithe agus oibríochtúil	Tá an Lárionad Inniúlachta — an Lárionad Acmhainní Daonna ag feidhmiú				R2	2024	Leis na leasuithe ar Acht na Státseirbhíse, déanfar foráil maidir le Lárionad Inniúlachta — an Lárionad Acmhainní Daonna a bhunú. Beidh an Lárionad oibríochtúil agus freagrach as an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> <li>— comórtais phoiblí a réachtáil le haghaidh na nósanna imeachta earcaíochta i riarachán an stáit;</li> <li>— measúnú a dhéanamh ar scileanna na n-iarrthóirí sna nósanna imeachta earcaíochta;</li> <li>— córas a fhorbairt le haghaidh inniúlachtaí agus scileanna</li> </ul>

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										pearsanta i riarachán an stáit (lena n-áirítear inniúlachtaí bainistíochta); uirlisí a chur chun cinn chun acmhainní daonna a bhainistiú i riarachán an stáit; creat a bhunú chun feabhas a chur ar inniúlachtaí digiteacha i riarachán an stáit. Féadfar foráil a dhéanamh leis an dlí maidir le hidirthréimhse réasúnta chun freagrachtaí liostaithe na Lárionad Inniúlachta a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus chun na Lárionaid Inniúlachta a oibriochtú go hiomlán.
93	C: Próisis riaracháin a nuachóiriú le haghaidh claochlú digiteach rathúil	Garspríoc	Deireadh a chur le bacainní dlí agus riaracháin ar sholáthar ríomhsheirbhísí	Forálacha sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Nós Imeachta Riaracháin Ginearálta agus ar an bhForaithne maidir le				R4	2022	Beidh sé d'aidhm ag na leasuithe ar an Acht um Nós Imeachta Riaracháin Ginearálta agus ar an bhForaithne maidir le Tráchtáil Riaracháin simpliú a dhéanamh ar cheanglais dhlíthiúla maidir le soláthar ríomhsheirbhísí riaracháin phoiblí agus digitiú breise a dhéanamh ar phróisis riaracháin. Áireofar orthu sin, inter alia, seirbhísí íocaíochta,

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				Tráchtáil Riaracháin						tacaíocht chun feidhmchláir leictreonacha a fhorbairt, agus doiciméid a chur isteach go leictreonach.
94	F: Aistriú chuig an tSochaí Ghigighiotáin	Garsprioc	Glacadh Plean Leathanbhanda 2021-2025	Glacann an rialtas an Plean Leathanbhanda				R2	2022	Leagfar amach an méid seo a leanas sa phlean arna ghlacadh: 1. an gá atá le líonraí leordhóthanacha leathanbhanda a áirithiú sa tSlóivéin faoi 2025, i gcomhréir leis na cuspóirí maidir le Nascacht le haghaidh Sochaí Ghigighiotáin Eorpach 2025; 2. Plean náisiúnta chun bonneagar 5G a thógáil; 3. na hathruithe is gá ar na bunúis dlí i réimse na cumarsáide leictreonaí; 4. Bearta chun limistéar iomchuí speictrim raidió a áirithiú sa tSlóivéin, 5. bearta nithiúla is gá chun na cuspóirí a bhaint amach, 6. Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPIanna) chun na spriocanna atá leagtha síos a bhaint amach laistigh de na sprioc-amanna atá leagtha síos.

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
95	E: An chibearshlándaíl a áirithiú	Garsprioc	Acmhainneacht mhéadaithe an riaracháin phoiblí freagairt do theagmhais chibearshlándaíla	Tá ardán an lárionaid comhroinnte faisnéise agus anailíse, an t-ardán fógartha teagmhais, agus údarás um dheimhniú cibearshlándaíla oibríochtúil				R2	2026	Bunófar údarás náisiúnta um dheimhniú cibearshlándaíla, ardán feidhmiúil Lárionad um Chomhroinnt agus Anailís Faisnéise (ISAC) in Oifig Slándála Faisnéise an Rialtais, agus ardán feidhmiúil chun teagmhais slándála a fhógairt in Oifig Slándála Faisnéise an Rialtais. Tá ardán an lárionaid comhroinnte faisnéise agus anailíse, an t-ardán fógartha teagmhais, agus údarás um dheimhniú cibearshlándaíla oibríochtúil.
96	G: Timpeallacht dhigiteach an riaracháin phoiblí a nuachóiriú	Garsprioc	Líonra náisiúnta SI-EuroQCI a bhunú	Tá líonra náisiúnta SI-EuroQCI oibríochtúil				R2	2026	Beidh an líonra náisiúnta SI-EuroQCI (bonneagar cumarsáide candamaí slán) oibríochtúil.
97	G: Timpeallacht dhigiteach an riaracháin phoiblí a nuachóiriú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ardáin r-Reachtaíochta	Teacht i bhfeidhm an ardáin r-Reachtaíochta				R4	2025	Déanfaidh ardán digiteach aonair na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le reachtaíocht a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú, do gach údarás poiblí. Beidh rochtain ag geallsealbhóirí seachtracha agus ag an bpobal ar

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										an ardán digiteach trí thairseach náisiúnta uasghrádaithe dlí-reachtach.
98	G: Timpeallacht dhigiteach an riaracháin phoiblí a nuachóiriú	Cuspóir sonrath	Líon na státseirbhíseach a bhfuil oiliúint i scileanna digiteacha curtha i gcrích acu		Líon	0	40 000	R2	2026	Cuirfear 40000 rannpháirtíocht ar a laghad i gcrích le haghaidh oiliúint le haghaidh inniúlachtaí digiteacha. Áirítear leis sin ar a laghad 1000 rannpháirtíocht ó speisialtóirí TF (seirbhísigh shibhialta fostaithe) a chuirfidh ardoiliúint i gcrích.
99	H: Bonneagar gigighiotáin	Cuspóir sonrath	Teaghlaigh bhreise ag a bhfuil rochtain ar leathanbhanda		Líon	0	6 838	R2	2026	6838 dteaghlach breise ar a laghad a bhfuil naisc leathanbhanda in-uasghrádaithe acu a bhfuil acmhainneacht an-ard acu. Beidh na teaghlaigh sin lonnaithe i limistéir inar tearc an áit chónaithe agus i limistéir nach bhfuil bonneagar leathanbhanda ardoillte iontu ('limistéir bhána').
100	I. An tslándáil inmheánach a dhigitíú	Cuspóir sonrath	Úsáideoirí an Líonra nua um Raidió Digiteach Póilíneachta (TETRA)		Líon	0	11 000	R4	2022	Tá sé beartaithe go mbeidh 11000 úsáideoir ag líonra raidió dhigitigh údaráis náisiúnta Phoblacht na Slóivéine. Úsáidfidh an líonra radaimhnicíochtaí comhordaithe an Aontais don tslándáil phoiblí

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										agus beidh sé comhoiriúnach le córais raidió náisiúnta na dtíortha comharsanachta.
101	I. An tslándáil inmheánach a dhigitiú	Garsprioc	Tá néal na bpóilíní príobháideacha ag feidhmiú	Tá néal na bpóilíní príobháideacha ag feidhmiú				R4	2025	Déanfar iarratais chun tacú le réimsí chosc na coireachta, na slándála poiblí, na seiceálacha teorann agus na bpróiseas gnó a shuiteáil agus a úsáid sa néal.
102	K: Creat maidir le suíomh glas na Slóivéine	Cuspóir sonrath	Bonneagar sonraí digiteacha spásúla agus comhshaoil idirnasctha		Líon	0	4	R4	2025	Déanfar bunachair sonraí an ríomhphóirtéara, an ríomhchomhshaoil, eVodes, agus eNatur a idirnasctha. Airitheofar leis an mbonneagar comhtháthú próiseas, sonraí agus seirbhísí agus rochtain ar shonraí agus ar sheirbhísí digiteacha i réimsí an spáis, an chomhshaoil, an eastáit réadaigh, an uisce agus an dúlra. Táthar ag súil go mbeidh sé mar bhonn chun seirbhísí digiteacha gaolmhara a fhorbairt.
103	L: An t-aistriú digiteach sa talmhaíocht, sa bhia agus san fhóraoiseacht	Cuspóir sonrath	Ríomhsheirbhísí oibríochtúla nua sa talmhaíocht, sa bhia agus san fhóraoiseacht		Líon	0	15	R4	2024	Táthar ag súil go bhforbrófar agus go n-oibreoidh 15 ríomhsheirbhísí san iomlán. Áireofar an méid seo a leanas go háirithe sna ríomhsheirbhísí: • Tacú le cur chun feidhme chúraimí an Riaracháin um

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Shábháilteacht Bia, Tréidliachta agus Cosaint Plandaí • Córais chun an comhbheartas talmhaíochta a chur chun feidhme (bunachair sonraí feirmeoireachta ainmhithe). • Uirlis faireacháin inbhuanaithe le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta • Córas faisnéise chun tacú le cigireachtaí cliste agus spriocdhírthe chun comhlíontacht, sábháilteacht agus rialáil talún talmhaíochta a áirithiú • r-threalamh agus ríomh-inoibritheacht na seirbhíse poiblí foraoiseachta • Limistéir a shainiú trí amshraith sonraí satailíte • íomhánna satailíte a fháil agus a úsáid (do limistéir shonracha) le taifeach ard.
104	L: An t-aistriú digiteach sa talmhaíocht, sa bhia agus san fhoraoiseacht	Cuspóir sonrach	Ríomhsheirbhísí oibríochtúla nua sa talmhaíocht, sa bhia agus san fhoraoiseacht		Líon	15	32	R2	2026	Tá coinne leis go bhforbrófar agus go n-oibreoidh 32 ríomhsheirbhísí san iomlán (lena n-áirítear na ríomhsheirbhísí faoi sprioc 103). Áireofar an méid seo a leanas go háirithe sna seirbhísí: • Tacú le cur chun

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										feidhme chúraimí an Riaracháin um Shábháilteacht Bia, Tréidliachta agus Cosaint Plandaí • Córais chun an comhbheartas talmhaíochta a chur chun feidhme (bunachair sonraí feirmeoireachta ainmhithe, trádstóras sonraí) • Cúraimí na seirbhíse comhairlí talmhaíochta poiblí • Uirlis faireacháin inbhuanaithe le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta • Córas faisnéise chun tacú le cigireachtaí cliste agus spriocdhíríthe chun comhlíontacht, sábháilteacht agus rialáil talún talmhaíochta a áirithiú • Córas Faisnéise Ríomhfhoraoisí, cur i bhfeidhm ríomhfhoraoisí.
105	N: Digiteáil i réimse an cheartais	Cuspóir sonrath	Córais TF nua nó uasghrádaithe atá in úsáid ag institiúidí breithiúnacha		Líon	0	11	R2	2026	Déanfar 11 chóras TF san iomlán lena n-úsáid sa chóras breithiúnach a fhorbairt nó a uasghrádú. Áiritheoidh na córais TF, inter alia, go gcuirfear chun feidhme córais físchomhdhála, córas cianoiliúna agus córas chun scrúduithe a dhigitiú

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										laistigh den Ionad Oiliúna Breithiúnaí.
106	J: Digiteáil an oideachais agus na heolaíochta	Cuspóir sonrach	Institiúidí oideachais breise a bhfuil naisc optúla os cionn 1 Gbps acu		Líon	0	204	R2	2024	Beidh 204 institiúid bunoidreachais agus meánoideachais chomh maith le heagraíochtaí oideachais aosaigh nasctha le naisc optúla os cionn 1Gbps. Meastar go gcumhdófar leis sin thart ar 18 % de na forais oideachais atá ann cheana sa tír, agus thart ar 35000 dalta. Cumhdófar na cineálacha institiúidí oideachais seo a leanas leis an infheistíocht: bunscoileanna, meánscoileanna, institiúidí do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu, suanliosanna mac léinn, agus eagraíochtaí oideachais aosaigh.
107	J: Digiteáil an oideachais agus na heolaíochta	Cuspóir sonrach	Naisc optúla cnámh droma breise 100 Gbps		Líon	0	40	R4	2023	Leis na naisc optúla cnámh droma, nascfar noid sonraí na n-institiúidí poiblí i Líonra Acadúil agus Taighde na Slóivéine.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Déanfar 40 nasc optúil fadraoin ar a laghad de 100 Gbps a imscaradh go buan, agus meastar go gcumhdóidh siad 75 % ar a laghad de na naisc uile idir institiúidí poiblí.
108	J: Digiteáil an oideachais agus na heolaíochta	Cuspóir sonrath	Réitigh TF nua a úsáidtear chun céimithe gairmoideachais a theagasc, a fhoghlaim agus a rianú		Líon	0	11	R4	2025	Déanfaidh institiúidí oideachais 11 réiteach TF nua (feidhmchláir agus seirbhísí digiteacha) a fhorbairt agus a úsáid, mar ábhar tástála sa teagasc, san fhoghlaim, agus chun céimithe gairmiúla agus gairmiúla a rianú. Áireofar orthu sin, inter alia, feidhmchláir chun curaclaim a dhigitiú, chun tacú le léamh ríomhleabhar, chun tacú le foghlaim tionscadalbhunaithe, agus chun infhostaitheacht céimithe gairmoideachais a rianú.
109	M: Digitiú i réimse an chultúir	Cuspóir sonrath	Ríomhsheirbhísí oibríochtúla i réimse an chultúir		Líon	0	6	R2	2026	Beidh ríomhsheirbhísí chun ábhar cultúrtha agus próisis chultúrtha a dhigitiú oibríochtúil. Tacóidh na ríomhsheirbhísí le cineálacha éagsúla ábhair chultúrtha, lena

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										n-áirítear oidhreacht chultúrtha agus cartlanna.

## **H. COMHPHÁIRT 8: TFN — TAIGHDE, FORBAIRT AGUS NUÁLAÍOCHT**

Tá feidhmíocht taighde agus nuálaíochta na Slóivéine fós fo-optamach. Tá leibhéal an chaiteachais ar thaighde agus nuálaíocht agus a n-éifeachtacht fós measartha, rud a chuireann teorainn le feidhmíocht eolaíoch agus theicneolaíoch na tíre. Dá bhrí sin, tá teorainn leis an méid a chuireann an taighde agus an nuálaíocht le fás na táirgiúlachta agus leis an iomaíochas, lena n-áirítear i dtreo an aistriú dhigitigh agus an aistriú ghlais.

Is iad cuspóirí na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine feabhas a chur ar rialachas agus ar chomhordú an bheartais taighde agus nuálaíochta, leibhéal na n-infheistíochtaí taighde agus forbartha poiblí agus príobháideacha a mhéadú, chomh maith lena n-éifeachtúlacht agus a n-éifeachtacht. D'áiríteofaí leis sin go mbeadh taighde, forbairt agus nuálaíocht (TFN) ina spreagadh ríthábhachtach don táirgiúlacht agus don fhás eacnamaíoch. D'áiríteofaí leis na bearta atá beartaithe freisin go mbeadh an taighde agus an nuálaíocht ina bpríomhchumasóir don aistriú digiteach agus don aistriú glas.

Tugann na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha a díriodh ar an tSlóivéin in 2019 chun ‘beartas eacnamaíoch atá bunaithe ar infheistíocht a dhíriú ar thaighde agus ar nuálaíocht’ (Moladh Sonrach Tír 3, 2019) agus 2020 chun ‘infheistíocht a dhíriú ar [...] thaighde agus nuálaíocht’ (Moladh Tírshonrach 3, 2020).

Tugadh faoi deara i Moladh 2020 ón gComhairle go raibh an cor chun donais eacnamaíoch ag cur TFN gnó i mbaol agus, dá bhrí sin, go raibh gá le hinfeistíocht chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide nuálacha a dtáirgeadh a mhéadú. Ina theannta sin, tá naisc níos láidre idir an saol acadúil agus gnólachtaí fíor-riachtanach chun eolas a aistriú go rathúil ina nuálaíocht, chun feabhas a chur ar fheidhmíocht TFN na tíre, agus chun fás eacnamaíoch a spreagadh agus chun tacú le cur in úsáid nuálaíochtaí atá ríthábhachtach don aistriú glas agus don aistriú digiteach.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### Athchóiriú A: An córas TFN a oibriú agus a bhainistiú

Is iad cuspóirí an athchóirithe éifeachtúlacht agus éifeachtacht na hinfeistíochta poiblí in TFN a mhéadú, timpeallacht taighde agus nuálaíochta atá iomaíoch agus a bhfuil tionchar aici a chruthú, agus borradh a chur faoi iarrachtaí TFN ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm Gníomh nua maidir le Gníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta; samhail nua rialachais a thabhairt isteach agus éiceachóras an taighde agus na nuálaíochta a chomhtháthú (lena n-áirítear Comhchoiste Cláir a chruthú); comhchóras faireacháin agus meastóireachta a bhunú do bheartais TFN; an dá ghníomhaireacht feidhmiúcháin taighde a threisiú agus a chumhachtú; agus timpeallacht tacaíochta na n-eintiteas agus na líonraí atá bunaithe cheana féin a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun sreafaí eolais agus comhar idir an saol acadúil agus gnólachtaí a chur chun cinn.

Tabharfar na garspriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

## Infheistíocht B: Cómhaoiniú tionscadal nuálaíochta taighde chun tacú leis an aistriú glas agus leis an digitíú

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta comhar níos fadtéarmaí a chur chun cinn i réimsí an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh idir cuideachtaí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde agus forbairt nó idir eagraíochtaí taighde, fiontair mhóra nó FBManna agus cobhsaíocht agus intuarthacht ionstraimí tacaíochta TFN a áirithiú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht cómhaoiniú a dhéanamh ar thionscadail chomhoibríocha ar gach leibhéal forbartha teicneolaíche idir eagraíochtaí taighde agus cuideachtaí nó idir cuideachtaí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde agus forbairt. Cuirfear chun feidhme é trí dhá ghlaó ar thograí. Tiomnófar glao amháin ar thograí do chláir mhóra chomhoibríocha níos fadtéarmaí sa taighde tionsclaíoch agus san fhorbairt thurgnamhach agus glao amháin ar thogra le haghaidh infheistíochtaí fiontraíochta TFN ar leibhéal níos airde forbartha teicneolaíche.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

## Infheistíocht C: Cómhaoiniú tionscadal chun soghluaisteacht idirnáisiúnta thaighdeoirí agus eagraíochtaí taighde na Slóivéine a fheabhsú agus chun rannpháirtíocht idirnáisiúnta iarratasóirí na Slóivéine a chur chun cinn

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta feabhas a chur ar bharr feabhais eolaíoch, ar acmhainneacht taighde, ar aistriú eolais agus ar chúrsaíocht trí shoghluaisteacht idirnáisiúnta agus idirearnálach agus athimeascadh taighdeoirí i dtírdhreach TFN na Slóivéine a chur chun cinn.

Is éard atá san infheistíocht glao poiblí ina bhfuil roinnt oscailtí chun tionscadail a roghnú agus a mhaoiniú lena gcuirtear soghluaisteacht agus/nó ath-lánpháirtiú chun cinn agus lena maoinítear na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí TFN agus fothú acmhainneachta a chur chun feidhme chun eolas a fháil agus a aistriú chuig earnáil taighde na Slóivéine i gcomhréir le Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie de chuid Fís Eorpach.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

## Infheistíocht D: Cómhaoiniú infheistíochtaí i dtaispeáint TFN agus i dtreoirthionscadal

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta feabhas a chur ar fheidhmíocht nuálaíochta na Slóivéine trí infheistíocht in TFN a mhéadú, aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn agus, ar an gcaoi sin, an t-éiceachóras nuálaíochta a neartú, agus infheistíocht fiontraíoch a chothú don aistriú glas, go háirithe i ndáil leis an ngeilleagar ciorclach.

Is éard atá san infheistíocht tacaíocht do thionscadail ó chuibhreannais cuideachtaí agus eagraíochtaí taighde nó cuideachtaí a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann le taighde agus forbairt. Déanfaidh sé cómhaoiniú ar na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha i dtaighde tionsclaíoch agus i bhforbairt thurgnamhach, i dtástáil agus i gcur i bhfeidhm réitigh fíorshaoil.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

**H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamh ach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
110	A: An córas TFN a oibriú agus a bhainistiú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh um Ghníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm Gníomh um Ghníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta tar éis don Pharlaimint é a ghlacadh				R2	2022	Beidh sé d'aidhm ag an nGníomh éifeachtúlacht agus comhordú rialachas TFN a mhéadú. Déanfaidh an Gníomh, inter alia, cistiú poiblí do ghníomhaíochtaí TFN a mhéadú agus a chobhsú, neamhspleáchas eagraíochtaí taighde poiblí a mhéadú, gnéithe cistiúcháin bunaithe ar thorthaí a bhunú, comhar taighdeoirí le tionscadail taighde agus gnó an Aontais a spreagadh, agus idirnáisiúnú agus soghluaisteacht idirearnálach agus aistriú eolais a chur chun cinn.
111	A: An córas TFN a oibriú agus a bhainistiú	Garsprioc	Comhchoiste an Chláir arna bhunú agus arna oibriú	Comhchoiste Cláir arna bhunú agus arna oibriú le cinneadh maidir le ceapadh agus cúraimí an choiste ag Rialtas Phoblacht na Slóivéine				R2	2022	Ceadóidh Coiste an Chláir Chomhpháirtigh comhordú cobhsaí agus leanúnach ar an leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil araon, lena n-áirítear comhordú idir ionstraimí seachadta TFN gan beann ar fhoinse an chistithe.
112	B: Cómhaoiniú tionscadal	Garsprioc	Cinneadh maidir le cláir	Cinneadh maidir le roghnú a chur in iúl				R4	2024	Díreofar sna cláir roghnaithe ar an ngeilleagar ísealcharbóin, ar

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gerích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	nuálaíochta taighde chun tacú leis an aistriú glas agus leis an digitiú		a roghnú chun sochaí ísealcharbóin, geilleagar ísealcharbóin, athléimneacht agus oiriúnú don athrú aeráide a fhorbairt							<p>athléimneacht agus ar oiriúnú don athrú aeráide. Tacóidh siad le forbairt thionsclaíoch agus le taighde turgnamhach.</p> <p>Tacóidh cláir le cuibhreannais cuideachtaí agus eagraíochtaí taighde chun tionscadail TFN a chur i gerích. Leis na cláir a fhaigheann tacaíocht, spreagfar comhpháirtithe cuibhreannais chun páirt a ghlacadh i slabhraí luacha agus eolais domhanda chun geilleagar na Slóivéine a idirnáisiúnú agus chun an timpeallacht thacúil le haghaidh próisis forbartha nuálaíochta a neartú.</p> <p>Eisiafar gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann leis na gnéithe taighde agus nuálaíochta don amhail gual, ola, gás nádúrtha nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir Theicniúil DNSH, hidrigin ghorm agus liath, loisceoirí agus láithreáin líonta talún.</p>
113	B: Cómhaoiniú tionscadal nuálaíochta	Garspríoc	Cinneadh maidir le cláir a roghnú i	Cinneadh maidir le roghnú a chur in iúl				R4	2024	Díreoidh na cláir roghnaithe ar dhigitiú agus ar chlaochluithe digiteacha. Tacóidh siad le taighde

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	taighde chun tacú leis an aistriú glas agus leis an digitiú		réimse an digitithe agus an chlaohlaithe dhigitigh							<p>tionsclaíoch agus forbairt thurgnamhach.</p> <p>Tacóidh roghnú na gclár le cuibhreannais cuideachtaí agus eagraíochtaí taighde chun tionscadail TFN a chur i gcrích. Leis na clár a fhaigheann tacaíocht, spreagfar comhpháirtithe cuibhreannais chun páirt a ghlacadh i slabhraí luacha agus eolais domhanda chun geilleagar na Slóivéine agus an pobal taighde a idirnáisiúnú agus chun an timpeallacht thacúil le haghaidh próisis forbartha nuálaíochta a neartú.</p> <p>Eisiafar gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann leis na gnéithe taighde agus nuálaíochta don amhail gual, ola, gás nádúrtha nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir Theicniúil DNSH, hidrigin ghorm agus liath, loisceoirí agus láithreáin líonta talún.</p>
114	B: Cómhaoiniú tionscadal nuálaíochta taighde chun tacú	Garspríoc	Cinneadh maidir le roghnú le haghaidh	Cinneadh maidir le roghnú a chur in iúl				R4	2024	Tacóidh na tionscadail roghnaithe le taighde, aistriú teicneolaíochta agus comhar gnólacht le gnólacht lena ndíreofar ar an ngeilleagar ciorclach.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	leis an aistriú glas agus leis an digitiú		tionscadail taighde agus nuálaíochta sa gheilleagar ciorclach							<p>Suas le EUR 300000 in aghaidh an tionscadail a bheidh sa tacaíocht.</p> <p>Eisiafar gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann leis na gnéithe taighde agus nuálaíochta don amhail gual, ola, gás nádúrtha nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir Theicniúil DNSH, hidrigin ghorm agus liath, loisceoirí agus láithreáin líonta talún.</p>
115	B: Cómhaoiniú tionscadal nuálaíochta taighde chun tacú leis an aistriú glas agus leis an digitiú	Cuspóir sonrathach	Tionscadail curtha i gcrích chun sochaí, geilleagar, athléimneacht agus oiriúnú ísealcharbóin don athrú aeráide a fhorbairt		Líon	0	2	R2	2026	Tionscadail a cuireadh i gcrích go rathúil chun sochaí, geilleagar, athléimneacht agus oiriúnú ísealcharbóin don athrú aeráide a fhorbairt i gcomhréir leis na critéir faoi gharspríoc 112.
116	B: Cómhaoiniú tionscadal nuálaíochta taighde chun tacú leis an aistriú glas	Cuspóir sonrathach	Tionscadail atá curtha i gcrích i réimse an digitithe agus an		Líon	0	2	R2	2026	Tionscadail a cuireadh i gcrích go rathúil i réimse an digitithe agus an chlaochlathaithe dhigitigh i gcomhréir leis na critéir faoi gharspríoc 113.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	agus leis an digitiú		chlaochlaithé dhigitigh							
118	B: Cómhaoiniú tionscadal nuálaíochta taighde chun tacú leis an aistriú glas agus leis an digitiú	Cuspóir sonrach	Tionscadail taighde agus nuálaíochta maidir leis an ngeilleagar ciorclach a cuireadh i gcrích		Líon	0	122	R2	2026	Tionscadail a cuireadh i gcrích go rathúil i gcomhréir leis na critéir faoi gharspríoc 114. EUR 36641145 ar a laghad a bheidh i méid iomlán an chistithe.
119	C: Cómhaoiniú tionscadal chun soghluaisteacht idirnáisiúnta thaighdeoirí agus eagraíochtaí taighde na Slóivéine a fheabhsú agus chun rannpháirtíocht idirnáisiúnta iarratasóirí na Slóivéine a chur chun cinn	Cuspóir sonrach	Líon na dtaighdeoirí atá rannpháirteach i dtionscadal soghluaisteachta agus/nó athlánpháirtithe thaighdeoirí na Slóivéine		Líon	0	33	R2	2026	Tacóidh tionscadail trí dheontas suas le 3 bliana le costais soghluaisteachta taighdeoirí a bhfuil measúnú dearfach nó measúnú den scoth faighte acu ach nár roghnaíodh le haghaidh cistiú faoi Ghlaonna ar Thograí Fís Eorpach (go táscach 22 taighdeoir). Tacóidh tionscadail bhreise le hathimeascadh taighdeoirí sa tSlóivéin a bhfuil tionscadail faoin gclár Fís Eorpach curtha i gcrích go rathúil acu trí thacaíocht suas le 2 bhliain a chur ar fáil (go táscach 11 taighdeoir).
120	D: Cómhaoiniú infheistíochta i	Garspríoc	Roghnú críochnaithe le	Cinntí a chur in iúl				R4	2024	Direoidh tionscadail phiólótacha roghnaithe TFN ar an ngeilleagar

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	dtaispeántaí TFN agus i dtreoirthionscadail		haghaidh tionscadail i scéimeanna píolótacha TFN i réimse an gheilleagair chiorclaigh							ciorclach agus tacóidh siad le próisis taighde agus nuálaíochta, le haistriú teicneolaíochta agus le comhar idir gnólachtaí. Suas le EUR 1000000 in aghaidh an tionscadail a bheidh sa tacaíocht. Eisiafar gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhaineann leis na gnéithe taighde agus nuálaíochta don amhail gual, ola, gás nádúrtha nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir Theicniúil DNSH, hidrigin ghorm agus liath, loisceoirí agus láithreáin líonta talún.
122	D: Cómhaoiniú infheistíochta i dtaispeántaí TFN agus i dtreoirthionscadail	Cuspóir sonrath	Tionscadail píolótacha TFN a cuireadh i gcrích i réimse an gheilleagair chiorclaigh		Líon	0	21	R2	2026	Tionscadail a cuireadh i gcrích go rathúil i gcomhréir leis na critéir faoi garspríoc 120. EUR 21000000 ar a laghad a bheidh i méid iomlán an chistithe.

## **I. COMHPHÁIRT 9: TÁIRGIÚLACHT A MHÉADÚ, TIMPEALLACHT ATÁ FABHRACH DO GHNÓ D'INFHEISTEOIRÍ**

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tugtar aghaidh ar leibhéal íseal na n-infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach sa tSlóivéin trí fheabhas a chur ar rialáil na margaí caipitil, trí athchóiriú a dhéanamh ar phrionsabail na tacaíochta poiblí d'infheistíochtaí príobháideacha, agus trí chistiú a chur ar fáil d'infheistíochtaí ó fhiontair.

Is iad cuspóirí na comhpháirte foinsí airgeadais malartacha neamhbhainc a neartú, infheistíocht gnólachtaí sna teicneolaíochtaí glasa agus digiteacha is forbartha a éascú, agus an creat tacaíochta do chuideachtaí a neartú.

Leis na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin, tabharfar aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha a díriodh ar an tSlóivéin in 2019 chun 'tacú le forbairt margaí cothromais' (Moladh Sonrach Tíre 2, 2019) agus 2020 chun 'leachtacht agus maoiniú a sholáthar do ghnólachtaí agus do theaghlaigh [...] chun infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch' agus chun 'infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach' (Moladh Sonrach Tír 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### Athchóiriú A: Na margaí caipitil a neartú

Is é is cuspóir don athchóiriú seo margaí caipitil sa tSlóivéin a neartú.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm Gníomh nua maidir le cineálacha cistí infheistíochta malartacha, lena saineofar na cineálacha cistí infheistíochta malartacha. Cuirfidh an Gníomh nua seo le torthaí thionscadal an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach 'Rannchuid an Chiste Infheistíochta Malartaigh (AIF) a neartú'.

Thairis sin, glacfar straitéis le haghaidh mhargadh caipitil na Slóivéine, ina leagfar amach bearta sonracha le haghaidh tuilleadh forbartha, ag tógáil ar thorthaí thionscadal an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach 'Feabhsú agus Forbairt an Mhargaidh Caipitil sa tSlóivéin'.

Tabharfar na garspriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

#### Athchóiriú B: Geilleagar níos táirgiúla don aistriú digiteach agus don aistriú glas

Is é is cuspóir don athchóiriú seo táirgiúlacht gheilleagar na Slóivéine a mhéadú trí chritéir le haghaidh tacaíocht infheistíochta poiblí a atreorú ó chruthú post i dtreo samhlacha gnó agus infheistíochtaí atá an-táirgiúil, inbhuanaithe agus dírithe go digiteach.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Infheistíocht a chur chun cinn maidir le cur chun cinn infheistíochta intíre agus coigríche ag cuideachtaí. Atreoróidh na leasuithe dreasachtaí infheistíochta rialtais i dtreo infheistíochtaí ard-bhreislúacha atá dian ar chaipiteal. Leis

an athchóiriú, beidh tacaíocht phoiblí coinníollach ar thacar sonrath critéar feidhmíochta inbhuanaitheachta comhshaoil.

Tabharfar na garspriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

## Infheistíocht C: Tacaíocht do dhícharbónú, do tháirgiúlacht agus d'iomáiochas cuideachtaí

Is é cuspóir na hinfeistíochta tacú le cuideachtaí táirgiúlacht a mhéadú.

Comhlíonfaidh na tionscadail a roghnófar sraith shonrach critéar feidhmíochta comhshaoil, go háirithe éifeachtúlacht fuinnimh agus ábhair, agus comhlíonfaidh siad an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01). Ina theannta sin, geallfaidh an comhaontú cómhaoinithe go n-úsáidfidh na tairbhíthe spriocanna inbhuanaitheachta intomhaiste breise nach mór a bhaint amach tráth a chuirfean an infheistíocht i gcrích.

Chuna áirithiú go gcomhlíonfaidh an beart an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach<sup>4</sup>; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha<sup>5</sup>; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola<sup>6</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>7</sup>; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaoil. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Cuirfean an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

## Infheistíocht D: Éiceachórais nuálacha de bhonneagar eacnamaíoch agus gnó a chur ar fáil

Is é cuspóir na hinfeistíochta iomaíochas na slabhraí luacha in earnálacha eacnamaíochta éagsúla a neartú trí thacaíocht a thabhairt d'éiceachórais nuálacha.

Tacóidh an infheistíocht le forbairt bonneagair eacnamaíoch agus gnó a rannchuidíonn le cuspóirí na Straitéise um Speisialtóireacht Chliste (iomaíochas an gheilleagair a neartú trína chumas nuálaíochta a neartú). Leis an infheistíocht, déanfar tuilleadh forbartha ar chriosanna gnó atá ann cheana agus ar limistéir dhíghrádaithe i mbonneagar gnó agus cuirfean teorainn leis an ngá atá le hinfeistíochtaí substaintiúla i mbonneagar uirbeach agus iompair nua.

---

<sup>4</sup> Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

<sup>5</sup> I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

<sup>6</sup> Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhail ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>7</sup>Níl feidhm ag an eisiámh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhrámhail múirín agus díleá anaeróbach bithdhrámhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

**I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
124	A: Margáí caipitil a neartú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir le foirmeacha cistí infheistíochta malartacha	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir le foirmeacha cistí infheistíochta malartacha				R4	2021	San Acht maidir le foirmeacha cistí infheistíochta malartacha, saineofar trí chineál cistí infheistíochta malartacha, eadhon: Ciste frithpháirteach malartach a fhoirmítear mar shócmhainní ar leithligh, mar chomhpháirtíocht theoranta speisialta agus mar chuideachta infheistíochta caipitil sheasta. Leanfaidh an t-athchóiriú creat dlíthiúil agus moltaí an Aontais i réimse na margaí caipitil.
125	A: Margáí caipitil a neartú	Garsprioc	Straitéis forbartha margaí caipitil a ghlacadh	Straitéis forbartha margaí caipitil á glacadh ag an rialtas				R2	2022	Áireofar sa straitéis bearta chun margadh caipitil níos dinimiciúla a bhaint amach, lena n-áirítear trí ghlacadh sa mhargadh laistigh d' Aontas Caipitil na hEorpa; pointí teagmhála a bhunú i ngach margadh airgeadais domhanda; córas faisnéise éifeachtach ar líne a bhunú maidir le nuálaíochtaí teicneolaíochta airgeadais agus seirbhísí

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										airgeadais eile; bearta atá ann cheana a oiriúnú.
126	B: Geilleagar níos táirgiúla don aistriú digiteach agus don aistriú glas	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Infheistíocht a chur chun cinn d'fhonn an t-aistriú glas a chur chun cinn	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Infheistíocht a chur chun cinn				R4	2021	<p>Áiríteofar leis an leasú go mbeidh na critéir maidir le tacaíocht infheistíochta poiblí d'fhiontair dírithe ar shamhlacha gnó agus infheistíochtaí atá an-táirgiúil, inbhuanaithe agus dírithe go digiteach.</p> <p>Áireofar sna hinfeistíochtaí uile dá dtugtar tacaíocht coinníollacha chun an t-aistriú glas a chur chun cinn, lena n-áirítear ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh, bainistiú atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus éifeachtúlacht táirgthe ábhar.</p> <p>Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta freisin go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus an ceanglas go gcomhlíonfar</p>

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										reachtaíocht ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir leis an gcomhshaol.
127	B: Geilleagar níos táirgiúla don aistriú digiteach agus don aistriú glas	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme an Ghnímh um Infheistíocht a chur chun cinn	Foráil sa rialachán lena léirítear teacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme an Ghnímh um Infheistíocht a chur chun cinn				R2	2022	Sonrófar a thuilleadh sna rialacháin cur chun feidhme na critéir ghaolmhara faoin nGníomh um Infheistíocht a chur chun cinn, go háirithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, éifeachtúlacht ábhair, comhtháthú fadtéarmach na hinfeistíochta sa réigiún, freagracht shóisialta, tionchar comhshaoil na hinfeistíochta, rannchuidiú na hinfeistíochta leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha as a dtiocfaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa níos ísle agus táirgeadh ag a bhfuil lorg carbóin níos ísle, suíomh i limistéar díluacháilte ina bhfuil cur in áirithe iomchuí nó i gcríos gnó atá ann cheana, éifeachtaí na hinfeistíochta ar fhorbairt réigiúnach chomhchuí, comhtháthú na hinfeistíochta

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										spásúla agus tionchar dearfach na forbartha spásúla áitiúla.
128	C: Tacaíocht do dhícharbónú, do tháirgiúlacht agus d'iomáiochas cuideachtaí	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain do thionscadail chun tacú le forbairt réigiúnach	Dámhachtainí a chur in iúl				R2	2022	Deontais a dhámhachtain do thionscadail chun tacú le forbairt réigiúnach trí infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Dámhfar na tionscadail bunaithe ar an nGníomh um Chur Chun Cinn na Forbartha Réigiúnaí agus i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
129	C: Tacaíocht do dhícharbónú, do tháirgiúlacht agus d'iomáiochas cuideachtaí	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain do thionscadail chun infheistíocht a chur chun cinn	Dámhachtainí a chur in iúl				R2	2023	Deontais a dhámhachtain le haghaidh tionscadal chun infheistíocht i monarú, i seirbhísí agus i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní seasta inláimhsithe

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										agus doláimhsithe. Beidh na tionscadail i gcomhréir leis an Acht um Infheistíocht a chur chun cinn arna leasú faoi gharspríoc 126, lena n-áirítear comhlíonadh na Treorach Teicniúla ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
130	C: Tacaíocht do dhícharbónú, do tháirgiúlacht agus d’iomaíochas cuideachtaí	Cuspóir sonrach	Tionscadail atá curtha i gcrích chun infheistíocht a chur chun cinn		Líon	0	59	R2	2026	Tionscadail a cuireadh i gcrích go rathúil.
132	C: Tacaíocht do dhícharbónú, do tháirgiúlacht agus d’iomaíochas cuideachtaí	Cuspóir sonrach	Tionscadail atá curtha i gcrích chun tacú le forbairt réigiúnach		Líon	0	207	R2	2026	Tionscadail a cuireadh i gcrích go rathúil.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
133	D: Éiceachórais nuálacha de bhonneagar eacnamaíoch agus gnó a chur ar fáil	Garspríoc	Deontais a dhámhachtain d'éiceachórais nuálacha bonneagair ghnó	Dámhachtainí a chur in iúl				R2	2022	Tacóidh na tionscadail roghnaithe le bonneagar gnó eacnamaíoch a fhorbairt. Tacóidh tionscadail leis an bhforbairt réigiúnach agus tabharfaidh siad tús áite d'athúsáid láithreán díghrádaithe agus dlúthnaisc le hiompar poiblí agus naisc bhóthair.
134	D: Éiceachórais nuálacha de bhonneagar eacnamaíoch agus gnó a chur ar fáil	Cuspóir sonrath	Tionscadail atá curtha i gcrích le haghaidh éiceachórais nuálacha bonneagair ghnó		Líon	0	12	R2	2026	Tionscadail a cuireadh i gcrích go rathúil.

## **J. COMHPHÁIRT 10: MARGADH AN TSAOTHAIR — BEARTA CHUN TIONCHAR TREOCHTAÍ DIÚLTACHA STRUCHTÚRACHA A LAGHDÚ**

Leis an ngné sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tugtar aghaidh ar dhúshláin struchtúracha fostaíochta a bhaineann leis an aosú agus leis an athrú teicneolaíoch trí shraith chuimsitheach athchóirithe agus infheistíochtaí. Áirítear ar na dúshláin sin, inter alia, leibhéil ísle fostaíochta d'oibríthe scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, dífhostaíocht i measc na hóige, rannpháirtíocht íseal i bhfoghlaím agus oiliúint ar feadh an tsaoil, rioscaí inbhuanaitheachta airgeadais do chóras na bpinsean agus leordhóthanacht pinsean.

Is iad cuspóirí na comhpháirte athléimneacht i margadh an tsaothair a neartú, rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú agus inbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean agus leordhóthanacht na bpinsean a áirithiú.

Tabharfaidh na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha atá dírithe ar an tSlóivéin in 2019 chun 'inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht fhadtéarmach chóras na bpinsean a áirithiú, lena n-áirítear tríd an aois scoir reachtúil a choigeartú agus an luathscor a shrianadh. Infhostaitheacht oibríthe ar bheagán oiliúna agus oibríthe scothaosta a mhéadú trí fheabhas a chur ar ábharthacht an oideachais agus na hoiliúna don mhargadh saothair, ar bhearta foghlama ar feadh an tsaoil agus ar bhearta gníomhachtúcháin, lena n-áirítear trí litearthacht dhigiteach níos fearr' (Moladh Sonrach Tíre 1, 2019) agus 2020 chun 'leachtacht agus maoiniú a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do theaghlaigh' agus 'cúiteamh leordhóthanach ioncaim agus cosaint shóisialta a áirithiú; tionchar na géarchéime ar an bhfostaíocht a mhaolú, inter alia trí scéimeanna oibre gearr-ama agus socruithe solúbtha oibre a neartú; a áirithiú go dtugann na bearta sin cosaint leordhóthanach d'oibríthe i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta' (Moladh Sonrach Tíre 2, 2020).

### **J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### Athchóiriú A: Bearta struchtúracha chun athléimneacht an mhargaidh saothair a neartú

Is é is cuspóir don athchóiriú athléimneacht an mhargaidh saothair a mhéadú trína áirithiú, go háirithe, go ndéanfar é a oiriúnú do threochtaí déimeagrafacha.

Áiritheofar an méid seo a leanas leis an athchóiriú:

- a. Teacht i bhfeidhm an ghnímh lena mbunaítear scéim oibre gearr-ama géarchéime buan do ghnólachtaí atá i ndeacrachtaí nó a bhfuil géardheacrachtaí ag bagairt orthu de bharr tarluithe eisceachtúla nach bhfuil neart acu orthu, ag tógáil ar an taithí a fuarthas le linn ghéarchéim COVID-19, agus le linn na géarchéime fuinnimh in 2022. Áireofar sa ghníomh oibleagáidí oideachais agus oiliúna le linn obair pháirtaimseartha.
- b. Teacht i bhfeidhm athruithe reachtacha i réimse na sochar dífhostaíochta. Leasófar na forálacha san Acht um Rialáil an Mhargaidh Saothair maidir le sochair dhífhostaíochta d'fhonn ráta fostaíochta oibríthe scothaosta a mhéadú agus d'fhonn luathfhágáil an mhargaidh saothair a chosc. Cuirfidh an obair leis an anailís a rinne ECFE ar an gcóras árachais pinsin agus míchumais sa tSlóivéin.
- c. Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an reachtaíocht maidir le pinsin chun inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht fhadtéarmach chóras na bpinsean a áirithiú. Cuirfear san áireamh san athchóiriú na treochtaí caiteachais atá ann cheana, coinníollacha pinsin, innéacsú, ranníocaíochtaí, naisc idir íocaíochtaí agus fáltais, leordhóthanacht agus trédhearcacht árachais pinsin agus míchumais agus cuirfear bearta nithiúla ar aghaidh sa reachtaíocht

chun leordhóthanacht pinsean agus inbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean a áirithiú, chun rioscaí a eascraíonn as caiteachas a bhaineann le haois ón gcatagóir ardriosca reatha a laghdú go suntasach. Glacfar an t-athchóiriú pinsean faoin 31 Nollaig 2024.

- d. Athbhreithniú ar an ‘Plean Gníomhaíochta um Beartas Fostaíochta Gníomhach’ agus ‘Catalóg na mBeart Gníomhach Beartais Fostaíochta’ d’fhonn a áirithiú go ndéanfar na cuspóirí straitéiseacha a leagtar amach sna treoirlínte gníomhacha beartais maidir le margadh an tsaothair a chur chun feidhme agus a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí le haghaidh 2026-2030, go háirithe maidir le dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú agus oibríthe scothaosta agus oibríthe ar bheagán oiliúna a ghníomhachtú ar bhealach níos tapúla.

Tabharfar na garspriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht C: Modhanna oibre níos solúbtha a thabhairt isteach atá curtha in oiriúint do riachtanais daoine faoi mhíchumas i gcuideachtaí dídeanacha agus in ionaid fostaíochta

Is é cuspóir na hinfeistíochta an bonn teicniúil a sholáthar chun modhanna oibre níos solúbtha a thabhairt isteach.

Is éard atá san infheistíocht tionscadail le haghaidh cuideachtaí dídeanacha agus ionaid fostaíochta. Áireofar orthu sin oiliúint, a chuirfear ar fáil agus béim á leagan ar na hinniúlachtaí is gá a neartú chun socruithe oibre níos solúbtha a thabhairt isteach do dhaoine faoi mhíchumas agus d’fhostaithe atá ag obair le daoine faoi mhíchumas. Áireofar sa tionscadal cúnaimh síceasóisialta do dhaoine faoi mhíchumas. Ina theannta sin, bunófar pleananna chun samhlacha nua gnó a fhorbairt, agus béim á leagan ar dhigitiú, i gcás inarb ábhartha, agus ar mhodhanna oibre níos solúbtha a thabhairt isteach.

Críochnófar an sprioc a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 30 Meitheamh 2025.

Infheistíocht D: Teacht isteach níos tapúla daoine óga i margadh an tsaothair

Is é cuspóir na hinfeistíochta dífhostaíocht i measc na hóige a laghdú tar éis phaindéim COVID-19.

Is éard atá san infheistíocht dreasachtaí airgeadais d’fhostóirí chun daoine óga suas le 29 mbliana d’aois a fhostú ar chonarthaí neamhiata. Áireofar leis sin freisin gealltanas ón bhfostóir meantóir iomchuí a chur ar fáil, cúnaimh a chur ar fáil, agus oiliúint a chur orthu i bpost sonrach. Le linn tréimhse fóirdheontais 18 mí, táthar ag súil go sealbhóidh daoine óga na hinniúlachtaí breise chun an ghairm a chleachtadh agus chun a n-eolas teoiriciúil a fheabhsú le taithí oibre.

Tabharfar na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

**J.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
135	A: Bearta struchtúracha chun athléimneacht an mhargaidh saothair a neartú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh lena mbunaítear scéim oibre gearr-ama “géarchéime”	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Ghnímh lena mbunaítear scéim oibre gearr-ama ‘géarchéime’				R2	2024	Bunófar leis an ngníomh scéim oibre gearr-ama géarchéime arb é is cuspóir di poist a chaomhnú i gcás imthosca gan choinne. Ullmhófar an dréachtghníomh ar bhonn anailís ar riachtanais agus tairbhí ar chur chun feidhme an bhirt idirghabhála le linn eipidéim COVID-19 agus le linn ghéarchéim fuinnimh 2022, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta. Déanfar foráil sa ghníomh freisin maidir le hoibleagáidí oiliúna agus oideachais le linn thréimhse chur chun feidhme an bhirt oibre gearr-ama.
136	A: Bearta struchtúracha chun athléimneacht an mhargaidh saothair a neartú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an nGníomh um Rialáil an Mhargaidh Saothair	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe ar an nGníomh um Rialáil an				R2	2024	Beidh sé d’aidhm ag na leasuithe i réimse an árachais dífhostaíochta saol oibre níos faide a chur chun cinn agus an bhearna idir aois scoir mhargadh an tsaothair agus an aois scoir reachtúil a laghdú.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				Mhargaidh Saothair						
137	A: Bearta struchtúracha chun athléimneacht an mhargaidh saothair a neartú	Garspríoc	Dréachtleasuithe ar reachtaíocht maidir le pinsin le haghaidh comhairliúcháin	Déantar dréachtleasuithe ar an nGníomh um Árachas Pinsin agus Míchumais arb é is aidhm dóibh inbhuanaitheacht fhioscach agus leordhóthanacht na bpinsean a áirithiú a tharchur chuig an gComhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta				R2	2023	<p>Tabharfaidh ábhar an togra aghaidh ar dhúshláin inbhuanaitheachta, amhail treochtaí déimeagrafacha a bhfuiltear ag súil leo, an caidreamh idir árachas árachaithe agus pinsinéirí, leordhóthanacht agus trédhearcacht árachais pinsin agus míchumais. Áireofar sa togra athruithe ar dhálaí scoir (amhail aois scoir níos airde, aontú tréimhsí nuair a dhéantar an tréimhse is gá a choigeartú), athruithe ar innéacsú, naisc idir íocaíochtaí agus eisíocaíochtaí.</p> <p>Ina theannta sin, molfar nuachóiriú a dhéanamh ar an Scéim Árachais Easláine, d'fhonn comhtháthú daoine aonair a bhfuil a gcumas oibre laghdaithe sa mhargadh saothair a uasmhéadú agus, ar</p>

Uimhir sheicheimhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>an gcaoi sin, feabhas a chur ar a gcumhdach slándála sóisialta, chomh maith le bearta chun rannpháirtíocht i scéimeanna forlíontacha pinsin a mhéadú.</p> <p>Áiritheofar leis an togra inbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean (laghdófar na rioscaí a eascraíonn as caiteachas a bhaineann le haois ón gcatagóir ardriosca reatha) agus leordhóthanacht na bpinsean.</p>
138	A: Bearta struchtúracha chun athléimneacht an mhargaidh saothair a neartú	Garspríoc	Togra reachtach le haghaidh leasuithe cuimsitheacha ar an Acht um Árachas Pinsin agus Michumais arna tharchur chuig an Tionól Náisiúnta	Glacann Rialtas Phoblacht na Slóivéine an togra le haghaidh leasuithe reachtacha agus déantar é a tharchur chuig an Tionól Náisiúnta.				R4	2023	Déanann an rialtas reachtaíocht a ghlacadh agus a tharchur chuig an Tionól Náisiúnta chun inbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean a áirithiú (laghdófar na rioscaí a eascraíonn as caiteachas a bhaineann le haois ón gcatagóir ardriosca atá ann faoi láthair) agus leordhóthanacht na bpinsean. Déanfaidh an togra an tréimhse fostaíochta a fhadú, lánpháirtiú daoine scothaosta i margadh an

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										tsaothair a mhéadú, agus leordhóthanacht pinsean agus inbhuanaitheacht airgeadais chóras na bpinsean a áirithiú.
139	A: Bearta struchtúracha chun athléimneacht an mhargaidh saothair a neartú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Árachas Pinsin agus Míchumais, arb é is aidhm dóibh inbhuanaitheacht fhioscach an chórais agus pinsin leordhóthanach a áirithiú	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Árachas Pinsin agus Míchumais				R4	2024	Áiritheofar leis an reachtaíocht a ghlacfar inbhuanaitheacht fhioscach chóras na bpinsean (laghdófar na rioscaí a eascraíonn as caiteachas a bhaineann le haois ón gcatagóir ardriosca reatha) agus áiritheofar leordhóthanacht na bpinsean. Leis an togra, déanfar an tréimhse fostaíochta a fhadú, an bhearna idir an aois scoir reachtúil agus an aois scoir iarbhir a laghdú, lánpháirtiú oibrithe scothaosta i margadh an tsaothair a mhéadú, agus leordhóthanacht na bpinsean agus inbhuanaitheacht airgeadais chóras na bpinsean a áirithiú.
140	A: Bearta struchtúracha chun athléimneacht	Garsprioc	Glacadh na dTreoirínte maidir le cur chun feidhme	Athbhreithniú críochnaithe agus foilsithe ar dhoiciméid cur				R4	2025	Déanfaidh an Aireacht Saothair, Teaghlaigh, Gnóthaí Sóisialta agus Comhdheiseanna athbhreithniú

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	an mhargaidh saothair a neartú		an bheartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair 2026-2030	chun feidhme na dTreoirlínte maidir le cur chun feidhme an bheartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair 2021-2025 agus arna nglacadh agus arna bhfoilsíú maidir le cur chun feidhme an bheartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair 2026-2030.						ar dhoiciméid chur chun feidhme na dTreoirlínte maidir le beartas gníomhach mhargadh an tsaothair 2021-2025 a chur chun feidhme, go háirithe an Plean Beartais Fostaíochta Gníomhach agus an Chatalóg de Bhearta Gníomhacha Beartais Fostaíochta, agus glacfaidh sí na Treoirlínte maidir le cur chun feidhme bheartas gníomhach mhargadh an tsaothair 2026-2030. Díreofar go príomha sna Treoirlínte nua ar líon na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach i gclár Sheirbhís Fostaíochta na Slóivéine a laghdú (i gcomparáid leis an tréimhse thagartha 2020).
143	C: Modhanna oibre níos solúbtha a thabhairt isteach atá curtha in oiriúint do	Cuspóir sonrath	Tionscadail atá curtha i gcrích le haghaidh fiontair dhídeanacha		Líon	0	41	R2	2025	Dámhfar tionscadail tar éis glao ar thograí. Beidh na tairbhíthe ina bhfiontair dhídeanach agus ina n-ionaid fostaíochta. Aireofar ar na tionscadail sainchomhairle do chuideachtaí chun a

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	riachtanais daoine faoi mhíchumas i bhfontair dhídeanach agus in ionaid fostaíochta		agus ionaid fostaíochta							dtimpeallacht oibre a ullmhú agus a chur in oiriúint do riachtanais daoine faoi mhíchumas. Áireofar ar na tionscadail oideachas agus oiliúint do dhaoine faoi mhíchumas agus d'fhostaithe a oibríonn le daoine faoi mhíchumas le haghaidh inniúlachtaí nua is gá chun socruithe oibre níos solúbtha a thabhairt isteach. Táthar ag súil go mbeidh ar a laghad 266 dhuine faoi mhíchumas rannpháirteach.
144	D: Teacht isteach níos tapúla daoine óga i margadh an tsaothair	Cuspóir sonrath	Líon na ndaoine óga breise i bhfostaíocht fhóirdheonaithe ar bhonn conradh neamhiata	Líon	0	700	R4	2022	Líon na ndaoine óga suas le 29 mbliana d'aois, 29 mbliana d'aois san áireamh, i bhfostaíocht fhóirdheonaithe ar bhonn conradh neamhiata. Cuirfear fóirdheontais ar fáil ar feadh suas le 18 mí in aghaidh na fostaíochta. Áiritheoidh fostóirí go mbeidh meantóir ann chun tacú leis an duine óg. Críochnóidh gach duine óg agus a meantóir 30 uair an chloig ar a laghad, agus béim á	

Uimhir sheicheimhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										leagan ar scileanna digiteacha a fheabhsú, le linn na tréimhse fóirdheontais.
145	D: Teacht isteach níos tapúla daoine óga i margadh an tsaothair	Cuspóir sonrach	Líon na ndaoine óga breise i bhfostaíocht fhóirdheonaithe ar bhonn conradh neamhiata		Líon	700	1 950	R4	2024	Líon na ndaoine óga suas le 29 mbliana d'aois, 29 mbliana d'aois san áireamh, i bhfostaíocht fhóirdheonaithe ar bhonn conradh neamhiata. Cuirfear fóirdheontais ar fáil ar feadh suas le 18 mí in aghaidh na fostaíochta. Áiritheoidh fostóirí go mbeidh meantóir ann chun tacú leis an duine óg.

## **K. COMHPHÁIRT 11: FORBAIRT INBHUANAITHE THURASÓIREACHT NA SLÓIVÉINE, LENA N-ÁIRÍTEAR AN OIDHREACHT CHULTÚRTHA**

Leis an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tugtar aghaidh ar thionchar tromchúiseach phaindéim COVID-19 ar earnáil na turasóireachta agus ar an tionchar ar an bhfostaíocht, ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, ar cháilíocht agus ar bhreisluach bhonneagar turasóireachta na Slóivéine, agus ar fhorbairt na hoidhreachta cultúrtha.

Is iad cuspóirí na comhpháirte tacú le forbairt inbhuanaithe na turasóireachta agus feabhas a chur ar shuíomh idirnáisiúnta na Slóivéine mar phríomhcheann scríbe i réimse na hinbhuanaitheachta chomhshaoil agus breisluach na hearnála a ardú le bearta atá dírithe ar bhonneagar poiblí feabhsaithe agus ar an oidhreacht chultúrtha a uasghrádú agus a chur chun cinn.

Leis na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin, tabharfar aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha a díriodh ar an tSlóivéin in 2020 ‘chun leachtacht agus maoiniú a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do theaghlaigh [...] tionscadail infheistíochta poiblí aibí a thús-ualú agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch’ agus chun ‘infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach’ (Moladh Sonrach Tír 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí chomhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **K.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú A: Forbairt inbhuanaithe na turasóireachta a neartú**

Is é is cuspóir don athchóiriú freagairt d’iarmhairtí phaindéim COVID-19 agus an creat meántéarmach a sholáthar chun turasóireacht na Slóivéine a fhorbairt i dtreo na turasóireachta inbhuanaithe, ardcháilíochta agus breisluacha.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm foraithe maidir le dreasachtaí forbartha don turasóireacht, lena leagfar amach coinníollacha inbhuanaitheachta le haghaidh tacaíocht phoiblí san earnáil. Áireofar orthu sin, inter alia, teastas feidhmíochta fuinnimh d’aicme B ar a laghad le haghaidh aon athchóirithe, lena bhfaightear éicilipéad idirnáisiúnta amháin ar a laghad, agus le haghaidh foirgnimh nua lena n-áiríthítear go mbeidh an t-éileamh ar fhuinneamh príomhúil 20 % níos ísle ar a laghad ná an ceanglas maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de. Thairis sin, neartófar cumas faireacháin agus anailise sonraí Scéim na Turasóireachta Glaise.

Tabharfar na garspriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

#### **Infheistíocht B: Forbairt inbhuanaithe ar thairiscintí cóiríochta do thurasóirí chun breisluach na turasóireachta a mhéadú**

Is é cuspóir na hinfheistíochta seo tacú leis an turasóireacht inbhuanaithe trí inbhuanaitheacht na cóiríochta do thurasóirí a fheabhsú.

Tacóidh an infheistíocht le hathchóiriú, síneadh, nó tógáil saoráidí turasóireachta i gcomhréir le hardchaighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh. Áireofar sna tionscadail freisin oiliúint éigeantach i gcáilíocht seirbhíse agus inniúlachtaí digiteacha don fhoireann agus do bhainisteoirí, taighde margáíochta, agus anailís eacnamaíoch.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht C: Forbairt inbhuanaithe ar bhonneagar turasóireachta poiblí agus comhroinnte agus ar nithe is díol spéise nádúrtha i gceann scríbe turasóireachta

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo tacú leis an turasóireacht inbhuanaithe trí bhonneagar turasóireachta poiblí agus comhroinnte a fhorbairt.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht saoráidí bonneagair turasóireachta poiblí agus comhroinnte a athchóiriú agus a bhunú chun cáilíocht na tairisceana turasóireachta a chomhlánú agus a fheabhsú.

Críochnófar an sprioc a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht D: Athchóiriú inbhuanaithe agus athbheochan na hoidhreachta cultúrtha agus an bhonneagair chultúrtha phoiblí

Is é is cuspóir don infheistíocht sin tacú leis an turasóireacht inbhuanaithe tríd an oidhreacht chultúrtha agus an bonneagar cultúrtha poiblí a athbheochan.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht tacaíocht a thabhairt d'athchóiriú, d'athchóiriú, d'athbheochan foriomlán agus do nuachóiriú na hoidhreachta cultúrtha agus an bhonneagair chultúrtha phoiblí atá faoi úinéireacht an stáit nó na mbardas agus meastar go mbeidh éifeacht iolraitheora aige sin ar fhorbairt na turasóireachta. Áireofar ar na tionscadail digitiú agus úsáid theicneolaíoch TFC chun an oidhreacht chultúrtha a chur chun cinn agus a léirmhíniú.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

**K.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiócht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
148	A: Forbairt inbhuanaithe na turasóireachta a neartú	Garsprioc	Faireachán uasghrádaithe ar shonraí i Scéim Turasóireachta Glaise na Slóivéine	Tá uasghráduithe ar fhaireachán sonraí do Scéim Turasóireachta Glaise na Slóivéine ag feidhmiú				R4	2025	Déanfar Scéim Turasóireachta Glaise na Slóivéine a uasghrádú chun uirlis anailíseach a áireamh chun éifeachtaí na turasóireachta ar phríomhchinn scríbe turasóireachta a thomhas agus chun sreafaí turasóireachta a anailísiú agus a thuar. Táthar ag súil go gcuirfidh na sonraí sin le forbairt inbhuanaithe na turasóireachta sa tSlóivéin.
149	A: Forbairt inbhuanaithe na turasóireachta a neartú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm Forairthne maidir le Dreasachtaí Forbartha don Turasóireacht	Foráil san fhorairthne lena léirítear teacht i bhfeidhm Forairthne maidir le Dreasachtaí Forbartha don				R4	2021	Soláthrófar leis an bhforairthne na coinníollacha agus na critéir mhionsonraithe maidir le dreasachtaí a dhámhachtain faoin Acht um Fhorbairt

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
				Turasóireacht tar éis don rialtas í a ghlacadh.						Turasóireachta a Spreagadh. Cuirfear an inbhuanaitheacht chomhshaoil chun cinn leis an bhforaithne, agus áireofar inti i measc na gceanglas maidir le tacú le teastas feidhmíochta fuinnimh d'aicme B ar a laghad le haghaidh athchóirithe foirgneamh, éicilipéad idirnáisiúnta amháin ar a laghad a fháil, agus i gcás foirgnimh nua éileamh fuinnimh príomhúil atá 20 % níos ísle ar a laghad ná an ceanglas le haghaidh foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de.
150	B: Forbairt inbhuanaithe ar chóiríocht turasóireachta na Slóivéine	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain chun éifeachtúlacht fuinnimh na cóiríochta do	Dámhachtainí a chur in iúl				R4	2022	Comhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe na coinníollacha a leagtar amach san Fhóraithne maidir le Dreasachtaí Forbartha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	chun breisluach na turasóireacht a a mhéadú		thurasóirí a mhéadú							don Turasóireacht. Go háirithe, bainfidh 50 % ar a laghad de chostais incháilithe an athchóirithe nó na tógála nua le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh. Áiritheoidh foirgnimh nua go mbeidh a n-éileamh fuinnimh phríomhúil 20 % níos ísle ar a laghad ná an ceanglas le haghaidh foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de.
151	B: Forbairt inbhuanaithe ar chóiríocht turasóireacht a na Slóivéine chun breisluach na turasóireacht a a mhéadú	Cuspóir sonrath	Tionscadail athchóirithe fuinnimh curtha i gcrích chun éifeachtúlacht fuinnimh na cóiríochta do thurasóirí a mhéadú		Líon	0	22	R2	2026	Tionscadail athchóirithe atá curtha i gcrích i gcomhréir leis na coinníollacha faoi garsprioc 150. Meastar gur 30 seomra ar a laghad a bheidh i meánmhéid na dtionscadal.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiócht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
152	B: Forbairt inbhuanaithe ar chóiríocht turasóireacht a na Slóivéine chun breisluach na turasóireacht a mhéadú	Cuspóir sonrach	Tionscadail tógála nó tionscadail atógála iomlána curtha i gcrích chun éifeachtúlacht fuinnimh na cóiríochta do thurasóirí a mhéadú		Líon	0	29	R2	2026	Tionscadail tógála nó tionscadail atógála iomlána atá curtha i gcrích i gcomhréir leis na coinníollacha faoi garsprioc 150. Meastar gur 20 seomra ar a laghad a bheidh i meánmhéid na dtionscadal.
153	C: Forbairt inbhuanaithe ar bhonneagar turasóireacht a poiblí agus comhroinnte agus ar nithe is díol spéise nádúrtha i gceann scríbe turasóireacht a	Cuspóir sonrach	Tionscadail atá curtha i gcrích i mbonneagar turasóireacht a poiblí agus comhroinnte		Líon	0	35	R4	2025	Tionscadail atá curtha i gcrích i mbonneagar poiblí agus comhroinnte do thurasóirí. Tabharfar tosaíocht sna tionscadail d'úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus d'fheabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh, agus beidh sé d'aidhm acu an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú.
154	D: Athchóiriú	Garsprioc	Deontais a dhámhachtai	Dámhachtainí a chur in iúl				R4	2022	Roghnú chun athchóiriú a dhéanamh ar na 15

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiócht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	inbhuanaithe agus athbheochan na hoidhreachta cultúrtha agus an bhonneagair chultúrtha phoiblí		n chun láithreáin oidhreachta cultúrtha a athchóiriú							láithreán oidhreachta cultúrtha atá faoi úinéireacht bardas agus an stáit.
155	D: Athchóiriú inbhuanaithe agus athbheochan na hoidhreachta cultúrtha agus an bhonneagair chultúrtha phoiblí	Cuspóir sonrath	Láithreáin oidhreachta cultúrtha athchóirithe		Líon	0	15	R2	2026	Tionscadail atá curtha i gcrích i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 154.

## **L. COMHPHÁIRT 12: INNIÚLACHTAÍ A NEARTÚ, GO HÁIRITHE INNIÚLACHTAÍ DIGITEACHA AGUS INNIÚLACHTAÍ A CHEANGLAÍTEAR LE GAIRMEACHA NUA AGUS LEIS AN AISTRÍÚ GLAS**

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tugtar aghaidh ar leibhéal inniúlachtaí digiteacha na ndaltaí, na múinteoirí agus na ndaoine fásta, ar aistriú glas an chórais oideachais agus an bhonneagair oideachais, agus ar ábharthacht an oideachais do riachtanais mhargadh an tsaothair.

Is iad cuspóirí na comhpháirte inniúlachtaí a neartú, go háirithe le haghaidh an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais agus na litearthachta airgeadais, chun freagairt níos tapúla do riachtanais an gheilleagair agus na sochaí, chun an t-aistriú ón oideachas go dtí an margadh saothair a éascú, chun athléimneacht an chórais oideachais agus na foghlama ar feadh an tsaoil a neartú.

Leis na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin, tabharfar aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha a díriodh ar an tSlóivéin in 2019 chun ‘infhostaitheacht oibrithe ar bheagán oiliúna agus oibrithe scothaosta a mhéadú trí ábharthacht an oideachais agus na hoiliúna don mhargadh saothair, na foghlama ar feadh an tsaoil agus na mbeart gníomhachtaithe a fheabhsú, lena n-áirítear trí litearthacht dhigiteach níos fearr’ (Moladh Sonrach Tíre 1, 2019) agus in 2020 chun ‘scileanna digiteacha a neartú’ (Moladh Sonrach Tír 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **L.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú A: An córas oideachais a athchóiriú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh**

Is é is cuspóir don athchóiriú inniúlachtaí nua a thabhairt do dhaltaí agus do mhúinteoirí, go háirithe i réimsí an digitithe, na forbartha inbhuanaithe agus na litearthachta airgeadais. Neartóidh sé sin athléimneacht an chórais oideachais agus feabhsóidh sé ailíniú na n-inniúlachtaí le héilimh mhargadh an tsaothair.

Is éard atá san athchóiriú nuachóiriú ar chláir oideachais, trí athbhreithniú a dhéanamh ar churaclaim agus ar dhoiciméid chlársceidealaithe i réimse an oideachais agus an chúraim luath-óige, an bhunoideachais agus na meánscoile chomh maith leis an bhfoghlaim aosach sna réimsí ábhair faoi seach. Déanfar na curaclaim athbhreithnithe a thabhairt cothrom le dáta i ndáil le ceann amháin ar a laghad de na trí réimse seo a leanas: inniúlachtaí digiteacha, an ríomhaireacht bhunúsach agus ábhar TF, inniúlachtaí le haghaidh forbairt inbhuanaithe, agus litearthacht airgeadais.

Tabharfar an sprioc a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

#### **Athchóiriú B: Athchóiriú ar an ardoideachas ar mhaithe le haistriú glas athléimneach**

Is é is cuspóir don athchóiriú an t-ardoideachas gairmiúil a nuachóiriú i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus cláir a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair agus na sochaí.

Is éard atá san athchóiriú nuachóiriú ar chláir staidéir ardoideachais ghairmiúla trí athbhreithniú a dhéanamh ar churaclaim agus ar oideachas praiticiúil i dtimpeallacht oibre. Áireofar sna curaclaim athbhreithnithe, inter alia, inniúlachtaí digiteacha agus inniúlacht dhigiteach le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus léireofar iontu digitíú na timpeallachta foghlama.

Glacfar treoirlínte chun ardoideachas gairmiúil a athnuachan, lena n-áirítear treoirphlean le haghaidh infheistíocht san ardoideachas glas, athléimneach, inbhuanaithe agus nasctha go digiteach.

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Athchóiriú C: Gairmoiliúint mheánoideachais a nuachóiriú, lena n-áirítear printíseachtaí

Is é is cuspóir don athchóiriú aistrithe ón ngairmoideachas go dtí an margadh saothair a éascú.

Is éard atá san athchóiriú nuachóiriú a dhéanamh ar an ngairmoiliúint agus ar chláir ardoideachais ghairmoideachais, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar úsáid na coda oscailte (neamh-fhorordaithe) den churaclam, trí shonraí a úsáid maidir le hinfhostaitheacht céimithe, agus trí dhíriú níos mó ar na hinniúlachtaí digiteacha, glasa agus eile is gá do chéimithe amach anseo a bheith ag obair i dtimpeallachtaí atá chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de. Leis an athchóiriú, forbrófar freisin samhlacha comhair nua agus cuirfear chun cinn iad idir earnáil an oideachais agus na hoiliúna agus fostóirí i gcur chun feidhme na gclár oideachais, agus tacófar le háiteanna foghlama atá feistithe go digiteach do mhic léinn i gcláir phiólótacha (ag díriú ar shláinte, ar chúram sóisialta agus ar oideachas luath-óige).

Tabharfar an t-athchóiriú chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht E: Claoclú cuimsitheach an oideachais ghlais agus an oideachais dhigitigh

Is é cuspóir na hinfeistíochta rannchuidiú le cuspóirí athchóiriú A, eadhon inniúlachtaí digiteacha, inniúlachtaí le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus litearthacht airgeadais múinteoirí agus foghlaimeoirí a neartú, córais oideachais a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair, agus an t-aistriú chuig margadh an tsaothair a éascú.

Is éard atá san infheistíocht oiliúint i scileanna digiteacha agus glasa agus litearthacht airgeadais do ghairmithe san oideachas agus san oiliúint. Áirítear ann freisin tionscadail chun inniúlachtaí forbartha digiteacha agus inbhuanaithe agus litearthacht airgeadais foghlaimeoirí a fhorbairt agus a neartú, chomh maith le tionscadail chun teicneolaíochtaí nua cumarsáide faisnéise (TFC) a thástáil san oideachas.

Cuirfear tionscadal i gcrích chun tacú le nuachóiriú cleachtas oideolaíoch agus cuimsiú scileanna nua laistigh de chláir staidéir rialta, agus cuirfear clár oideachais aosaigh i réimse na litearthachta airgeadais chun feidhme.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht F: Treoirhionscadail le haghaidh athchóiriú ardoideachais ar mhaithe le haistriú glas athléimneach

Is é cuspóir na hinfeistíochta ardoideachas a ullmhú le haghaidh éileamh méadaithe ar scileanna a léiríonn riachtanais nua na sochaí trí chuir chuige foghlama níos cuimsithí agus níos solúbtha a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht treoirthionscadail a chur chun feidhme chun scileanna glasa agus digiteacha a chomhtháthú san ardoideachas. Tacóidh an infheistíocht freisin le cláir staidéir ardoideachais ghairmiúla a oiriúnú do ghairmeacha na todhchaí agus do riachtanais mhargadh an tsaothair.

Beidh an gharsprioc agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

### Infheistíocht G: An comhar idir an córas oideachais agus an margadh saothair a neartú

Is é cuspóir na hinfheistíochta na hinniúlachtaí a fhaightear sa ghairmoideachas meánscoile agus san oideachas gairmiúil a ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair. Is éard atá i gceist leis an infheistíocht gairmoideachas agus gairmoiliúint agus printíseachtaí a chur chun cinn chun barr feabhais sa ghairmoideachas agus san oideachas gairmiúil a spreagadh, oiliúint meantóirí i gcuideachtaí chun cáilíocht na hoiliúna praiticiúla a fheabhsú agus rannpháirtíocht na comhpháirtíochta sóisialta a neartú trí imeachtaí éagsúla a reáchtáil.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht H: An bonneagar oideachais sa tSlóivéin a ghlású

Is é cuspóir na hinfheistíochta rannchuidiú le bonneagar oideachais atá níos nua-aimseartha agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a sholáthar.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht seacht n-institiúid oideachais a thógáil nó a athchóiriú, lena saothraítear an cuspóir foirgnimh ardéifeachtúla fuinnimh a thógáil ag a bhfuil éileamh fuinnimh phríomhúil 20 % ar a laghad faoi bhun an cheanglais maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

**L.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
156	A: An córas oideachais a athchóiriú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh	Cuspóir sonrath	Curaclaim nuachóirithe le haghaidh oideachas agus cúram na luath-óige, bunscoileanna agus meánscoileanna		Líon	0	216	R4	2025	<p>Tagraíonn an sprioc do líon na gcuraclaim nuachóirithe. Déanfar gach curaclaim a thabhairt cothrom le dáta i leith ceann amháin ar a laghad de na trí réimse seo a leanas: inniúlachtaí digiteacha, inniúlachtaí le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus litearthacht airgeadais.</p> <p>Is iad na curaclaim a bheidh le nuachóiriú ná curaclaim an oideachais agus an chúram luath-óige agus na mbunscoileanna agus na meánscoileanna.</p> <p>Déanfaidh Comhairle saineolaithe inniúla Phoblacht na Slóivéine comhsheasmhacht na gcuraclaim nuashonraithe a fhíorú agus a fhormheas. Foilsíonn an Aireacht Oideachais na curaclaim nuashonraithe.</p>
157	E: Claochlú cuimsitheach an oideachais ghlais agus an	Cuspóir sonrath	Gairmithe agus bainisteoirí a bhfuil oiliúint in inniúlachtaí		Líon	0	16 000	R2	2024	Leis an oiliúint do ghairmithe agus do bhainisteoirí san oideachas agus san oiliúint, arna déanamh ag soláthraithe i gcomhréir leis na Rialacha maidir le

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	oideachais dhigitigh		digiteacha agus forbartha inbhuanaithe curtha i gcrích acu							cláir bhreisoideachais agus oiliúna a roghnú agus a chómhaoiniú do ghairmithe san oideachas agus san oiliúint, neartófar inniúlachtaí digiteacha, inniúlachtaí digiteacha le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus litearthacht airgeadais. Meastar go mairfidh an oiliúint 4.6 lá oideachais ar an meán.
158a	E: Claochlú cuimsitheach an oideachais ghlais agus an oideachais dhigitigh	Cuspóir sonrath	Tionscadail curtha i gcrích chun inniúlachtaí digiteacha, forbartha inbhuanaithe agus litearthachta airgeadais foghlaimoirí a fhorbairt agus a neartú		Líon	0	14	R2	2026	Leis na tionscadail a cuireadh i gcrích, tugtar aghaidh ar inniúlachtaí digiteacha agus ar an ríomhaireacht bhunúsach agus ar an bhfaisnéisíocht a fhorbairt agus a neartú, ar inniúlachtaí le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus litearthacht airgeadais d'fhoghlaimoirí, agus ar theicneolaíochtaí nua cumarsáide faisnéise (TFC) san oideachas a thástáil.
158b	E: Claochlú cuimsitheach an oideachais ghlais agus an oideachais dhigitigh	Cuspóir sonrath	Togra le haghaidh ábhar nuashonraithe agus measúnaithe le haghaidh cláir staidéir		Líon	0	1	R2	2026	Moltaí sistémacha a chur i gcrích do pháirtithe leasmhara éagsúla chun cláir staidéir oideolaíoch a thabhairt cothrom le dáta arb é is aidhm dóibh inniúlachtaí digiteacha agus forbartha inbhuanaithe a fhorbairt.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gerích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			oideolaíocha atá ann cheana							
158c	E: Claoclú cuimsitheach an oideachais ghlais agus an oideachais dhigitigh	Cuspóir sonrach	Rannpháirtithe i gcláir litearthachta airgeadais do dhaoine fásta.		Líon	0	3 320	R2	2026	Líon na rannpháirtíochtaí aosaigh i gcláir oideachais litearthachta airgeadais.
159	B: Athchóiriú ar an ardoideachas ar mhaithe le haistriú glas athléimneach	Cuspóir sonrach	Curaclaim ardoideachais nuachóirithe		Líon	0	68	R2	2026	Tagraíonn an sprioc do líon na gcuraclam a dhéanfar a nuachóiriú chun go n-áireofar go háirithe inniúlachtaí agus inniúlachtaí digiteacha le haghaidh forbairt inbhuanaithe atá riachtanach don aistriú glas agus don aistriú digiteach, litearthacht dhigiteach, litearthacht faisnéise agus sonraí, cruthú ábhair, úsáid timpeallachta foghlama digití. Déanfaidh Gníomhaireacht Ardoideachais na Slóivéine um Dhearbhu Cáilíochta na curaclaim nuachóirithe a fhorghnó.
160	F: Treoirthionscail le haghaidh athchóiriú	Garsprioc	Roghnú na dtreoirthionscail chun an próiseas ardoideachais a	Torthaí a chur in iúl				R2	2022	Is institiúidí ardoideachais poiblí a bheidh sna tairbhithe. Le treoirthionscail, déanfar réitigh a thástáil chun inniúlachtaí digiteacha agus inniúlachtaí forbartha

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	ardoideachais ar mhaithe le haistriú glas athléimneach		athnuachan curtha i gcrích							inbhuanaithe a chomhtháthú i geuraclaim ardoideachais d'fhonn torthaí mhargadh an tsaothair a fheabhsú.
161	F: Treoirthionscadail le haghaidh athchóiriú ardoideachais ar mhaithe le haistriú glas athléimneach	Cuspóir sonrath	Tionscadail phíolótacha curtha i gcrích chun an próiseas ardoideachais a athnuachan		Líon	0	30	R4	2025	Tionscadail atá curtha i gcrích i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 160.
162	C: Gairmoiliúint agus gairmoideachas meánscoile a nuachóiriú, lena n-áirítear printíseachtaí	Cuspóir sonrath	Cláir ghairmoiliúna nuachóirithe		Líon	0	41	R2	2026	Tagraíonn an sprioc do líon na gclár gairmoideachais a nuachóireofar, lena n-áirítear úsáid níos fearr a bhaint as modúil oscailte curaclaim. Déanfar 16 chlár gairmoideachais agus 25 chlár meánscoile gairmoideachais a nuachóiriú. Formheasfaidh an Aireacht Oideachais na curaclaim nuachóirithe.
163	G: An comhar idir an córas oideachais agus an margadh	Cuspóir sonrath	Meantóirí i gcuideachtaí ar éirigh leo oiliúint a chur i gcrích		Líon	0	3 900	R2	2026	Díreofar san oiliúint ar scileanna chun oiliúint phraiticiúil ar an láthair oibre a phleanáil agus a sholáthar do mhic léinn agus d'oiliúnaithe. Táthar ag súil

Uimhir sheicheimhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	saothair a neartú									go neartóidh an oiliúint an comhar idir scoileanna agus fostóirí.
164	H: An bonneagar oideachais sa tSlóivéin a ghlasú	Garsprioc	Roghnú an tionscadail infheistíochta i nglasú an bhonneagair oideachais curtha i gcrích	Síniú an chonartha				R2	2023	Síneoidh an Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt an conradh chun tionscadal bonneagair a chómhainiú i gcomhréir leis an Straitéis um Bonneagar Oideachais agus Taighde a Ghlasú. Áiríteofar leis an gconradh go mbeidh príomhéileamh fuinnimh gach foirgnimh nua 20 % níos ísle ar a laghad ná an ceanglas maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de.
166	H: An bonneagar oideachais sa tSlóivéin a ghlasú	Cuspóir sonrach	Achar dromchla na saoráidí oideachais nua		Líon (m <sup>2</sup> )	0	26 663	R2	2026	Tógáil agus teacht i bhfeidhm saoráidí oideachais nua curtha i gcrích, i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 164.

### **L.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta**

#### Athchóiriú D: Straitéis chun an t-oideachas agus an bonneagar taighde sa tSlóivéin a ghlású

Is é is cuspóir don athchóiriú bonneagar oideachais agus taighde sa tSlóivéin a uasghrádú le haghaidh riachtanais na bpróiseas nua-aimseartha oideachais agus taighde, lena n-áirítear spásanna solúbtha a dhearadh chun cuir chuige nua-aimseartha a chumasú chun eolas a roinnt, amhail foghlaim rannpháirteach chomhoibríoch agus cur chuige institiúideach comhtháite i gcur chun feidhme an oideachais don fhorbairt inbhuanaithe.

Is éard atá san athchóiriú straitéis a ghlacadh le haghaidh córas infheistíochta atá tíosach ar fhuinneamh agus atá dírithe ar fhorbairt sa bhonneagar oideachais agus taighde faoi 2030. Saineofar sa straitéis go háirithe na tosaíochtaí chun infheistíocht a dhéanamh i nglású saoráidí oideachais agus taighde. Glacfaidh Rialtas na Slóivéine an Straitéis maidir le Bonneagar Oideachais agus Taighde a Ghlasú.

Tabharfar an gharsprioc a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2022.

#### Infheistíocht H: Bonneagar oideachais sa tSlóivéin a ghlású tuilleadh

Is é cuspóir na hinfheistíochta rannchuidiú a thuilleadh le bonneagar oideachais atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a sholáthar.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht dhá institiúid oideachais a thógáil nó a athchóiriú a thuilleadh. Saothrófar leis na tionscadail foirgnimh ardéifeachtúla fuinnimh a thógáil ag a bhfuil éileamh fuinnimh phríomhúil 20 % ar a laghad faoi bhun an cheanglais maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

**L.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
167	D: Straitéis chun an t-oideachas agus an bonneagar taighde sa tSlóivéin a ghlasú	Garsprioc	Glacadh na Straitéise um Bonneagar Oideachais agus Taighde a Ghlasú	Glacadh na Straitéise maidir le Bonneagar Oideachais agus Taighde a Ghlasú ag an Rialtas				R4	2022	Sainithneofar sa straitéis tosaíochtaí inbhuanaithe le haghaidh infheistíochtaí glasa i mbonneagair oideachais agus taighde agus chun foirgnimh oideachais a chothabháil, agus saintréithe sonracha agus riachtanais shonracha á gcur san áireamh, amhail prionsabail maidir le tógáil inbhuanaithe foirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de, dearadh spásúil, aistriú digiteach, agus cuir chuige oideolaíocha nuálacha.
168	H— Bonneagar oideachais sa tSlóivéin a ghlasú tuilleadh	Garsprioc	Roghnú tionscadal infheistíochta i nglasú an bhonneagair oideachais curtha i gcrích	Síniú na gconarthaí				R2	2023	Síneoidh an Aireacht Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt conarthaí chun tionscadail bhonneagair a chómhaoiniú i gcomhréir leis an Straitéis um Bonneagar Oideachais agus Taighde a Ghlasú. Áiritheofar le conarthaí go mbeidh príomhéileamh fuinnimh na dtionscadal bhonneagair 20 % níos ísle ar a laghad ná an ceanglas maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de.
170	H— Bonneagar	Cuspóir sonracha	Achar dromchla na saoráidí oideachais nua	m <sup>2</sup>	Líon	0	29106	R2	2026	Tógáil agus teacht i bhfeidhm saoráidí oideachais nua curtha i gcrích, i

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	oideachais sa tSlóivéin a ghlású tuilleadh									gcomhréir leis na ceanglais faoi gharspríoc 168.

## **M. COMHPHÁIRT 13: INSTITIÚIDÍ POIBLÍ ÉIFEACHTACHA**

Leis an ngné sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tugtar aghaidh ar dhúshlám a bhaineann le héifeachtúlacht rialachas na hearnála poiblí agus, ar bhonn níos leithne, ar an ualach riaracháin.

Is iad cuspóirí na comhpháirte feabhas a chur ar éifeachtúlacht chóras pá na hearnála poiblí, feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó trí shimpliú reachtach agus rialála agus athchóirithe ar an reachtaíocht tógála agus spásúil, agus feabhas a chur ar ghairmiúlacht, digitiú agus iomaíocht sa chóras soláthair phoiblí.

Níl aon chistiú faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine beartaithe le haghaidh na n-athchóirithe faoin gcomhpháirt sin.

Leis na hathchóirithe sin, tabharfar aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha a díródh ar an tSlóivéin in 2019 chun ‘an timpeallacht ghnó a fheabhsú trí shrianta rialála agus an t-ualach riaracháin a laghdú. Feabhas a chur ar an iomaíocht, ar an ngairmiúlú agus ar an maoirseacht neamhspleách sa soláthar poiblí.’ (Moladh Sonrach Tíre 2, 2019) agus 2020 chun ‘an t-ualach riaracháin a laghdú, tionscadail infheistíochta poiblí aibí a thús-ualú agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch’ (Moladh Tírshonrach 3, 2020).

### **M.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú A: Deireadh a chur le bacainní riaracháin**

Is é is cuspóir don athchóiriú an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh a laghdú, costas nósanna imeachta riaracháin a laghdú agus reachtaíocht ghaolmhar sa tSlóivéin a shimpliú.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm an ‘Gníomh um Dhímhaorlathú’, pacáiste d’athruithe reachtacha atá dírithe ar shimpliú rialála. Tiocfaidh pacáiste dímhaorlathaithe breise i bhfeidhm freisin tar éis comhairliúcháin phoiblí, lena n-áirítear le saoránaigh, ionadaithe gnó, ceardchumann, bardais agus eile. Díreofar sa dara pacáiste ar an reachtaíocht réamh-neamhspleáchais a shimpliú.

Tabharfar na garspriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

#### **Athchóiriú B: Earnáil phoiblí nua-aimseartha athléimneach**

Is iad cuspóirí an athchóirithe úsáid luach saothair inathraithe agus luach saothair bunaithe ar fheidhmíocht oibre san earnáil phoiblí a mhéadú chun a éifeachtúlacht a fheabhsú. Leis an athchóiriú, caomhnófar inbhuanaitheacht fhioscach chóras pá na hearnála poiblí.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm dlí nua lena ndéantar córas luacha saothair na hearnála poiblí a nuachóiriú. Is é is aidhm don chóras nua luacha saothair aird a tharraingt ar ról na mbainisteoirí agus feabhas a chur ar bhainistiú acmhainní daonna. Bunófar leis an gcóras nua luach saothair difreáilte a bheidh ag brath ar an deighleog earnála poiblí, a mheastar a chruthóidh níos mó solúbthachta, agus áiríteofar leis go mbeidh an luach saothair nasctha le feidhmíocht na hoibre. Ceadóidh an dlí rialáil dhifreáilte le haghaidh gníomhaíochtaí nó gairmeacha sonracha, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar ghanntanais gairmeacha sonracha san earnáil phoiblí.

Tabharfar na garspriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2024.

### Athchóiriú C: Dálaí sistéamacha a chruthú le haghaidh fás infheistíochta

Is é is cuspóir don athchóiriú infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a mhéadú trí nósanna imeachta i réimse na tógála agus na pleanála spásúlachta a shimpliú agus tríd an gcóras soláthair phoiblí a athchóiriú.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht Foirgníochta agus ar na hAchtanna um Pleanáil Spásúlachta lena bhfeabhsófar ionstraimí pleanála spásúla, lena mbunófar bainistíocht níos éifeachtúla ar phleanáil spásúil náisiúnta agus cathrach, agus lena gcumasófar digitíú na bpríomhshonraí spásúla a úsáidtear chun doiciméid pleanála spásúlachta a ullmhú. Cuirfidh na leasuithe dlús le heisiúint ceadanna, agus leasanna an phobail á gcosaint ag an am céanna agus deimhneacht dhlíthiúil á soláthar do na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu leis an bhfoirgníocht.

Is éard a bheidh san athchóiriú freisin bearta chun feabhas a chur ar an gcóras soláthair phoiblí sa tSlóivéin. Leasófar an tAcht um Sholáthar Poiblí d'fhonn digitíú agus iomaíocht i nósanna imeachta soláthair phoiblí a mhéadú. Leis an athchóiriú, bunófar Acadamh Soláthair Phoiblí freisin chun an leibhéal gairmiúlachta a mhéadú trí oideachas agus oiliúint leanúnach ardháilíochta dóibh siúd a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an tsoláthair phoiblí. Áiríteoidh sé freisin inchomparáideacht agus scaipeadh sonraí soláthair phoiblí trí Scórchlár an Mhargaidh Aonair. Táthar ag súil go dtacóidh cúnaimh teicniúil le cur chun feidhme an athchóirithe agus go n-aithneoidh sé bealaí chun feabhas a chur ar iomaíocht agus measúnú a dhéanamh ar an athchóiriú tar éis dó a bheith curtha chun feidhme ina iomláine. Le baint amach ionchasach na sprice, léireofar dul chun cinn maidir le trédhearcacht agus iomaíochas an chórais soláthair phoiblí sa tSlóivéin a mhéadú.

Tabharfar na garspriocanna agus an sprioc a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

### Athchóiriú D: Cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta — córais rialaithe agus iniúcháireachta

Is é cuspóir an athchóirithe an creat dlíthiúil agus institiúideach a chur i bhfeidhm agus a chur ar bhonn foirmiúil chun go bhfeidhmeoidh na córais rialaithe agus iniúcháireachta go leordhóthanach.

Is éard a bheidh san athchóiriú bunú na hOifige um Chur Chun Feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta, mar chomhlacht ar leithligh laistigh den Aireacht Airgeadais, chun gníomhú mar an tÚdarás Comhordúcháin chun an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme. Is éard a bheidh san athchóiriú freisin Foraithe Náisiúnta agus Treoirínte an Chomhlachta Comhordúcháin a ghlacadh ina ndéantar cur síos ar na nósanna imeachta chun iniúchtaí agus rialuithe a dhéanamh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, agus an t-uasghrádú ar chóras TF na hAireachta Airgeadais — MFERAC.

Tabharfar an gharsprioc a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021.

**M.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
171	A: Deireadh a chur le bacainní riaracháin	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta um Dhímhaorlathú	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Achta um Dhímhaorlathú				R2	2021	<p>Leis an nGníomh, laghdófar bacainní riaracháin ar an earnáil ghnó agus ar shaoránaigh, simpleofar an reachtaíocht, déanfar na nósanna imeachta atá ann cheana a chuíchóiriú agus baintear nósanna imeachta troma trí leasuithe agus trí bhreistithe ar dhlíthe lena gcumhdaítear roinnt ranna aireachta.</p> <p>Táthar ag súil go gcuirfidh an dlí feabhas ar éifeachtúlacht an riaracháin stáit agus an riaracháin áitiúil.</p>

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
172	A: Deireadh a chur le bacainní riaracháin	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm an Dara Gníomh um Dhí-mhaorlathú	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Dara Gníomh um Dhí-mhaorlathú				R2	2022	Leis an bpacáiste reachtach, laghdófar tuilleadh bacainní riaracháin don earnáil ghnó agus do shaoránaigh tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí fadréimseacha. Táthar ag súil go gcuirfidh an dlí feabhas ar éifeachtúlacht an riaracháin stáit agus an riaracháin áitiúil.
173	B: Earnáil phoiblí nua-aimseartha athléimneach	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm dlí lena rialaítear an córas pá san earnáil phoiblí	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm dlí lena rialaítear an córas pá san earnáil phoiblí				R2	2024	Áireofar sa chóras nua pá san earnáil phoiblí socruithe maidir le luach saothair inathraithe agus maidir le luach saothair a nascadh le torthaí oibre. Beidh córas nua pá na hearnála poiblí inbhuanaithe go fíoscach.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
174	C: Dálaí sistéamacha a chruthú le haghaidh fás infheistíochta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Acht um Sholáthar Poiblí	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an leasaithe ar an Acht um Sholáthar Poiblí				R4	2021	<p>Áireofar leis an Acht um Sholáthar Poiblí, inter alia, simpliú nósanna imeachta chun gur féidir tairiscintí a fhorlíonadh agus a shoiléiriú agus tairgeoirí á roghnú, agus deireadh a chur le tairiscintí atá thar a bheith íseal.</p> <p>Beidh sé d'aidhm aige claochlú digiteach an tsoláthair phoiblí a bhaint amach agus iomaíocht i nósanna imeachta soláthair phoiblí a mhéadú agus líon na dtairiscintí aonair a laghdú.</p>
175	C: Dálaí sistéamacha a chruthú le haghaidh fás infheistíochta	Cuspóir sonrath	Cion na nósanna imeachta idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré i ngach nós		% (céatadán)	26	14	R4	2024	Chun iomaíochas agus trédhearcacht an tsoláthair phoiblí a mhéadú, laghdófar cion na nósanna

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			imeachta a fhoilsítear go trédhearcach							imeachta idirbheartaithe neamh-thrédhearcacha go 14 % mar a thomhaistear le táscaire Scórchlár an Mhargaidh Aonair le haghaidh ‘gan glaonna ar thairiscintí’. Táthar ag súil go mbainfear é sin amach trí leasú a dhéanamh ar an nGníomh um Sholáthar Poiblí, trí ghairmiúlú méadaithe agus trí chlaochlú digiteach, rud a chuirfidh ar chumas na n-údarás conarthach conarthaí a dhámhachtain ar bhealach níos éifeachtúla. Cuirfear úsáid an nós imeachta idirbheartaithe gan foilsíú roimh ré leis an Acht um Sholáthar

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Poiblí mar chion mura gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an nós imeachta sin a úsáid.
176	C: Dálaí sistéamacha a chruthú le haghaidh fás infheistíochta	Garsprioc	Cúnamh teicniúil curtha i gcrích chun tacú le cur chun feidhme athchóirithe soláthair poiblí	Tuarascáil aschuir agus measúnú agus moltaí curtha isteach.				R2	2022	Tuarascáil cúnamh teicniúil a sholáthar chun tacú le cur chun feidhme athchóirithe soláthair poiblí, agus béim á leagan ar iomaíochas a mhéadú i margadh an tsoláthair poiblí i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais.
177	C: Dálaí sistéamacha a chruthú le haghaidh fás infheistíochta	Garsprioc	Anailís neamhspleách curtha i gcrích ar thionchar na n-athchóirithe soláthair poiblí agus bearta agus spriocanna a cheapadh chun	Tuarascáil aschuir agus measúnú agus moltaí curtha isteach.				R4	2024	Tuarascáil a sholáthar ina mbeidh anailís neamhspleách ar thionchar na n-athchóirithe soláthair poiblí agus bearta agus spriocanna a fhoirmlíú chun feabhas a chur ar an gcóras soláthair poiblí, agus

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			an córas a fheabhsú							béim ar leith á leagan ar iomaíocht a mhéadú sa mhargadh soláthair phoiblí, ar dhigitiú agus ar thrédharcacht, i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais.
178	C: Dálaí sistéamacha a chruthú le haghaidh fás infheistíochta	Garsprioc	Bunachair sonraí soláthair phoiblí na Slóivéine a ailíniú le bunachair sonraí an Choimisiúin Eorpaigh agus tarchur na sonraí is gá chun táscairí soláthair phoiblí a fhoilsiú go hiomlán i Scórchlár an Mhargaidh Aonair	Foilsítear táscairí uile Scórchlár an Mhargaidh Aonair a bhaineann le soláthar poiblí i mbunachair sonraí an Scórchlár.				R4	2021	Déanfar bunachair sonraí soláthair phoiblí a ailíniú trí shoiléirithe leordhóthanacha a sholáthar maidir le tarchur sonraí agus léirmhíniú sonraí ar shonraí Tenders Electronic Daily — an Coimisiún Eorpach. Soláthrófar na sonraí uile trí Tenders Electronic Daily chun na táscairí uile a fhoilsiú i Scórchlár an Mhargaidh Aonair (Táscairí Soláthair Phoiblí).

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
179	C: Dálaí sistéamacha a chruthú le haghaidh fás infheistíochta	Garsprioc	Tá an tAcadamh Soláthair Phoiblí oibríochtúil	Tá an tAcadamh Soláthair Phoiblí oibríochtúil				R2	2023	Beidh sé d'aidhm ag an Acadamh Soláthair Phoiblí leibhéal na gairmiúlachta i measc geallsealbhóirí a mhéadú trí shraith clár agus oiliúna d'oifigigh phoiblí i réimse an tsoláthair phoiblí.
180	C: Dálaí sistéamacha a chruthú le haghaidh fás infheistíochta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht Foirgníochta agus ar an Acht um Pleanáil Spásúlachta	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht Foirgníochta agus ar an Acht um Pleanáil Spásúlachta				R2	2022	Beidh sé d'aidhm ag athmhúnlú an Achta um Pleanáil Spásúlachta feabhas a chur ar ionstraimí pleanála spásúla, bainistíocht níos éifeachtúla ar phleanáil spásúil náisiúnta agus bhargasach a bhunú, agus digitíú na bpríomhshonraí spásúla uile a chumasú. Áireofar san Acht Foirgníochta faoiseamh riaracháin agus digitíú d'fhonn

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										dlús a chur le nósanna imeachta ábhartha.
181	D: Cur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta — córais rialaithe agus iniúcháireachta	Garsprioc	Foraithne Náisiúnta ina dtugtar tuairisc ar an nós imeachta chun iniúchtaí agus rialuithe a dhéanamh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme agus le Treoirlínte an Chomhlachta Comhordúcháin arna nglacadh ag an Rialtas; bunú na hOifige um chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta	Foraithne maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta; Treoirlínte an Chomhlachta Comhordúcháin; Leasú ar an bhForaithne maidir le comhlachtaí atá cleamhnaithe le haireachtaí; tuarascáil iniúcháireachta lena ndeimhnítear feidhmiúlachtaí an chórais stóir				R3	2021	Leagfar amach san Fhoraithne maidir le conas cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine a chur ar bun, inter alia, na nósanna imeachta chun iniúchtaí agus rialuithe a dhéanamh chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta is infheidhme a áirithiú, nósanna imeachta maidir le fíorú garspriocanna agus spriocanna agus na sprioc-amanna tuairiscithe gaolmhara, nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme aisíocaíochtaí

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiócht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			agus córas stórais uasghrádaithe le haghaidh iniúchóireachta agus rialuithe: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF.							cistí a caitheadh go míchuí, conas doiciméadacht a stóráil agus rian iniúchóireachta a áirithiú, inrochtaineacht sonraí d'institiúidí Eorpacha náisiúnta agus ábhartha (an Coimisiún Eorpach, OLAF, CIE agus OIPE), nósanna imeachta chun tionscadail a chur chun feidhme go héifeachtach, nósanna imeachta chun cúraimí a chur chun feidhme i réimse phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, nósanna imeachta a bhaineann le coinbhleachtaí leasa a sheachaint, calaois a chosc, éilliú agus cistiú

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúcht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>dúbailte ón tSaoráid agus ó chlár eile de chuid an Aontais.</p> <p>Áireofar i dtreoirlínte an Chomhlachta Comhordúcháin, inter alia, sainmhíniú mionsonraithe ar na nósanna imeachta chun rialuithe agus iniúchtaí a dhéanamh i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus le reachtaíocht an Aontais is infheidhme, nósanna imeachta chun garspriocanna agus spriocanna a fhíorú agus sprioc-amanna tuairiscithe gaolmhara, nósanna imeachta chun cistí a caitheadh go míchuí a aisghabháil, nósanna imeachta a bhaineann le calaois amhrasta, coinbhleacht leasa agus cistiú</p>

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>dúbailte a bhrath, nósanna imeachta a bhaineann leis an gcóras tuairiscithe le haghaidh neamhrialtachtaí agus calaois amhrasta agus calaois amhrasta agus bearta breise bainistíochta riosca calaoise, sainiú na nósanna imeachta chun ciste na coda de na haireachtaí a dhéanann na cúraimí éagsúla a áirithiú, agus tuairisc mhionsonraithe ar fhreagrachtaí gach aonaid, maille le teorannú soiléir calaoise.</p> <p>I gcomhréir leis an gcinneadh ó Rialtas Phoblacht na Slóivéine an 28 Aibreán 2021, beidh an Comhlacht Comhordúcháin</p>

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiócht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										freagrach as an gcóras cur chun feidhme a bhunú agus as plean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine féin a chur chun feidhme. Áirítear ar a chúraimí, inter alia, comhordú agus faireachán a dhéanamh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine ar an leibhéal náisiúnta, comhordú le geallsealbhóirí agus leis an gCoimisiún Eorpach i gcur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, treoir ó na húdaráis a bhfuil baint acu le plean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine a chur chun feidhme, faireachán, fíorú agus bailíochtú a

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiócht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										dhéanamh ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna, gníomhartha dlí agus doiciméid straitéiseacha a bhaineann le cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine a ullmhú agus a chomhordú, comhordú agus comhlántacht idir Rialachán (AE) 2021/241 agus cistí eile de chuid an Aontais, cur chun feidhme rialuithe agus beart rialaithe ar leibhéal na n-aireachtaí nó na dtairbhíthe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tuairisciú don Choimisiún

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiócht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>Eorpach, do Rialtas Phoblacht na Slóivéine maidir le hullmhú na Foraithe, comhordú agus comhlántacht idir Rialachán (AE) 2021/241 agus cistí ábhartha eile de chuid an Aontais, cur chun feidhme rialuithe agus beart rialaithe ar leibhéal na n-aireachtaí nó na dtairbhíthe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tuairisciú don Choimisiún Eorpach, do Rialtas na Slóivéine agus d'institiúidí ábhartha eile.</p> <p>Beidh córas stórais i bhfeidhm agus oibríochtúil chun faireachán a dhéanamh</p>

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiúcht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>ar chur chun feidhme RRF — MFERAC (An Aireacht Airgeadais — Córas Cuntasaíochta Aonfhoirmeach).</p> <p>Áireofar sa chóras, mar iniméad, na feidhmiúlachtaí seo a leanas:</p> <p>(a) sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna;</p> <p>(b) rochtain ar na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2)(d)(i) go (iii) de Rialachán RRF a bhailiú, a stóráil agus a áirithiú.</p>

## N. COMHPHÁIRT 14: SLÁINTE

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tugtar aghaidh ar roinnt dúshlán a bhaineann leis an gcóras cúraim sláinte, ó laigí sa chóras sláinte príomhúil, go háirithe ganntanais pearsanra sláinte, úsáid theoranta uirlisí digiteacha i gcúram sláinte, agus cumhdach críochach míchothrom ar chúnamh leighis éigeandála agus an gá atá le cóireáil níos fearr a chur ar ghalair theagmhálacha agus a inbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach fhoriomlán á háiritiú ag an am céanna.

Is é cuspóir foriomlán na comhpháirte rochtain, cáilíocht agus inbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach an chórais cúraim sláinte a fheabhsú. Áirítear leis sin maoiniú inbhuanaithe a áiritiú le haghaidh rochtain uilíoch ar sheirbhísí cúraim sláinte ar ardchaighdeán, lena n-áirítear seirbhísí coisctheacha; dul i ngleic le bagairtí sláinte atá ag teacht chun cinn amhail galair agus riochtaí ainsealacha agus galair theagmhálacha nua; claochlú digiteach na seirbhísí sláinte a chur chun cinn; éifeachtúlacht bhainistiú agus fheidhmiú an chórais sláinte a mhéadú i gcásanna géarchéime.

Leis na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin, tabharfar aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha a díriodh ar an tSlóivéin in 2019 chun ‘Aghlacadh agus cur chun feidhme athchóirithe i gcúram sláinte agus i gcúram fadtéarmach lena n-áirithítear cáilíocht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach.’ (Moladh Tírshonrach 1, 2019) agus 2020 chun ‘athléimneacht an chórais sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh a áiritiú, lena n-áirítear trí sholáthar leordhóthanach táirgí leighis criticiúla a sholáthar agus trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanas oibríthe sláinte’ (Moladh Sonrach Tíre 1, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **N.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú A: Athchóiriú ar an gcóras cúraim sláinte**

Is é cuspóir an athchóirithe córas cúraim sláinte ardcháilíochta, inrochtana, éifeachtúil agus cobhsaí ó thaobh airgeadais de.

Is éard atá san athchóiriú athbhreithniú ar an gcreat reachtach in earnáil na sláinte agus teacht i bhfeidhm athmhúnlú ar an Acht um Chúram Sláinte agus Árachas Sláinte agus teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Sheirbhísí Sláinte. Tabharfar isteach leis bearta sistéamacha spriocdhírthe maidir leis an gcóras cúraim sláinte, líonra soláthraithe, samhlacha cuntasáíochta agus samhlacha foirne a mhaoiniú. Áiritheoidh sé inbhuanaitheacht airgeadais na hearnála sláinte, coinneoidh sé ciseán leathan ceart faoin scéim árachais sláinte éigeantaigh, agus feabhsóidh sé bainistiú agus feidhmíocht an chórais cúraim sláinte. Áirítear leis an athchóiriú freisin comhlacht neamhspleách a bhunú a dhéanfaidh faireachán ar cháilíocht agus ar shábháilteacht sa chóras cúraim sláinte.

Tabharfar na garspriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

#### **Infheistíocht B: Inniúlacht an phearsanra sláinte a neartú chun cáilíocht an chúraim a áiritiú**

Is iad cuspóirí na hinfheistíochta scileanna altraí a leathnú ionas go mbeidh siad in ann cúraimí a dhéanamh go neamhspleách agus inniúlachtaí gairmiúla dochtúirí ar leibhéal an chúraim príomhúil a leathnú. Meastar go laghdóidh sé sin ualach oibre dochtúirí teaghlaigh, go bhfeabhsófar rochtain ar chúram príomhúil, agus go n-áiritheofar dálaí cóireála níos fearr.

Tacóidh an infheistíocht le hoiliúint altraí breise atá speisialaithe i gcúram d’othair a bhfuil galair ainsealacha orthu. Is éard a bheidh ann freisin curaclaim a oiriúnú le haghaidh gairmeacha sláinte; oiliúint a thabhairt isteach chun sainscileanna a fháil d’altraí cáilithe; cur chuige cuimsitheach maidir le cóir leighis a chur ar othair gheiriatraiceacha; líonra foirne soghluaiste maolaitheacha réigiúnacha feistithe a bhunú; an córas meabhairshláinte a neartú; agus cóireáil péine mhatánchnámharlaigh.

Críochnófar an sprioc a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht C: Claochlú digiteach an chúraim sláinte

Is iad cuspóirí na hinfeistíochta rochtain thapa ar shonraí comhchuibhithe ardcháilíochta i gcúram sláinte a áirithiú, go príomha trí sheirbhísí digiteacha nua a chomhtháthú i gcúram sláinte; úsáid na teicneolaíochta faisnéise a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh le hothair agus le geallsealbhóirí eile an chórais sláinte; faireachán cáilíochta a thabhairt isteach bunaithe ar shonraí fíor-ama, chun feabhas a chur ar phleanáil agus pleanáil saoráidí ospidéal, seirbhísí leighis agus ábhair maidir le hacmhainneacht agus bainistiú othar.

Is éard atá san infheistíocht, i measc nithe eile, leathnú ar an gClár Sonraí Othar; stóráil lárnach íomhánna a thabhairt isteach a mbeidh rochtain ag na geallsealbhóirí ábhartha uile orthu; an t-ardán náisiúnta cóireála teilileighis a chur chun feidhme; inniúlachtaí digiteacha na ngníomhaithe sa chúram sláinte a neartú; agus uasghrádú ar an gcóras eMedical Appointment.

Beidh an gharsprioc agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

#### Infheistíocht D: Inrochtaineacht an chórais sláinte

Is iad cuspóirí na hinfeistíochta rochtain ar chúnamh leighis éigeandála agus cáilíocht an chúnaimh sin a fheabhsú ar fud na réigiún uile agus an t-am a thógann sé ar an bhfoireann idirghabhála teacht isteach a ghiorrú.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht an córas náisiúnta cúraim éigeandála a threisiú.

Críochnófar an sprioc a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 30 Meitheamh 2025.

#### Infheistíocht E: Cóireáil éifeachtach ar ghalair theagmhálacha agus ainsealacha

Is é cuspóir na hinfeistíochta na hacmhainneachtaí a mhéadú agus a uasghrádú chun galair theagmhálacha agus ainsealacha a chóireáil sa tSlóivéin.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht oibreacha tógála an chlinic thógálaigh ag UKC Liúibleána a chur i gcrích suas go dtí an tríú céim tógála, lena n-áirítear oibreacha tionlacain ón gceathrú céim agus ón gcúigiú céim tógála, agus luasairí líneacha a cheannach agus a sheachadadh do UKC Maribor.

Beidh na garspriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

**N.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
182	A: Athchóiriú ar an gCóras Cúraim Sláinte	Garsprioc	Comhlacht neamhspleách a bhunú chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar cháilíocht sa chóras cúraim sláinte	Tá comhlacht neamhspleách chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar cháilíocht sa chóras cúraim sláinte oibríochtúil				R4	2023	Déanfaidh an comhlacht na cúraimí uile a bhaineann le bainistiú an chórais cáilíochta, sábháilteacht, forbairt caighdeán agus faireachán ar tháscairí cáilíochta, agus bainistiú mórshonraí sa chóras cúraim sláinte chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht. Déanfaidh an comhlacht an straitéis bainistithe cáilíochta sláinte a athnuachan freisin.
183	A: Athchóiriú ar an gCóras Cúraim Sláinte	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Chúram Sláinte agus Árachas Sláinte agus	Forálacha sa dlí a léiríonn teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Chúram Sláinte agus				R4	2024	Áiritheofar leis na leasuithe ar na dlíthe cáilíochta, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht airgeadais an chúraim sláinte. Áiritheoidh siad cistiú

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			teacht i bhfeidhm leasuithe ar an Acht um Sheirbhísí Sláinte	Árachas Sláinte						<p>leordhóthanach; foinsí cistiúcháin a éagsúlú; ualaí agus dliteanas a choigeartú agus ranníocaíochtaí éigeantacha árachais sláinte á n-íoc; agus sraith leathan de chearta árachais sláinte reachtúla a choinneáil ar bun.</p> <p>Áireofar orthu, inter alia, sainmhíniú ar chearta faoi árachas sláinte éigeantach, athbhreithniú ar na nósanna imeachta pleanála, faireacháin agus meastóireachta maidir le cearta reachtúla árachais sláinte, claochlú árachais sláinte chomhlántaigh, sainmhíniú ar ról na bpáirtithe leasmhara sa chóras cúraim sláinte agus i mbainistiú</p>

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiócht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										Institiúid Árachais Sláinte na Slóivéine, agus athbhreithniú ar tháscairí cáilíochta sláinte. Áireofar orthu freisin samhlacha billeála athbhreithnithe bunaithe ar cháilíocht na seirbhíse a sholáthraítear.
184	B: Inniúlacht an phearsanra sláinte a neartú chun cáilíocht an chúraim a áirithiú	Cuspóir sonrach	Altraí breise atá oilte chun cóir leighis a chur ar othair a bhfuil galair ainsealacha orthu		Líon	0	175	R4	2025	Cuirfear oiliúint ar líon breise na n-altraí príomhúla chun oibriú go neamhspleách le hothair a bhfuil galair ainsealacha orthu.
185	C: Claochlú digiteach an chúraim sláinte	Garsprioc	Dámhachtain conartha le haghaidh córas náisiúnta teilileighis	Dámhachtain a chur in iúl				R2	2024	Leis an gcóras náisiúnta teilileighis roghnaithe, cumasófar cumarsáid othar le gairmithe cúraim sláinte agus comhar idir gairmithe sláinte. Soláthróidh sé an bonneagar digiteach is

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiócht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										gá chun teileashláinte, cárta sláinte aonair, agus samhail sonraí riaracháin aonair a chur chun feidhme. Áiritheofar leis freisin ceanglais iomchuí maidir le príobháideacht, cosaint sonraí, slándáil TF, stóráil, agus comhoiriúnacht agus sonrú na foirme cumarsáide.
186	C: Claoclú digiteach an chúraim sláinte	Cuspóir sonrach	Institiúidí sláinte a úsáideann stóráil lárnach íomhánna		% (céatadán)	0	10	R4	2024	Beidh nasc ag 10 % ar a laghad d'institiúidí sláinte poiblí leis an lárchóras chun íomhánna (PACS) a rochtain agus a stóráil agus cuirfear ar a gcumas íomhánna a stóráil agus a aisghabháil uaidh.
187	C: Claoclú digiteach an chúraim sláinte	Cuspóir sonrach	Gairmithe sláinte a úsáideann an córas		Líon	0	1 500	R4	2025	Áirítear ar úsáidí na réiteach náisiúnta teililighis cianchumarsáid an othair leis an dochtúir,

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiócht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			náisiúnta teilileighis							cianchomhairliúcháin leis an dochtúir, cianchomhairliúchán le dochtúirí eile, nó cianfhaireachán ar chomharthaí beatha. Léirítear leis an sprioc líon na ngairmithe cúraim sláinte aonair a úsáideann an córas.
189	D: Inrochtaineacht an chórais sláinte	Cuspóir sonrach	Meán-am laghdaithe chun cúnamh leighis éigeandála a fháil		Líon (nóiméad)	16	15	R2	2025	De réir na seirbhíse seolta sláinte, is é 16 nóiméad nó níos mó an meán-am teachta otharcharranna sa tSlóivéin faoi láthair. Laghdófar meán-am teachta na n-aonad leighis éigeandála faoi bhun 15 nóiméad i dtimpeallachtaí uirbeacha agus tuaithe. Díreoidh an sprioc go háirithe ar an meán-am teachta a laghdú sna limistéir sin a bhfuil an fanacht is faide rompu faoi láthair.

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiócht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
190	E: Cóireáil éifeachtach ar ghalair theagmhálacha agus ainsealacha	Garsprioc	Dámhachtain conartha chun Clinic Thógálacha Liúibleána a thógáil	Dámhachtain a chur in iúl				R4	2023	Dámhachtain conartha chun Clinic Thógálacha Liúibleána a thógáil chun galar tógálach a chóireáil.  Comhlíonfaidh an clinic na ceanglais maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de.
191	E: Cóireáil éifeachtach ar ghalair theagmhálacha agus ainsealacha	Cuspóir sonrach	Luasairí líneacha a cheannach agus a sheachadadh do UKC Maribor	Luasairí líneála a cheannach agus a sheachadadh chun cóireáil a chur ar othair a bhfuil galar ainsealach orthu	Líon	0	4	R2	2026	Ceathrar luasairí líneacha a cheannach agus a sheachadadh do UKC Maribor chun cóireáil a chur ar othair a bhfuil galar ainsealach orthu.
192	E: Cóireáil éifeachtach ar ghalair theagmhálacha agus ainsealacha	Garsprioc	Oibreacha foirgníochta Chlinic Thógálacha Liúibleána a thabhairt chun críche	Oibreacha foirgníochta a thabhairt chun críche go dtí an tríú céim tógála, lena n-áirítear				R2	2026	Oibreacha ceardaíochta agus suiteála atá nasctha go díreach leis an tríú céim tógála a chur i gcrích. Áireofar sa tríú céim tógála struchtúr

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
			suas go dtí an tríú céim tógála, lena n-áirítear oibreacha tionlacain ón gceathrú agus ón gcúigiú céim tógála	oibreacha tionlacain ón gceathrú céim agus ón gcúigiú céim tógála						coincréite treisithe (AB) tacaíochta an fhoirgnimh ar fad. Cuirfear oibreacha tionlacain áirithe ón gceathrú agus ón gcúigiú céim tógála i gcrích freisin, mar shampla, oibreacha gaibhne glas ar struchtúr an dín, agus na suiteálacha meicniúla ón tríú bonnán go hurlár na talún.

## O. COMHPHÁIRT 15: CÚRAM FADTÉARMACH

Leis an ngné sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin a bhaineann le treochtaí déimeagrafacha agus ar an ngá méadaitheach atá le rochtain níos fearr ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ardcháilíochta.

Is iad cuspóirí na comhpháirte colún nua slándála sóisialta a thabhairt isteach trí chreat dlíthiúil comhtháite a bhunú le haghaidh cúram fadtéarmach ardcháilíochta, cothrom ó thaobh na sochaí de agus inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de; inrochtaineacht agus infhaighteacht seirbhísí a mhéadú do thairbhíthe de gach aois; forbairt seirbhísí pobalbhunaithe agus comhtháthú le seirbhísí cúraim sláinte a neartú; acmhainneacht foirne a mhéadú agus tacú le digitíú an chórais.

Díreoidh na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin ar na Moltaí Tírshonracha atá dírithe ar an tSlóivéin in 2019 chun ‘Aghlacadh agus cur chun feidhme athchóirithe i gcúram sláinte agus i gcúram fadtéarmach lena n-áiríthítear cáilíocht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach.’ (Moladh Sonrach Tíre 1, 2019) agus 2020 chun ‘athléimneacht an chórais sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh a áirithiú, lena n-áirítear trí sholáthar leordhóthanach táirgí leighis criticiúla a sholáthar agus trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanas oibríthe sláinte’ (Moladh Sonrach Tíre 1, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **O.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

Athchóiriú A: Lena mbunaítear córas aonair le haghaidh cúram fadtéarmach nó cúram leanúnach

Is iad cuspóirí an athchóirithe colún nua slándála sóisialta a chur chun feidhme a bheidh dírithe ar riachtanais shonracha na ndaoine sin a dteastaíonn cúram fadtéarmach uathu agus rochtain chomhionann a áirithiú gan beann ar stádas socheacnamaíoch. Áiritheofar le dlí speisialta foinsí maoinithe níos éagsúlaithe, go háirithe trí árachas éigeantach cúraim fhadtéarmaigh a thabhairt isteach.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm dlí nua lena mbunaítear córas comhtháite cúraim fhadtéarmaigh agus árachas éigeantach cúraim fhadtéarmaigh sa tSlóivéin, lena n-áirítear leasuithe ar fhodhlíthe i réimse na slándála sóisialta; agus samhail náisiúnta a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na cóireála ag soláthraithe cúraim fhadtéarmaigh.

Tabharfar na garspriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

**O.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cus póir	Ráithe	Bhliain	
196	A: Córas aonair a bhunú le haghaidh cúram fadtéarmach	Garsprioc	Samhail faireacháin náisiúnta le haghaidh táscairí cáilíochta do sholáthraithe cúraim fhadtéarmaigh	Glacann an Aireacht Sláinte samhail faireacháin náisiúnta				R4	2021	Samhail faireacháin náisiúnta a ghlacadh le haghaidh táscairí cáilíochta do sholáthraithe cúraim fhadtéarmaigh in institiúidí. Déanfaidh sé faireachán ar cháilíocht na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar an leibhéal náisiúnta. Déanfar faireachán ar na táscairí seo a leanas ar a laghad: líon na ngortuithe, líon na ngortuithe titime, líon na ndialltaí agus cógais á dtabhairt, líon na n-úsáideoirí a bhfuil ionfhabhtú le miocroorgánaigh fhrithsheasmhacha iomadúla acu.
197	A: Córas aonair a bhunú le haghaidh cúram fadtéarmach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta um Chúram Fadtéarmach, lena n-áirítear na forálacha maidir le hárachas éigeantach cúraim fhadtéarmaigh	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Achta um Chúram Fadtéarmach				R4	2023	Leis an Acht um Chúram Fadtéarmach, bunófar cúram fadtéarmach mar cholún nua slándála sóisialta trí sheirbhísí sóisialta agus sláinte a chomhtháthú. Leagfar síos leis an nGníomh coinníollacha maidir le seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh atá ar ardchaighdeán agus sábháilte a sholáthar, lena n-áirítear caighdeáin agus noirm d'fhostaithe i réimse an chúraim fhadtéarmaigh. Áiríteoidh sé go mbeidh rochtain ag tairbhíthe a bhfuil riachtanais inchoimparáide acu ar chearta comhionann, gan beann ar a saintréithe sóisialta — eacnamaíocha nó pearsanta eile, agus ar an áit

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gerích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cus póir	Ráithe	Bhliain	
										<p>inar mian leo tairbhe a bhaint as an gceart chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh.</p> <p>Áiríteofar leis an nGníomh maoiniú an chórais cúraim fhadtéarmaigh trí fhoinsí éagsúlaithe, lena n-áirítear buiséad an stáit.</p> <p>Áiríteofar leis an nGníomh aistriú ó chistiú buiséadach den chuid is mó go maoiniú trí árachas éigeantach cúraim fhadtéarmaigh den chuid is mó. Áiritheoidh sé go maoiníofar 30 % ar a laghad de chostais na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh leis an árachas sin amhail ón 1 Eanáir 2026. Soláthrófar sásraí leis an nGníomh chun inbhuanaitheacht airgeadais an chórais cúraim fhadtéarmaigh a áirithiú. Is féidir ranníocaíochtaí ó úsáideoirí le maoiniú an chórais cúraim fhadtéarmaigh a thabhairt isteach.</p>
198	A: Córas aonair a bhunú le haghaidh cúram fadtéarmach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm gníomhartha agus treoirlínte cur chun feidhme faoin nGníomh um Chúram Fadtéarmach	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm gníomhartha agus treoirlínte cur chun feidhme faoin nGníomh um Chúram Fadtéarmach				R4	2023	Leagfar amach sna gníomhartha cur chun feidhme na rialacha lena rialaítear cur chun feidhme an dlí, go háirithe na coinníollacha teicniúla íosta agus na caighdeáin chónaithe in institiúidí, coinníollacha foirne, coinníollacha agus caighdeáin a bhaineann le hoideachas a chur ar an bhfoireann chomh maith le faireachán ar an éileamh ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus ar acmhainneacht na

Uimhir sheicheim hach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cus póir	Ráithe	Bhliain	
										soláthraithe cúraim fhadtéarmaigh de réir an mhodha ina soláthraítear cúram fadtéarmach. Leagfar amach táscairí chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhísí i réimse an chúraim fhadtéarmaigh sna treoirlínte arna nglacadh ag an aire, mar a fhoráiltear leis an Acht um Chúram Fadtéarmach.
200	A: Córas aonair a bhunú le haghaidh cúram fadtéarmach	Garsprioc	Tá gach ceart agus seirbhís faoin gcóras comhtháite cúraim fhadtéarmaigh infheidhme go hiomlán	Céimniú isteach na gceart agus na seirbhísí uile faoin Acht um Chúram Fadtéarmach a thabhairt chun críche				R4	2025	Beidh gach duine a bhfuil riachtanais cúraim fhadtéarmaigh acu incháilithe chun tairbhe a bhaint as na cearta agus na seirbhísí uile faoin Acht um Chúram Fadtéarmach, agus go háirithe rochtain ar chóireáil chuimsitheach sa bhaile, an ceart chun cúramóra do dhuine den teaghlach, agus an ceart chun sochar airgid thirim. Meastar go mbeidh 69000 duine ar a laghad incháilithe.

### **O.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh na hiasachta**

#### **Infheistíocht C: Timpeallacht shábháilte mhaireachtála a chinntiú do dhaoine cleithiúnacha**

Is é cuspóir na hinfheistíochta tithíocht iomchuí a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar an méadú a mheastar a thiocfaidh ar an éileamh ar chúram institiúideach i ngeall ar aosú na sochaí.

Is éard atá i gceist leis an infheistíocht bonneagar tithíochta nua de 539 n-áit ar a laghad a thógáil i bhfoirm aonaid tithíochta neamhspleácha níos lú d'úsáideoirí cúraim fhadtéarmaigh a bhfuil cúram bunúsach, sóisialta agus leighis de dhíth orthu. Díreoidh sé ar dhálaí spásúla leordhóthanacha a sholáthar chun seirbhísí agus cláir phobail a sholáthar chun maireachtáil neamhspleách a chumasú agus eisiáimh sóisialta úsáideoirí a chosc, chun bainistiú éifeachtach na rioscaí a bhaineann le galair theagmhálacha a áirithiú, agus chun cóireáil ardcháilíochta agus shábháilte a chur ar fáil do dhaoine atá ag brath go mór ar chúnamh ó dhaoine eile.

Cuirfear an infheistíocht i gcrích faoin 30 Meitheamh 2026.

**O.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
203	C: Timpeallacht shábháilte mhaireachtála a chinntiú do dhaoine cleithiúnacha	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain chun saoráidí cúraim institiúidigh nua a thógáil	Dámhachtain a chur in iúl				R2	2023	Áiríteofar le tionscadail roghnaithe go mbeidh saoráidí cúraim institiúideacha nua i bhfoirm aonaid tithíochta neamhspleácha níos lú atá dírithe ar úsáideoirí cúraim fhadtéarmaigh a bhfuil cúram bunúsach, sóisialta agus leighis de dhíth orthu agus atá oiriúnaithe dá riachtanais, lena n-áiríteofar cóireáil ardcháilíochta agus shábháilte do dhaoine a bhfuil spleáchas mór acu. Comhlíonfaidh foirgnimh nua na ceanglais maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de.
204	C: Timpeallacht shábháilte mhaireachtála a chinntiú do dhaoine cleithiúnacha	Cuspóir sonrath	Áiteanna breise atá ar fáil i saoráidí cúraim institiúidigh		Líon	0	539	R2	2026	Oibreacha foirgníochta agus ceadúnas oibríochta críochnaithe a scaoileadh le haghaidh 539 n-áit bhreise i saoráidí cúraim institiúideacha i gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 203.

## **P. COMHCHUID 16: TITHÍOCHT INACMHAINNE**

Leis an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, tugtar aghaidh ar an nganntanas tithíochta poiblí ar cíós sa tSlóivéin. Tá sé thar a bheith deacair do dhaoine óga agus do theaghlaigh óga, do dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus do ghrúpaí imeallaithe eile rochtain a fháil ar thithíocht leordhóthanach.

Is iad cuspóirí na comhpháirte sin na coinníollacha a bhunú chun stoc na tithíochta poiblí ar cíós a mhéadú le hathchóiriú ar an mbeartas tithíochta agus infheistíochtaí gaolmhara in árasáin nua ar cíós agus chun árasáin fholmha atá ann cheana a fháil agus a athchóiriú. Laghdóidh sé sin costais tithíochta do na spriocghrúpaí, lena n-áirítear do dhaoine aonair agus do theaghlaigh atá díothach go sóisialta.

Tabharfaidh na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin aghaidh ar na Moltaí Tírshonracha atá dírithe ar an tSlóivéin in 2020 chun ‘athsholáthar leordhóthanach ioncaim agus cosaint shóisialta leordhóthanach a sholáthar’ (Moladh Tírshonrach 2, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

### **P.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

Ní áirítear sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine athchóirithe agus infheistíochtaí faoi thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta.

### **P.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

Ní áirítear sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine athchóirithe agus infheistíochtaí faoi thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta.

### **P.3. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí le haghaidh na hiasachta**

#### **Athchóiriú A: Stoc na tithíochta poiblí ar cíós a neartú**

Is é is cuspóir don athchóiriú líon na tithíochta poiblí ar cíós sa tSlóivéin a mhéadú go príomha do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus imeallaithe.

Is éard atá san athchóiriú teacht i bhfeidhm leasuithe ar Acht na dTithe lena gcomhchuibheofar leibhéal an chíos neamhbhrabúis ag cistí tithíochta poiblí agus lena gceadófar iasachtaíocht bhreise ó na cistí sin. Meastar go n-áiritheofar leis na leasuithe sin cobhsaíocht airgeadais fhadtéarmach na gcistí tithíochta poiblí sa tSlóivéin.

Bunófar leis na leasuithe freisin seirbhís cíosa phoiblí arb é is cuspóir di árasáin fholmha atá ann cheana atá faoi úinéireacht phríobháideach a fháil agus a athchóiriú chun críche tithíochta inacmhainne.

Ar an iomlán, meastar go n-éascóidh an t-athchóiriú tógáil 480 teaghais bhreise ar a laghad. S.

Tabharfar an gharsprioc agus an sprioc a bhaineann le cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

## Infheistíocht B: Tithíocht phoiblí ar cíós a sholáthar

Is é is cuspóir don infheistíocht easnamh na tithíochta poiblí ar cíós sa tSlóivéin a laghdú.

Is éard atá san infheistíocht 480 aonad tithíochta nua a thógáil. Roghnófar tionscadail na gcistí tithíochta bardasacha agus na n-eagraíochtaí tithíochta inacmhainne eile trí ghlaio iomaíoch ar thograí.

Beidh an gharsprioc agus na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme na hinfheistíochta críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

**P.4. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an iasacht**

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
205	A: Stoc na tithíochta poiblí ar cíos a neartú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe ar Acht na dTithe	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm leasuithe ar Acht na dTithe				R4	2021	Táthar ag súil go gcuirfidh na leasuithe ar Acht na dTithe cur chuige éifeachtach cothrom chun cinn maidir le soláthar tithíochta. Áireofar iontu nuashonrú ar leibhéal an chíos neamhbhrabúis agus an tionchar ar thionntaí atá i mbaol sóisialta á íoslaghdú ag an am céanna; an fhéidearthacht go bhfaigheadh cistí tithíochta poiblí tuilleadh iasachtaí, agus an fhéidearthacht stoc tithíochta atá ann cheana ach nach bhfuil áitithe a ghníomhachtú lena úsáid mar thithíocht phoiblí ar cíos.
207	B: Tithíocht phoiblí ar cíos a sholáthar	Garsprioc	Deontais a dhámhachtain chun tithíocht phoiblí ar cíos a sholáthar	Dámhachtain a chur in iúl				R2	2022	Áiritheofar leis na tionscadail roghnaithe go dtógfar teaghaisí nua ag a bhfuil meánachar dromchla idir 47 agus 58 m <sup>2</sup> . Ní úsáidfear na teaghaisí go léir ach amháin chun críche tithíochta poiblí ar cíos. Comhlíonfaidh foirgnimh nua na ceanglais maidir le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de.
208	B: Tithíocht phoiblí ar cíos a sholáthar	Cuspóir sonrach	Tithíocht phoiblí bhreise ar cíos teaghaisí		Líon	0	480	R4	2024	Oibreacha foirgníochta curtha i gcrích agus ceadanna úsáide arna n-eisiúint le haghaidh teaghaisí breise tithíochta poiblí ar cíos, i

Uimhir sheicheamhach	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
										<p>gcomhréir leis na ceanglais faoi gharsprioc 207.</p> <p>Beidh achar na dteaghaisí i gcomhréir leis na coinníollacha faoi na Rialacha maidir le tithíocht neamhbhrabúis a leithdháileadh (Iris Oifigiúil Phoblacht na Slóivéine Uimh. 14/04, 34/04, 62/06, 11/09, 81/11 agus 47/14) agus meastar go mbeidh an meánachar dromchla idir 47 agus 58 m<sup>2</sup>.</p>

## **R. COMHPHÁIRT 17: REPOWEREU**

Is é is cuspóir do chomhpháirt REPowerEU de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, go háirithe ón Rúis, agus dlús a chur leis an aistriú glas ar fud phríomhearnálacha an gheilleagair. Maidir le hinfheistíochtaí i ndícharbónú an tionscail agus sa ghréasán dáileacháin leictreachais, mar aon le hathchóiriú chun cur in úsáid níos tapúla foinsí in-athnuaite fuinnimh a éascú ar fud limistéir spásúla éagsúla (e.g. láithreáin mhianadóireachta, cois bóthair, dromchlaí uisce, díonta), meastar go gcuirfidh siad leis an méadú ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite sa mheascán fuinnimh. Ina theannta sin, meastar go rannchuideoidh infheistíocht i mbonneagar luchtaithe agus i bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair a laghdú.

As na ceithre infheistíocht, tá gné thrasteorann nó ilnáisiúnta ag baint le trí cinn díobh. Baineann an dá infheistíocht is mó a bhfuil gné thrasteorann nó ilnáisiúnta leo le dícharbónú na tionsclaíochta trí bhearta, amhail éifeachtúlacht fuinnimh agus leictriú, agus úsáid bonneagair breoslaí malartacha agus feithiclí astaíochtaí nialasacha, rud a rannchuidíonn leis an éileamh ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú. Ar an gcaoi chéanna, tá gné thrasteorann ag baint le hinfheistíocht in uasghrádú agus i leathnú na heangaí dáileacháin leictreachais, toisc go bhfuil sé d'aidhm aici nascadh na heangaí le sciar níos airde d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chumasú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

### **R.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

#### **Athchóiriú A: Beart méadaithe: Athchóiriú ar chur chun cinn foinsí in-athnuaite fuinnimh sa tSlóivéin**

Is é is cuspóir don athchóiriú seo imscaradh brostaithe suiteálacha fuinnimh in-athnuaite chun leictreachas a tháirgeadh a éascú tríd an athchóiriú A atá ann cheana ar Chomhpháirt 1 a mhéadú. Leis an athchóiriú méadaithe, bainfear bacainní rialála ar imscaradh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite (fótavoltachas gréine agus gaoth) i limistéir áirithe, amhail cois bóthair, dromchlaí uisce agus díonta. Thairis sin, saineofar san athchóiriú freisin na hinniúlachtaí agus na nósanna imeachta ar mhaithe le leas sáraitheach an phobail.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme le teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir le himscaradh suiteálacha chun leictreachas a tháirgeadh ó fhuinneamh in-athnuaite agus le glacadh Forairthne lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le suiteálacha fótavoltacha a shuíomh.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2024.

#### **Infheistíocht C: An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (gréasán meánvoltageis agus ísealvoltageis)**

Is é cuspóir na hinfheistíochta sin an gréasán dáileacháin leictreachais meánvoltageis agus ísealvoltageis a nuachóiriú agus nascadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a chumasú, chomh maith le teaschaidéil agus pointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha. Leis an infheistíocht, cuirfear digitiú an líonra chun cinn trí chórais rialaithe agus teicneolaíochtaí braite nua a chumhdach lena féidir faireachán,

tomhas, rialú cáilíochta nó bainistiú idirghníomhach agus cliste a dhéanamh ar ghiniúint, tarchur, dáileadh nó tomhaltas fuinnimh laistigh den líonra dáileacháin.

Mar thoradh ar an infheistíocht, beidh ar a laghad 227 gciliméadar ar fad líonra meánvoltais nua nó uasghrádaithe agus 613 chiliméadar ar a laghad ar líonra ísealvoltais nua nó uasghrádaithe.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

#### Infheistíocht D: Éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú an gheilleagair

Is é cuspóir na hinfeistíochta sin tacú le dícharbónú cuideachtaí trí raon beart féideartha, amhail (i) foinsí in-athnuaite fuinnimh a thabhairt isteach, próisis táirgthe a leictriú, (ii) fuinneamh agus stóráil teasa a chur in úsáid, agus (iii) feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh. Beidh 22 thionscadal ar a laghad curtha i gcrích mar thoradh ar chur chun feidhme na hinfeistíochta.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh. I gcás tacaíocht d'úsáid teicneolaíochtaí hidrigine, ní thabharfar tacaíocht ach do hidrigin in-athnuaite i gcomhréir le Treoir REPowerEU maidir leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (2023/C 80/01), Treoir (AE) 2018/2001 agus na gníomhartha tarmilgthe atá foilsithe faoi láthair. I gcás tacaíocht do theicneolaíochtaí úsáide bithmheatáin, ní thacófar ach le bithmheatán inbhuanaithe i gcomhréir le Treoraíocht REPowerEU maidir leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta (2023/C 80/01). Ní mór d'aon saoráid thionsclaíoch a úsáideann hidrigin déine réamh-mheasta astaíochtaí GCT a bhaint amach go mór faoi bhun thagarmharc CTA8.

Ina theannta sin, ní thacófar leis an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach<sup>9</sup>; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach déine réamh-mheasta astaíochtaí gás ceaptha

---

<sup>8</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

<sup>9</sup> Cé is moite de (a) tionscadaíl faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, ina n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise sealadach agus dosheachanta go teicniúil ina leith don aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

teasa nach bhfuil go mór faoi bhun na dtagarmharcanna ábhartha<sup>10</sup>; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola<sup>11</sup> agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla<sup>12</sup>.

Beidh cur chun feidhme an bhirt críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

### Infheistíocht E: Beart méadaithe: Imscaradh bonneagair breoslaí ionadúla san iompar a chur chun cinn

Is é is cuspóir don infheistíocht sin dlús a chur le forbairt margaidh le haghaidh breoslaí malartacha san iompar agus glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha sa tSlóivéin a mhéadú, agus ar an gcaoi sin soghluaisteacht ghlan nó aeráidneodrach a mhéadú i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2020/852. Chun an bhearna infheistíochta i mbonneagar breoslaí malartacha agus feithiclí astaíochtaí nialasacha a líonadh, tá an tSlóivéin ag uas-scálú Infheistíocht E de Chomhpháirt 4 trí bhonneagar athluchtaithe/athbhreoslaithe breise a imscaradh (le haghaidh feithiclí a athluchtú nó athbhreoslú hidrigine), chomh maith le gníomhaíochtaí chun soghluaisteacht le feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn. Áireofar na trí ghné seo a leanas san infheistíocht:

(a) Cuimseofar le treoirhionscadal — líne iompair phoiblí do phaisinéirí astaíochtaí nialasacha infheistíochtaí in 2 bhus faoi thiomáint hidrigine de 12 mhéadar agus 3 fheithicil leictreacha ar a laghad, (b) Scéim tacaíochta chun feithiclí astaíochtaí nialasacha a cheannach chun an flít príobháideach a nuachóiriú. Tar éis sheoladh na scéime, déanfar 3600 feithicil astaíochtaí nialasacha ar a laghad a chómhaoiniú.

(C) Cómhaoiniú a sholáthar chun bonneagair athluchtaithe nó athbhreoslaithe a imscaradh le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha a bheidh inrochtana don phobal nó faoi úinéireacht an riaracháin stáit. Áireofar sna bonneagair sin ar a laghad 770 gnáthphointe athluchtaithe nó mearphointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha. Cuirfear an infheistíocht chun feidhme trí ghlaó ar thograí lena n-áiríteofar dáileadh geografach leordhóthanach.

Beidh cur chun feidhme na hinfeistíochta críochnaithe faoin 30 Meitheamh 2026.

---

<sup>10</sup> I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, tabharfar míniú ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

<sup>11</sup> Níl feidhm ag an eisiáim sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscithe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

<sup>12</sup> Níl feidhm ag an eisiáim sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhrumhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhrumhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

**R.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**

Seq Nr	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
210	A: Athchóiriú ar chur chun cinn foinsí in-athnuaite fuinnimh sa tSlóivéin (méadaithe)	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh maidir le húsáid suiteálacha chun leictreachas a tháirgeadh ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh	Foráil sa Ghníomh lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R4	2023	Leis an nGníomh, bainfear bacainní rialála ar imscaradh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite (fótavoltachas gréine agus gaoth) i limistéir áirithe, amhail cois bóthair, dromchlaí uisce agus díonta. Thairis sin, saineofar leis an nGníomh na hinniúlachtaí agus na nósanna imeachta ar mhaithe le leas sáraitheach an phobail.
211	A: Athchóiriú ar chur chun cinn foinsí in-athnuaite fuinnimh sa tSlóivéin (méadaithe)	Garsprioc	Glacadh Forairhne lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le suiteálacha fótavoltacha a shuíomh	Foráil san fhorairhne lena léirítear an teacht i bhfeidhm				R2	2024	Sonrófar san Fhorairhne na rialacha maidir le suiteálacha fótavoltacha a shuíomh i limistéir amhail díonta, dromchlaí uisce agus cois bóthair.
214	C: An gréasán dáileacháin leictreachais a	Garsprioc	Seoladh glao ar thograí le haghaidh líonra	Foilsíú an ghlaio ar thograí				R2	2024	Foilsítear an glao ar thograí chun líonra dáileacháin leictreachais

Seq Nr	Beart gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	Bhliain	
	neartú (gréasán meánvoltais)		dáileacháin meánvoltais nua nó uasghrádaithe							meánvoltais nua nó uasghrádaithe a thógáil. Leis an infheistíocht, cuirfear digitiú an líonra chun cinn trí chórais rialaithe agus teicneolaíochtaí braite nua a chumhdach lenar féidir faireachán, tomhas, rialú cáilíochta nó bainistiú idirghníomhach agus cliste a dhéanamh ar ghiniúint, tarchur, dáileadh nó tomhaltas fuinnimh laistigh den líonra dáileacháin.  Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta go gcomhlíonfar an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).
